



Uimh. 27 de 2009

**AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS
TÍOLACTHA 2009**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú i gcoitinne.
4. Fógraí a sheirbheáil.
5. Rialacháin.
6. Cionta.
7. Caiteachais.
8. Leasuithe agus aisghairm.

CUID 2

ÚINÉIREACTH TALÚN

9. Úinéireacht agus deireadh a chur le tionacht fheodach.
10. Eastáit agus leasanna i dtalamh.
11. Srianta ar eastáit dhlíthiúla agus ar leasanna.
12. Toirmeasc ar dheontais feofheirme.
13. An feo sainoidhrithe a dhíothú.
14. Léasanna ar feadh saolta a thoirmeasc.

CUID 3

LEASANNA TODHCHAÍ

15. Leasanna todhchaí i dtalamh a oibriú.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus Tíolactha 2009.

16. Deireadh a chur le rialacha éagsúla.
17. Raon *alt 16*.

CUID 4

IONTAOBHAIS TALÚN

18. Iontaobhais talún.
19. Iontaobhaithe talún.
20. Cumhachtaí iontaobhaithe talún.
21. Tarshroicheadh chun ceannaitheoirí a chosaint.
22. Díospóidí a réiteach.

CUID 5

IONTAOBHAIS A ATHRÚ

23. Léiriú ar *Chuid 5*.
24. Dlínse na cúirte chun iontaobhais a athrú, etc.

CUID 6

CUMHACHTAÍ

25. Feidhm *Chuid 6*.
26. Cumhachtaí ceapacháin neamhthiomnacha a fhorghníomhú.
27. Cumhachtaí a scaoileadh.
28. Cumhachtaí a shéanadh.
29. Ceapacháin a dhéanamh bailí.

CUID 7

COMHÚINÉIREACHT

30. Téarbhadh aontaobhach nascthionóntachta.
31. Orduithe cúirte.
32. Comhlachtaí corpraithe.

CUID 8

CEARTA COMHGABHÁLACHA

CAIBIDIL 1

Éasúintí agus profits á prendre

33. Léiriú ar *Chaibidil 1*.
34. Deireadh a chur le modhanna áirithe forordaithe.
35. Éasúintí agus *profits à prendre* a fháil le forordú.

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [Uimh. 27.]
agus *Tíolactha* 2009.

36. Tionóntachtaí.
37. Éagumas.
38. Feidhm *ailt* 34 go 37.
39. Múchadh.
40. Deontas intuigthe.

CAIBIDIL 2

Cíosmhuirir

41. Cíosmhuirir áirithe a thoirmeasc.
42. Cíosmhuirir a fhorfheidhmiú.

CAIBIDIL 3

Idirdhéanmhais

43. Léiriú ar *Chaibidil* 3.
44. Cearta úinéara foirgnimh.
45. Orduithe oibreacha.
46. Téarmaí agus coinníollacha orduithe oibreacha.
47. Orduithe oibreacha a urscaoileadh nó a mhodhnú.

CAIBIDIL 4

Cúnaint ruílse

48. Léiriú ar *Chaibidil* 4.
49. Cúnaint ruílse a bheith infhorfheidhmithe.
50. Urscaoileadh agus modhnú.

CUID 9

CONARTHAÍ AGUS TÍOLACAIS

CAIBIDIL 1

Conarthaí a bhaineann le talamh

51. Fianaise i scríbhinn.
52. Leas tairbhiúil a aistriú.
53. An Riail in *Bain v. Fothergill* a chealú.
54. Ordú chun éarlais a thabhairt ar ais.
55. Toghairm díoltóra agus ceannaitheora.

CAIBIDIL 2

Teideal

56. Fréamh theidil.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus Tíolactha 2009.

57. Tionóntachtaí.
58. Coinníollacha eile teidil.
59. Ceannaitheoirí a chosaint.
60. Ceilt chalaioiseach agus falsú.
61. Fógra maidir le cearta ar chomhtheideal.

CAIBIDIL 3

Gníomhais agus a n-oibriú

62. Ní dhéanfar tíolacais ach amháin trí ghníomhas.
63. Eisceachtaí ó ghníomhais.
64. Foirmiúlachtaí le haghaidh gníomhas.
65. Eascróna ag comhlachtaí corpraithe.
66. Tíolacadh don duine féin.
67. Focail chinnteachta.
68. Leasanna áirithe a mhúchadh.
69. Forchoimeádais.
70. Sochar gníomhas.
71. Airíonna agus cearta a thíolactar i dteannta talún.
72. Ionstraimí forlfontacha.
73. Scaoileadh páirteach.
74. Diúscairtí calaoiseacha.

CAIBIDIL 4

Ábhair ghníomhas

75. Forléiriú ionstraimí.
76. Clásal maidir leis an eastát uile.
77. Admhálacha i ngníomhais.
78. Coinníollacha agus cúnaint nach intuigthe.
79. Raon *ailt 80* agus *81*.
80. Cúnaint le haghaidh teidil.
81. Cúnaint bhreise le haghaidh talún a chuimsítear i léas.
82. Cúnaint ag beirt duine nó níos mó, nó leo.
83. Cúnaint ag duine i gcomhpháirt le daoine eile.
84. Doiciméid a thabhairt ar aird agus a choimeád slán.

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún [Uimh. 27.]
agus Tíolactha 2009.*

85. Fógraí.

CAIBIDIL 5

Forálacha ginearálta

86. Srianta ar fhógra inchiallaithe.

87. Orduithe cúirte.

88. Rialacháin do *Chuid 9*.

CUID 10

MORGÁISTÍ

CAIBIDIL 1

Morgáistí a chruthú

89. Morgáistí dlíthiúla.

90. Staid an mhorgáisteora agus an mhorgáistí.

CAIBIDIL 2

Cumhachtaí agus cearta morgáisteora

91. Doiciméid teidil.

92. Srian le morgáistí áirithe a chomhdhlúthú.

93. Aistriú in ionad urscaoileadh.

94. Ordú cúirte le haghaidh díola.

95. Airleacain ar chomhchuntas.

CAIBIDIL 3

Oibleagáidí, cumhachtaí agus cearta morgáistí

96. Cumhachtaí agus cearta i gcoitinne.

97. Seilbh a ghlacadh.

98. Maoin thréigthe.

99. Morgáistí i seilbh.

100. Cumhacht díola.

101. Iarratais faoi *ailt 97* agus *100*.

102. Cumhachtaí teagmhasacha.

103. Oibleagáidí ar dhíol.

104. Tíolacas ar dhíol.

105. Ceannaitheoirí a chosaint.

106. Admhálacha morgáistí.

107. Fáltas ó dhíol a chur chun feidhme.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus Tíolactha 2009.

108. Glacadóir a cheapadh.
109. Airgead a fhaightear a chur chun feidhme.
110. Árachas.
111. Airleacain todhchaí.

CAIBIDIL 4

Léasanna agus géilleadh léasanna

112. Cumhachtaí léasaithe.
113. Cumhachtaí léasaithe a fheidhmiú.
114. Géilleadh.

CUID 11

MORGÁISTÍ BREITHIÚNAIS

115. Léiriú ar *Chuid 11*.
116. Morgáistí breithiúnais a chlárú.
117. Éifeacht cláraithe.
118. Morgáistí breithiúnais a mhúchadh.
119. Leasú ar alt 32 d'Acht 1957.

CUID 12

LIS PENDENS

120. Léiriú ar *Chuid 12*.
121. Clár de *lis pendens*.
122. Taifead sa chlár a chealú.
123. Ordú cúirte chun *lis pendens* a dhíchur.
124. Idirthréimhseach.
125. Ceannaitheoirí a chosaint.
126. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 1995.

CUID 13

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHLÁRÚ TEIDIL 1964

127. Leasú ar alt 3.
128. Alt nua a chur in ionad alt 25.
129. Leasú ar alt 69.
130. Leasú ar alt 71.

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún [Uimh. 27.]
agus Tíolactha 2009.*

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

131. Leiriú (*Cuid 14*).
132. Athbhreithniú ar chíos i gcásanna áirithe.
133. Deireadh a chur le cumhacht tionóntacht a urghabháil.

SCEIDEAL 1

LEASUITHE

SCEIDEAL 2

AISGHAIRM

CUID 1

REACHTANNA ÉIREANNACHA RÉAMH-AONTACHTA

CUID 2

REACHTANNA SHASANA

CUID 3

REACHTANNA NA BREATAINE MÓIRE 1707 GO 1800

CUID 4

REACHTANNA RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS NA
HÉIREANN 1801 GO 1922

CUID 5

ACHTANNA AN OIREACHTAIS

SCEIDEAL 3

CÚNAINT IS INTUIGTHE I DTÍOLACAIS

CUID 1

MÉID UALAIGH CÚNANT

CUID 2

CÚNAINT INTUIGTHE

CUID 3

CÚNAINT IS INTUIGTHE I DTÍOLACAIS

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

<i>Accumulations Act</i> 1892	55 & 56 Vic. c. 58
<i>Administration of Justice Act</i> 1707	6 Anne c. 10
An tAcht Féimheachta 1988	1988, Uimh. 27
<i>Bodies Corporate (Joint Tenancy) Act</i> 1899	62 & 63 Vic. c. 20
<i>Boundaries Act</i> 1721	8 Geo. 1 c. 5
An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	1989, Uimh. 17
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003	2003, Uimh. 1
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004	2004, Uimh. 21
An tAcht Carthanas 1961	1961, Uimh. 17
An tAcht Carthanas 1973	1973, Uimh. 13
An tAcht Carthanas 2009	2009, Uimh. 6
<i>Chief Rents Redemption (Ireland) Act</i> 1864	27 & 28 Vic. c. 38
An tAcht Cúirte Cuarda (Breithiúntaisí do Chlárú) 1937	1937, Uimh. 3
<i>Clandestine Mortgages Act</i> 1697	9 Will. 3 c. 11
<i>Commons Act</i> 1789	29 Geo. 3 c. 30
<i>Commons Act</i> 1791	31 Geo. 3 c. 38
Acht na gCuideachtaí 1963	1963, Uimh. 33
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995	1995, Uimh. 24
<i>Contingent Remainders Act</i> 1877	40 & 41 Vic. c. 33
<i>Conveyancing Act</i> 1634	10 Chas. 1 sess. 2 c. 3
<i>Conveyancing Act</i> 1881	44 & 45 Vic. c. 41
<i>Conveyancing Act</i> 1882	45 & 46 Vic. c. 39
<i>Conveyancing Act</i> 1911	1 & 2 Geo. 5 c. 37
<i>Conveyancing Acts 1881 to 1911</i>	
<i>Copyhold Act</i> 1843	6 & 7 Vic. c. 23
<i>Copyhold Act</i> 1844	7 & 8 Vic. c. 55
<i>Copyhold Act</i> 1852	15 & 16 Vic. c. 51
<i>Copyhold Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 94
<i>Copyhold Act</i> 1887	50 & 51 Vic. c. 73
<i>County Hospitals (Amendment) Act</i> 1767	7 Geo. 3 c. 8
<i>County Hospitals Act</i> 1765	5 Geo. 3 c. 20
<i>County Hospitals Act</i> 1777	17 & 18 Geo. 3 c. 15
Acht na gCúirteanna 1981	1981, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 1995	1995, Uimh. 31
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961	1961, Uimh. 39
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001	2001, Uimh. 50
<i>Crown Land Act</i> 1819	59 Geo. 3 c. 94
<i>Crown Land Revenues Act</i> 1854	17 & 18 Vic. c. 68
<i>Crown Lands Acts</i> 1823	4 Geo. 4 c. 18
<i>Crown Lands Act</i> 1825	6 Geo. 4 c. 17
<i>Crown Lands Act</i> 1841	5 Vic. c. 1
<i>Crown Lands Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 99
<i>Crown Lands Act</i> 1848	11 & 12 Vic. c. 102
<i>Crown Lands Act</i> 1851	14 & 15 Vic. c. 42
<i>Crown Lands Act</i> 1852	15 & 16 Vic. c. 62
<i>Crown Lands Act</i> 1853	16 & 17 Vic. c. 56

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [Uimh. 27.]
agus *Tíolactha* 2009.

<i>Crown Lands Act</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 62
<i>Crown Lands Act</i> 1873	36 & 37 Vic. c. 36
<i>Crown Lands Act</i> 1885	48 & 49 Vic. c. 79
<i>Crown Lands Act</i> 1894	57 & 58 Vic. c. 43
<i>Crown Lands Act</i> 1906	6 Edw. 7 c. 28
<i>Crown Lands Act</i> 1913	3 & 4 Geo. 5 c. 8
<i>Crown Lands (Ireland) Act</i> 1822	3 Geo. 4 c. 63
<i>Crown Private Estate Act</i> 1800	39 & 40 Geo. 3 c. 88
<i>Crown Private Estates Act</i> 1862	25 & 26 Vic. c. 37
<i>Crown Private Estates Act</i> 1873	36 & 37 Vic. c. 61
<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1842	5 & 6 Vic. c. 89
<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 69
<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1846	9 & 10 Vic. c. 4
<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1847	10 & 11 Vic. c. 79
<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1856	19 & 20 Vic. c. 62
<i>Drainage and Improvement of Land (Ireland) Act</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 40
<i>Drainage and Improvement of Land (Ireland) Act</i> 1892	55 & 56 Vic. c. 65
<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1853	16 & 17 Vic. c. 130
<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1855	18 & 19 Vic. c. 110
<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1864	27 & 28 Vic. c. 72
<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1878	41 & 42 Vic. c. 59
<i>Drainage and Improvement of Lands Act (Ireland)</i> 1863	26 & 27 Vic. c. 88
<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland)</i> 1865	28 & 29 Vic. c. 52
<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act, Ireland</i> 1869	32 & 33 Vic. c. 72
<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland)</i> 1872	35 & 36 Vic. c. 31
<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland)</i> 1874	37 & 38 Vic. c. 32
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act Ireland</i> 1864	27 & 28 Vic. c. 107
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (No. 2 Ireland)</i> 1865	28 & 29 Vic. c. 53
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland)</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 61
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland)</i> 1867	30 & 31 Vic. c. 43
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland) (No. 2)</i> 1867	30 & 31 Vic. c. 139
<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland) (No. 3)</i> 1867	31 & 32 Vic. c. 3
<i>Drainage Maintenance Act</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 49
<i>Ecclesiastical Lands Act</i> 1634	10 & 11 Chas. 1 c. 3
<i>Ecclesiastical Lands Act</i> 1795	35 Geo. 3 c. 23
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach 2000	2000, Uimh. 27
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh 1976	1976, Uimh. 27
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh 1995	1995, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996	1996, Uimh. 33
<i>Fee-Farm Rents (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vic. c. 20
<i>Fines and Recoveries (Ireland) Act</i> 1834	4 & 5 Will. 4 c. 92
<i>Fines and Recoveries Act</i> 1833	3 & 4 Will. 4 c. 86
<i>Forfeiture Act</i> 1639	15 Chas. 1 c. 3

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
<i>Hospitals Act</i> 1761	1 Geo. 3 c. 8
Acht na dTithe 1966	1966, Uimh. 21
Acht na dTithe (Gaeltacht) 1929	1929, Uimh. 41
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992	1992, Uimh. 18
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002	2002, Uimh. 9
Acht na dTithe (Teaghaisí Priobháideacha ar Cíos) 1982	1982, Uimh. 6
<i>Illusory Appointments Act</i> 1830	11 Geo. 4 & 1 Will. 4c. 46
<i>Improvement of Land Act</i> 1864	27 & 28 Vic. c. 114
<i>Improvement of Land Act</i> 1899	62 & 63 Vic. c. 46
<i>Inheritance Act</i> 1833	3 & 4 Will. 4 c. 106
An tAcht Léiriúcháin 2005	2005, Uimh. 23
<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act</i> 1850	13 & 14 Vic. c. 29
<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 105
<i>Judgments (Ireland) Act</i> 1844	7 & 8 Vic. c. 90
<i>Judgments Registry (Ireland) Act</i> 1871	34 & 35 Vic. c. 72
<i>Land Debentures (Ireland) Act</i> 1865	28 & 29 Vic. c. 101
<i>Land Drainage Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 56
<i>Land Drainage Act (Ireland)</i> 1863	26 & 27 Vic. c. 26
<i>Landed Estates Court (Ireland) Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 72
<i>Landed Estates Court (Ireland) Act</i> 1861	24 & 25 Vic. c. 123
<i>Landed Estates Court Act</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 99
<i>Landed Property (Ireland) Improvement Act</i> 1860	23 & 24 Vic. c. 153
<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1847	10 & 11 Vic. c. 32
<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1849	12 & 13 Vic. c. 59
<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1852	15 & 16 Vic. c. 34
<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1862	25 & 26 Vic. c. 29
<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1866	29 & 30 Vic. c. 26
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú) 1980	1980, Uimh. 10
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 1967	1967, Uimh. 3
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú) 1980	1980, Uimh. 10
<i>Law of Property Amendment Act</i> 1859	22 & 23 Vic. c. 35
<i>Law of Property Amendment Act</i> 1860	23 & 24 Vic. c. 38
<i>Leases Act</i> 1849	12 & 13 Vic. c. 26
<i>Leases by Schools Act</i> 1781	21 & 22 Geo. 3 c. 27
<i>Leases by Schools Act</i> 1785	25 Geo. 3 c. 55
<i>Leases for Corn Mills Act</i> 1785	25 Geo. 3 c. 62
<i>Leases for Cotton Manufacture Act</i> 1800	40 Geo. 3 c. 90
<i>Leases for Lives Act</i> 1777	17 & 18 Geo. 3 c. 49
<i>Leases for Mills (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vic. c. 7
<i>Leases for Schools (Ireland) Act</i> 1881	44 & 45 Vic. c. 65
<i>Leasing Powers Act for Religious Worship in Ireland</i> 1855	18 & 19 Vic. c. 39
<i>Leasing Powers Amendment Act for Religious Purposes in Ireland Act</i> 1875	38 & 39 Vic. c. 11
<i>Life Estates Act</i> 1695	7 Will. 3 c. 8
<i>Limited Owners Reservoirs and Water Supply Further Facilities Act</i> 1877	40 & 41 Vic. c. 31
<i>Lis Pendens Act</i> 1867	30 & 31 Vic. c. 47
<i>Maintenance and Embracery Act</i> 1634	10 Chas. 1 sess. 3 c. 15

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [Uimh. 27.]
agus *Tíolactha* 2009.

An tAcht um Stádas Ban Pósta 1957	1957, Uimh. 5
An tAcht Forbairte Minearál 1940	1940, Uimh. 31
<i>Mines (Ireland) Act</i> 1806	46 Geo. 3 c. 71
<i>Mining Leases Act</i> 1723	10 Geo. 1 c. 5
<i>Mining Leases Act</i> 1741	15 Geo. 2 c. 10
<i>Mining Leases Act</i> 1749	23 Geo. 2 c. 9
<i>Mining Leases (Ireland) Act</i> 1848	11 & 12 Vic. c. 13
<i>Mortgage Debenture Act</i> 1865	28 & 29 Vic. c. 78
<i>Mortgagees Legal Costs Act</i> 1895	58 & 59 Vic. c. 25
<i>Partition Act</i> 1868	31 & 32 Vic. c. 40
<i>Partition Act</i> 1876	39 & 40 Vic. c. 17
Acht na bPinsean 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht Síor-Chistí (Clárú) 1933	1933, Uimh. 22
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	2000, Uimh. 30
<i>Plus Lands Act</i> 1703	2 Anne c. 8
<i>Powers of Appointment Act</i> 1874	37 & 38 Vic. c. 37
An tAcht um Chumhachtaí Aturnae 1996	1996, Uimh. 12
<i>Prescription Act</i> 1832	2 & 3 Will. 4 c. 71
<i>Prescription (Ireland) Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 42
<i>Public Money Drainage Act</i> 1850	13 & 14 Vic. c. 31
<i>Public Money Drainage Act</i> 1856	19 & 20 Vic. c. 9
<i>Real Property Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 106
An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006	2006, Uimh. 12
An tAcht um Chlárú Teidil 1964	1964, Uimh. 16
<i>Renewable Leasehold Conversion Act</i> 1849	12 & 13 Vic. c. 105
<i>Renewable Leaseholds Conversion (Ireland) Act</i> 1868	31 & 32 Vic. c. 62
<i>Renewal of Leases (Ireland) Act</i> 1838	1 & 2 Vic. c. 62
<i>Sales of Reversions Act</i> 1867	31 & 32 Vic. c. 4
<i>Satisfied Terms Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 112
<i>School Sites (Ireland) Act</i> 1810	50 Geo. 3 c. 33
<i>Settled Estates Act</i> 1877	40 & 41 Vic. c. 18
<i>Settled Land Act</i> 1882	45 & 46 Vic. c. 38
<i>Settled Land Act</i> 1884	47 & 48 Vic. c. 18
<i>Settled Land Act</i> 1889	52 & 53 Vic. c. 36
<i>Settled Land Act</i> 1890	53 & 54 Vic. c. 69
<i>Settled Land Acts (Amendment) Act</i> 1887	50 & 51 Vic. c. 30
<i>Settled Land Acts</i> 1882 to 1890	
<i>Settled Land (Ireland) Act</i> 1847	10 & 11 Vic. c. 46
<i>Sites for Schoolrooms Act</i> 1836	6 & 7 Will. 4 c. 70
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht Maoine Stáit 1954	1954, Uimh. 25
<i>Statute De Donis Conditionalibus</i> 1285	13 Edw. 1 Stat. Westmin. sec.c. 1
<i>Statute of Frauds</i> 1695	7 Will. 3 c. 12
Reacht na dTréimhsí 1957	1957, Uimh. 6
<i>Statute of Uses</i> 1634	10 Chas. 1 sess. 2 c. 1
<i>Statute Quia Emptores</i> 1290	18 Edw. 1 Stat. d'ni R. de t'ris, & c.
An tAcht Comharbais 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus Tíolactha 2009.

<i>Tenantry Act 1779</i>	19 & 20 Geo. 3 c. 30
<i>Tenures Abolition Act 1662</i>	14 & 15 Chas. 2 sess. 4 c. 19
<i>Timber Act 1735</i>	9 Geo. 2 c. 7
<i>Timber Act 1765</i>	5 Geo. 3 c. 17
<i>Timber Act 1767</i>	7 Geo. 3 c. 20
<i>Timber Act 1775</i>	15 & 16 Geo. 3 c. 26
<i>Timber Act 1777</i>	17 & 18 Geo. 3 c. 35
<i>Timber Act 1783</i>	23 & 24 Geo. 3 c. 39
<i>Timber (Ireland) Act 1888</i>	51 & 52 Vic. c. 37
<i>Tithe Arrears (Ireland) Act 1839</i>	2 & 3 Vic. c. 3
<i>Tithe Rentcharge (Ireland) Act 1838</i>	1 & 2 Vic. c. 109
<i>Tithe Rentcharge (Ireland) Act 1848</i>	11 & 12 Vic. c. 80
<i>Tithes Act 1835</i>	5 & 6 Will. 4 c. 74
<i>Tithing of Turnips Act 1835</i>	5 & 6 Will. 4 c. 75
<i>Trustee Act 1893</i>	56 & 57 Vic. c. 53
<i>An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989</i>	1989, Uimh. 21
<i>Vendor and Purchaser Act 1874</i>	37 & 38 Vic. c. 78
<i>Voluntary Conveyances Act 1893</i>	56 & 57 Vic. c. 21

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [Uimh. 27.]
agus *Tíolactha* 2009.

GIORRUITHE IMILL

AJA 1707	<i>Administration of Justice Act</i> 1707	6 Anne c. 10
BC(JT) A 1899	<i>Bodies Corporate (Joint Tenancy) Act</i> 1899	62 & 63 Vic. c. 20
CA 1634	<i>Conveyancing Act</i> 1634	10 Chas. 1 sess. 2 c. 3
CA 1881	<i>Conveyancing Act</i> 1881	44 & 45 Vic. c. 41
CA 1882	<i>Conveyancing Act</i> 1882	45 & 46 Vic. c. 39
CA 1911	<i>Conveyancing Act</i> 1911	1 & 2 Geo. 5 c. 37
IAA 1830	<i>Illusory Appointments Act</i> 1830	11 Geo. 4 & 1 Will. 4 c. 46
JA 1844	<i>Judgments (Ireland) Act</i> 1844	7 & 8 Vic. c. 90
JMA 1850	<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act</i> 1850	13 & 14 Vic. c. 29
JMA 1858	<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 105
JRA 1871	<i>Judgments Registry (Ireland) Act</i> 1871	34 & 35 Vic. c. 72
LEA 1695	<i>Life Estates Act</i> 1695	7 Will. 3 c. 8
LPA 1867	<i>Lis Pendens Act</i> 1867	30 & 31 Vic. c. 47
LPAA 1859	<i>Law of Property Amendment Act</i> 1859	22 & 23 Vic. c. 35
LPAA 1860	<i>Law of Property Amendment Act</i> 1860	23 & 24 Vic. c. 38
PA 1868	<i>Partition Act</i> 1868	31 & 32 Vic. c. 40
PA 1876	<i>Partition Act</i> 1876	39 & 40 Vic. c. 17
PA 1832	<i>Prescription Act</i> 1832	2 & 3 Will. 4 c. 71
PA 1858	<i>Prescription (Ireland) Act</i> 1858	21 & 22 Vic. c. 42
PAA 1874	<i>Powers of Appointment Act</i> 1874	37 & 38 Vic. c. 37
RPA 1845	<i>Real Property Act</i> 1845	8 & 9 Vic. c. 106
SF 1695	<i>Statute of Frauds</i> 1695	7 Will. 3 c. 12
SQE 1290	<i>Statute Quia Emptores</i> 1290	18 Edw. 1 Stat. d'ni R. de t'ris, & c.
SLA 1882	<i>Settled Land Act</i> 1882	45 & 46 Vic. c. 38
SU 1634	<i>Statute of Uses</i> 1634	10 Chas. 1 sess. 2 c. 1
VCA 1893	<i>Voluntary Conveyances Act</i> 1893	56 & 57 Vic. c. 21
VPA 1874	<i>Vendor and Purchaser Act</i> 1874	37 & 38 Vic. c. 78



Uimhir 27 de 2009

**AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS
TÍOLACTHA 2009**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN DLÍ TALÚN AGUS MAIDIR LE TÍOLACADH A ATHCHÓIRIÚ AGUS A NUACHÓIRIÚ, D' AISGHAIRM ACHTACHÁN ATÁ TITE AS FEIDHM, NEAMHRIACHTANACH NÓ GAN TAIRBHE IN IMTHOSCA NUA-AIMSEARHA, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hIONTAOBHAIS A ATHRÚ, DO NUACHÓIRIÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE *LIS PENDENS*, DO LEASÚ NA nACHTANNA UM CHLÁRÚ GNÍOMHAS AGUS TEIDIL 1964 AGUS 2006 AGUS ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE AGUS LE hAGHAIDH NITHE GAOLMHARA.

[21 Iúil, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—Féadfar an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha Gearrtheideal. 2009 a ghairm den Acht seo.

2.—Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla. Tosach feidhme.

3.—San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú i gcoitinne.
ciallaíonn “Acht 1957” Reacht na dTréimhsí 1957;
ciallaíonn “Acht 1963” Acht na gCuideachtaí 1963;
ciallaíonn “Acht 1964” an tAcht um Chlárú Teidil 1964;
ciallaíonn “Acht 1965” an tAcht Comharbais 1965;

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

ciallaíonn “Acht 1976” an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh 1976;

ciallaíonn “Acht 1988” an tAcht Féimheachta 1988;

ciallaíonn “Acht 1989” an tAcht Cumann Foirgníochta 1989;

ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh 1995;

ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996;

ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000;

ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht Léiriúcháin 2005;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006;

tá le “aontú” an bhrí a thugtar dó le halt 53 d’Acht 1965;

folaíonn “toiliú” comhaontú, ceadúnas agus cead;

folaíonn “tíolacas” ceapachán, aontú, sannadh, muirear, séanadh, léas, morgáiste, scaoileadh, géilleadh, aistriú, deimhniú dílseacháin, dearbhú dílseacháin, ordú dílseacháin agus gach aon fhorchinntiú eile ar mhodh ionstraimse seachas uacht; agus léifear “tíolacadh” dá réir sin;

ciallaíonn “an chúirt”—

(a) an Ard-Chúirt, nó

(b) an Chúirt Chuarda nuair a bheidh an dlínse a thugtar di leis an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Ilghnéitheacha) 1961 á feidhmiú aici;

folaíonn “cúnant” comhaontú, coinníoll, forchoimeád agus cuntar;

tá le “gníomhas” an bhrí a thugtar dó le *halt 64(2)*;

tá le “forbairt” an bhrí a thugtar dó le halt 3 d’Acht 2000;

tá le “plean forbartha” an bhrí a thugtar dó le halt 3(1) d’Acht 2000;

folaíonn “diúscairt” tíolacas agus réadtiomnú, tiomnú nó ceapachán maoine le huacht agus léifear “a dhiúscairt” dá réir sin;

tá le “forbairt dhíolmhaithe” an bhrí a thugtar dó le halt 4 d’Acht 2000;

ciallaíonn “deontas feofheirme”—

(a) aon deontas feo shimplí, nó

(b) aon léas go deo nó go suthaineacht,

lena ndéantar cíos suthain a fhorchoimeád nó a mhuirearú, cibé acu a chruthaítear nó nach gcruthaítear comhbhainteachas tiarna talún agus tionónta idir an deontóir agus an deontáí, agus foláíonn sé fodheontas feofheirme;

tá le “cúnant ruilse” an bhrí a thugtar dó le *halt 48*;

tá le “eastát ruilse” an bhrí a thugtar dó le *halt 11(2)*;

tá le “iasacht tithíochta” an bhrí a thugtar dó le halt 2(1) den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, arna ionadú le halt 33 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004, agus le Cuid 12 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht sin, agus ciallaíonn “morgáiste iasachta tithíochta” morgáiste chun iasacht tithíochta a urrasú.

folaíonn “eire” blianacht, muirear, lian, morgáiste, cion agus iontaobhas chun suim bhliantúil nó suim chaipitiúil a áirithiú; agus léifear “eireadóir” dá réir sin agus folaíonn sé gach duine a bheidh i dteideal sochair eire nó i dteideal a cheangal go ndéanfar é a íoc nó a urscaoileadh;

folaíonn “ionstraim” gníomhas, uacht, nó doiciméad eile i scríbhinn, agus faisnéis i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm neamh-inléite eile ar féidir í a athrú ina doiciméad den sórt sin, ach ní fholaíonn sé foráil reachtúil;

ciallaíonn “morgáiste breithiúnais” morgáiste arna chlárú ag creidiúnaí faoi *alt 116*;

folaíonn “talamh”—

- (a) aon eastát nó leas i dtalamh nó ar thalamh, corprach nó neamhchorprach,
- (b) mianaigh, mianraí agus substaintí eile san fhostratam faoin dromchla, cibé acu atá nó nach bhfuil siad ar úinéireacht i gcisil chothrománacha, ingearacha nó i gcisil eile ar leith ó dhromchla na talún,
- (c) talamh faoi uisce,
- (d) foirgnimh nó déanmhais d’aon chineál ar thalamh agus aon chuid díobh, cibé acu is go cothrománach, go hingearach nó ar aon slí eile a dhéantar an roinnt,
- (e) an t-aerspás os cionn dromchla talún nó os cionn aon fhoirgnimh nó déanmhais ar thalamh ar féidir foirgneamh nó déanmhas a bheith ann, nó a raibh foirgneamh nó déanmhas ann roimhe sin, agus aon chuid den aerspás sin, cibé acu is go cothrománach, go hingearach nó ar shlí eile a dhéantar an roinnt,
- (f) aon chuid de thalamh;

tá le “Clárlann na Talún” an bhrí a thugtar dó le halt 7 d’Acht 1964;

ciallaíonn “tiarna talún” an duine, lena n-áirítear fothiarna talún, atá i dteideal an eastáit dhlíthiúil atá díreach os cionn tionóntachta;

ciallaíonn “léas” ionstraim lena gcruthaítear tionóntacht; agus ciallaíonn “léasú” tionóntacht a dheonú le hionstraim;

tá le “eastát dlíthiúil” an bhrí a thugtar dó le *halt 11(1)*;

tá le “leas dlíthiúil” an bhrí a thugtar dó le *halt 11(4)*;

ciallaíonn “léasaí” an duine, lena n-áirítear foléasaí, dá bhfuil tionóntacht arna chruthú le léas dílsithe;

ciallaíonn “léasóir” an duine, lena n-áirítear foléasóir, atá i dteideal an eastáit dhlíthiúil atá díreach os cionn tionóntachta arna cruthú le léas;

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

folaíonn “morgáiste” aon mhuirear nó lian ar aon mhaoin chun airgead nó luach airgid a urrú;

folaíonn “morgáistí” aon duine ag a bhfuil sochar muirir nó liain agus aon duine a fhaigheann teideal chun an mhorgáiste faoin morgáistí bunaidh;

folaíonn “morgáisteoir” aon duine a fhaigheann teideal chun na maoin morgáistithe faoin morgáisteoir bunaidh nó atá i dteideal an morgáiste a fhuascailt;

folaíonn “fógra” fógra inchiallaithe;

ciallaíonn “ionadaí pearsanta” seiceadóir nó banseiceadóir nó riarthóir nó banriarthóir duine éagtha de thuras na huaire;

ciallaíonn “cead pleanála” cead is gá faoi Chuid III d’Acht 2000;

folaíonn “seilbh” cíosanna agus brabúis, más ann, a fháil nó an ceart chun iad a fháil;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin a dhéanfar faoi *alt* 5;

ciallaíonn “maoin” aon mhaoin réadach nó phearsanta nó aon chuid nó teaghlaim de mhaoin den sórt sin;

tá le “Údarás Clárúcháin Maoine” an bhrí a thugtar dó le halt 9 d’Acht 2006;

ciallaíonn “ceannaitheoir” sannaí, muirearóir, deontaí, léasaí, morgáistí nó duine eile a fhaigheann talamh ar chomaoin luachmhar; agus léifear “a cheannach” dá réir sin;

tá le “talamh cláraithe” an bhrí a thugtar dó le halt 3(1) d’Acht 1964;

tá le “Clárlann na nGníomhas” an bhrí a thugtar dó le halt 33 d’Acht 2006;

folaíonn “cíos” cíos is iníoctha faoi thionóntacht nó cíosmhuirear, nó íocaíocht eile in airgead nó i luach airgid nó aon chomaoin eile, atá ar forchoimeád nó ag eisiúint as talamh nó atá muirearaithe ar thalamh, ach ní fholaíonn sé ús;

ciallaíonn “cíosmhuirear” aon suim bhliantúil nó thréimhsiúil atá muirearaithe ar thalamh nó ag eisiúint aisti, seachas—

(a) cíos is iníoctha faoi thionóntacht, agus

(b) ús;

ciallaíonn “ceart chun dul isteach” ceart chun seilbh a ghlacadh ar thalamh nó ar a hioncam agus an tseilbh nó an t-ioncam sin a choimeád go dtí go gcomhlíonfar oibleagáid éigin;

ciallaíonn “ceart athiontrála” ceart chun eastát an úinéara dhlíthiúil sa talamh a fhorghéilleadh;

tá le “socráíocht dhian” an bhrí a shanntar dó le *halt* 18(1)(a);

folaíonn “fothionóntacht” fo-fhothionónacht; agus léifear “fothionónta” dá réir sin;

ciallaíonn “tionóntacht” an t-eastát nó an leas a eascraíonn as comhbhainteachas tiarna talún agus tionónta cibé slí a chruthaítear é ach ní fholáíonn sé tionóntacht ar toil nó trí fhulangacht;

ciallaíonn “tionónta” an duine, lena n-áirítear fothionónta, dá ndílsítear tionóntacht;

tá le “corparáid iontaobhais” an bhrí a shanntar dó le halt 30(4) d’Acht 1965;

tá le “iontaobhas talún” an bhrí a shanntar dó le *halt 18(1)*;

tá le “talamh neamhchláraithe” an bhrí a shanntar dó le halt 3(1) d’Acht 1964;

ní fholáíonn “comaoin luachmhar” pósadh ná comaoin ainmniúil in airgead;

foláíonn “uacht” codaisíl.

4.—(1) Aon fhógra a údaraítear nó a cheanglaítear a thabhairt nó a sheirbheáil leis an Acht seo, nó faoi, déanfar, faoi réir *fho-alt (2)*, é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus féadfar é a thabhairt don duine nó a sheirbheáil ar an duine ar cheann de na slí seo a leanas:

Fógraí a sheirbheáil.

[CA 1881, a. 67]

- (a) trína sheachadadh ar an duine; nó
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin; nó
- (c) trína chur leis an bpost i litir réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin; nó
- (d) i gcás ina mbaineann an fógra le foirgneamh a bhfuil an duine bainteach leis, agus gur dealraitheach nach bhfuil an foirgneamh á áitiú iarbhír ag aon duine, trína ghreamú in áit fheiceálach ar an taobh amuigh den fhoirgneamh nó den mhaoin ina bhfuil an foirgneamh; nó
- (e) i gcás a chomhaontú nó a comhaontú a bheith tugtha ag an duine lena mbaineann le seirbheáil fógraí ar mhodh cumarsáide leictreonaí (de réir na brí a thugtar dó le halt 2 den Acht um Thráchtáil Leictreonach 2000) chuig an duine sin (ar seolaí é nó í de réir na brí a thugtar dó leis an alt sin) agus ar choinníoll go mbeidh saoráid ann chun fáil poist leictreonaigh a dhaingniú agus go mbeidh an fháil sin arna daingniú, ansin ar an modh sin; nó
- (f) trína chur le hinneall macasamhla chuig feiste nó saoráid chun macasamhla a ghlacadh atá suite ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí tugtha ag an duine, ag an seoladh sin, ar choinníoll go ndéanann inneall macasamhla an tseoltóra

teachtaireacht a ghiniúint ina ndaingnítear go ndearnadh líon iomlán leathanach an fhógra a tharchur go rathúil; nó

(g) trí aon mhodh eile a fhorordófar.

(2) I gcás ina mbeidh an fógra lena mbaineann le seirbheáil ar dhuine nó le tabhairt do dhuine arb é nó í úinéir, tiarna talún, tionónta nó áititheoir foirgnimh é nó í agus nach féidir ainm an duine a fháil amach le fiosrú réasúnach, féadfar é a dhíriú chuig an duine ag an bhfoirgneamh sin trí na focail “an t-úinéir”, “an tiarna talún”, “an tionónta” nó “an t-áititheoir” nó trí thuairisc eile dá samhail, de réir mar is gá sa chás, a úsáid.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(4) I gcás ina ndéanfar fógra, a cheanglaítear nó a údaraítear a sheirbheáil nó a thabhairt leis an Acht seo nó faoi, a sheirbheáil nó a thabhairt thar ceann duine, measfar go ndearna an duine sin an fógra a sheirbheáil nó a thabhairt.

(5) Ní dhéanfaidh duine, aon tráth le linn na tréimhse 3 mhí tar éis an fógra a ghreamú faoi *fho-alt (1)(d)*, an fógra a thabhairt chun síúil, a dhamáistiú nó a aghlot gan údarás dleathach.

(6) Aon duine a sháróidh go feasach *fo-alt (5)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Rialacháin.

5.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

(a) chun aon chríche a bhforáiltear do rialacháin i ndáil léi le haon fhoráil de chuid an Achta seo,

(b) chun aon ní nó rud a fhorordú dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú,

(c) i gcoitinne d’fhonn éifeacht a thabhairt don Acht seo.

(2) Leagfar rialachán faoi *fho-alt (1)*, faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(3) (a) Más rud é go dtarlóidh aon deacracht ar aon bhealach i rith na tréimhse 5 bliana tar éis thosach feidhme aon fhorála den Acht seo (lena n-áirítear foráil lena leasaítear Acht eile) maidir leis an bhforáil nó leis an Acht arna leasú a thabhairt i ngníomh nó maidir le lánéifeacht a thabhairt don chéanna, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh ar dealraitheach gur gá nó gur fóirsteanach é chun deireadh a chur leis an deacracht sin.

(b) I *mír (a)* aon tagairt d’Acht eile is tagairt í d’Acht a thagann faoi réim mhír (a) nó (b) den mhíniú ar “Acht” in alt 2(1) d’Acht 2005.

(4) Féadfar le rialacháin faoi *fho-alt* (3), a mhéid amháin is dealraitheach gur gá é chun deireadh a chur leis an deacracht sin, foráil dá dtagraítear san *fho-alt* sin a mhodhnú ar choinníoll go bhfuil an modhnú sin i gcomhréir le críocha, prionsabail agus meon an Achta seo.

(5) I gcás go mbeartaíonn an tAire rialacháin a dhéanamh faoi *fho-alt* (3)—

(a) rachaidh sé nó sí, sula ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh, i gcomhairle le cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas i ndáil leis na rialacháin atá beartaithe, agus

(b) cuirfidh sé nó sí faoi deara dréacht de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(6) Féadfaidh cibé forálacha iarmhartacha, forlíontacha agus coimhdeacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach a bheith i rialachán faoin alt seo.

6.—(1) Aon duine a chiontófar i gcion faoin Acht seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi. Cionta.

(2) Féadfar imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de bhliain amháin ó dháta an chiona.

(3) I gcás ina gciontófar duine i gcion faoin Acht seo déanfaidh an Chúirt Dúiche, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine go n-íocfaidh sé nó sí na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gCúirt, a tabhaíodh i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona.

7.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

8.—(1) Déantar gach foráil a shonraítear i *gcolún* (2) de *Sceideal I* os coinne an lua i *gcolún* (1) den *Sceideal* sin d'achtachán a leasú ar an modh a shonraítear i *gcolún* (3). Leasuithe agus aisghairm.

(2) Faoi réir *fho-alt* (1), agus gan dochar d'alt 26(2)(f) d'Acht 2005—

(a) déanfar aon tagairt in achtachán—

(i) do na *Settled Land Acts*, 1882 go 1890,

(ii) d'Acht a fholáitear sa chomhlua sin, nó

(iii) d'aon fhoráil de chuid Achta den sórt sin,

a fhorléiriú mar thagairt don Acht seo nó don fhoráil choibhéiseach nó ionaid den Acht seo, de réir mar is cuí,

(b) déanfar aon tagairt in achtachán—

(i) do na *Conveyancing Acts* 1881 go 1911, nó

(ii) d’Acht (seachas Acht a aisghairtear leis an Acht seo) a fholáitear sa chomhlua sin,

a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn tagairt don Acht seo, agus

(c) déanfar aon tagairt in achtachán—

(i) d’Acht a fholáitear sa chomhlua “na *Conveyancing Acts* 1881 go 1911” agus a aisghairtear leis an Acht seo, nó

(ii) d’aon fhoráil áirithe d’Acht den sórt sin,

a fhorléiriú mar thagairt don Acht seo nó don fhoráil choibhéiseach nó ionaid den Acht seo.

(3) Aisghairtear gach achtachán a shonraítear i *gcolún* (2) de *Sceideal 2* a mhéid a shonraítear i *gcolún* (3) den *Sceideal* sin.

CUID 2

ÚINÉIREACHT TALÚN

Úinéireacht agus deireadh a chur le tionacht fheodach.

9.—(1) Cuimsíonn úinéireacht talún, ó thosach feidhme na Coda seo, na heastáit agus na leasanna a shonraítear sa Chuid seo.

(2) A mhéid a mhaireann sí, cuirtear deireadh le tionacht fheodach.

(3) Ní dhéanann *fo-alt* (2) difear—

(a) do staid an Stáit—

(i) faoin Acht Maoine Stáit 1954,

(ii) faoi alt 73 d’Acht 1965,

(b) do choincheap an eastáit faoi *alt 10*,

(c) d’aon deontas feofheirme a dhéanfar de mhaolú ar an *Statute Quia Emptores* 1290,

(d) d’aon cheart gnách nó d’aon díolúine ghnách, atá ar marthain.

[SQE 1290]

(4) Tá feo simplí inchoimhthithe gan bhac i gcónaí.

Eastáit agus leasanna i dtalamh.

10.—(1) Coinnítear coincheap an eastáit i dtalamh, agus faoi réir an Achta seo, leanann sé, fairis na leasanna a shonraítear sa Chuid seo, de chineál agus méid úinéireachta talún a chur in iúl.

(2) Coinníonn eastát den sórt sin na saintréithe a bhain leis cheana, ach sin gan aon teagmhais tionachta.

(3) Déanfar gach tagairt in aon achtachán nó in aon ionstraim (cibé acu a rinneadh nó a forghníomhaíodh é nó í roimh thosach feidhme na Coda seo nó dá éis) do thionacht nó d'eastáit nó do leasanna i dtalamh, nó do shealbhóir aon eastáit nó aon leasa den sórt sin a léamh dá réir sin.

11.—(1) Is iad na heastáit ruilse agus na heastáit léasacha a shonraítear leis an alt seo amháin na heastáit dhlíthiúla i dtalamh a fhéadfar a chruthú nó a dhiúscairt. Srianta ar eastáit dhlíthiúla agus ar leasanna.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, ciallaíonn “eastát ruilse” feo simplí seilbhe agus folaíonn sé—

- (a) feo infhoirceanta,
- (b) feo simplí faoi réir cirt chun dul isteach nó cirt athiontrála,
- (c) feo simplí faoi réir na nithe seo a leanas amháin—
 - (i) cumhacht chúlghairme,
 - (ii) blianacht nó íocaíocht eile caipitil nó ioncain le haghaidh réamhshocrú nó cothabháil aon duine nó chun sochair dó nó di, nó
 - (iii) ceart cónaithe nach ceart eisiach thar an talamh iomlán.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, ciallaíonn “eastát léasach”, faoi réir *ailt 12* agus *14*, an t-eastát a éiríonn tráth a chruthaítear tionóntacht go ceann aon tréimhse ama nó aon tréimhse aisfhilltí agus is cuma cé acu—

- (a) a ghlacann sé nó nach nglacann sé éifeacht i seilbh láithreach nó sa todhchaí, nó
- (b) atá sé nó nach bhfuil sé faoi réir eastáit dhlíthiúil eile nó leasa dhlíthiúil eile, nó
- (c) an eastát é go ceann téarma atá neamhchinnte nó a dhlífear a fhoirceannadh trí fhógra, athiontráil nó trí fheidhmiú dlí nó de bhua forála chun scoir ar fhuascailt nó ar aon chúis eile nó nach ea.

(4) Is iad na leasanna dlíthiúla i dtalamh seo a leanas amháin a fhéadfar a chruthú nó a dhiúscairt—

- (a) éasúint,
- (b) cúnant ruilse,
- (c) eire,
- (d) cíos is iníoctha faoi thionóntacht,
- (e) féidearthacht frithdhílse,
- (f) *profit à prendre*, lena n-áirítear ceart mianadóireachta,
- (g) ceart poiblí nó ceart gnách,
- (h) cíosmhuirear,

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

- (i) ceart chun dul isteach nó ceart athiontrála a bheidh ag gabháil le heastát dlíthiúil,
- (j) cead slí nó cead eile chun cáblaí, píopaí, sreanga nó seoladáin eile a leagan,
- (k) aon leas dlíthiúil eile a chruthaítear le haon fhoráil reachtúil.

(5) Faoi réir an Achta seo, tá na tréithe céanna ag eastát dlíthiúil nó leas dlíthiúil faoin alt seo a bhí ag na heastáit dhlíthiúla agus na leasanna dlíthiúla comhréireacha a bhí ar marthain tráth thosach feidhme na Coda seo agus féadfaidh siad a bheith ar marthain i gcomhthráth le haon eastát nó leas dlíthiúil eile sa talamh chéanna nó faoina réir.

(6) Faoi réir an Achta seo, is mar leasanna cothromais amháin a bheidh éifeacht le heastáit agus leasanna seachas na heastáit agus na leasanna dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1) go (4)*, ach ní choisceann sé sin na heastáit agus na leasanna dá dtagraítear sna fo-ailt sin a chruthú mar leasanna cothromais.

(7) Ní dhéanann aon ní san Acht seo difear d'aitheantas breithiúnach a thabhairt do leasanna cothromais.

(8) Faoi réir an Achta seo, maidir le cumhacht aturnae, cumhacht cheapacháin nó cumhacht eile chun eastát nó leas dlíthiúil i dtalamh a dhiúscairt oibríonn sí leis an bhfeidhm agus leis an éifeacht chéanna a bhí le cumhachtaí den sórt sin roimh thosach feidhme na Coda seo.

(9) Féadfar gach aon eastát agus leas i dtalamh, cibé atá sé dlíthiúil nó cothromasach, a dhiúscairt.

Toirmeasc ar
dheontais
feofheirme.

12.—(1) Toirmisctear deontas feofheirme a chruthú de réir dlí nó de réir cothromais.

(2) Aon ionstraim a fhorghníomhófar tar éis thosach feidhme na Coda seo agus a airbheartóidh—

- (a) deontas feofheirme a chruthú, nó
- (b) léas saoil nó saolta a dheonú ar léas é atá in-athnuaite go brách nó go ceann aon tréimhse is in-athnuaite go suthain,

dílseoidh sí feo simplí dlíthiúil nó, de réir mar a bheidh, feo simplí cothromais don deontaí nó don léasaí airbheartaithe agus oibreoidh aon chonradh le haghaidh deontais den sórt sin a dhéanfar tar éis an tosach feidhme sin mar chonradh le haghaidh dílsiú den sórt sin.

(3) Beidh feo simplí a dhílseofar faoi *fo-alt (2)* saortha agus urscaoilte ó aon chúnant nó foráil eile a bhaineann le cíós, ach leanfaidh gach cúnant eile nó gach foráil eile i bhfeidhm a mhéid a bheidh sé sin i gcomhréir le cineál feo shimplí.

(4) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le haon chonradh nó ionstraim lena dtabharfar éifeacht do chonradh arna dhéanamh roimh thosach feidhme na Coda seo.

(5) D'ainneoin *alt 11(2)*, aon fheo simplí arna theachtadh faoi dheontas feofheirme atá ann de réir dlí tráth thosach feidhme na

Coda seo leanann sé ar marthain mar eastát dlíthiúil agus féadfar é a dhiúscairt.

(6) D'ainneoin *alt 11(4)*, aon chíos feofheirme a bheidh ann de réir dlí tráth thosach feidhme na Coda seo leanfaidh sé de bheith ina leas dlíthiúil agus féadfar é a dhiúscairt.

13.—(1) Toirmiscear feo sainoidhrithe d'aon chineál, de réir dlí nó de réir cothromais, a chruthú.

An feo sainoidhrithe a dhíothú.

(2) Aon ionstraim a fhorghníomhófar tar éis thosach feidhme na Coda seo agus a n-airbheartófar go gcruthaítear feo sainoidhrithe léi i bhfabhar aon duine beidh feo simplí nó, de réir mar a bheidh, feo simplí cothromasach, dílsithe don duine sin léi agus aon chonradh le haghaidh cruthú den sórt sin a dhéanfar roimh an tosach feidhme sin nó ina dhiaidh oibreoidh sé mar chonradh le haghaidh dílsiú den sórt sin.

(3) Más rud é—

(a) díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, go raibh duine i dteideal feo shainoidhrithe de réir dlí nó de réir cothromais, nó

(b) tar éis an tosach feidhme sin, go dtiocfaidh duine chun bheith i dteideal feo shainoidhrithe den sórt sin,

dílseoidh feo simplí dlíthiúil nó, de réir mar a bheidh, feo simplí cothromasach don duine sin ar an tosach feidhme sin nó ar an duine sin a theacht chun bheith ina theideal amhlaidh ar choinníoll go mbeidh deireadh tagtha le haon tearmannaíocht.

(4) I *bhfo-alt (3)* folaíonn “feo sainoidhrithe”—

(a) feo teasctha, ar choinníoll go mbeidh deireadh tagtha leis an tearmannaíocht,

(b) feo teasctha arna chruthú trí mhainneachtain an gníomhas díshainoidhreach a rollú,

ach ní fholáíonn sé eastát tionónta shainoidhrigh tar éis éaga féidearthachta sleachta.

(5) Maidir le feo simplí a dhílsiú faoi *fho-alt (2)* nó faoi *fho-alt (3)*—

(a) ní bheidh sé faoi réir aon eastát nó leasanna arna dteorannú leis an ionstraim lena gcruthaítear an feo sainoidhrithe chun éifeacht a ghlacadh tar éis fhoirceannadh an fheo shainoidhrithe,

(b) beidh sé faoi réir aon eastát nó leasanna arna dteorannú chun éifeacht a ghlacadh do threascairt an fheo shainoidhrithe a bheadh bailí dá mbeidís arna dteorannú chun éifeacht a ghlacadh do threascairt feo shimplí.

14.—Maidir le léas a dheonú—

Léasanna ar feadh saolta a thoirmeasc.

(a) ar feadh saoil nó saolta,

- (b) ar feadh saoil nó saolta i gcomhcheangal le téarma comhthráthach nó téarma frithdhílse d'aon tréimhse,
- (c) ar feadh aon téarma a dtagann deireadh leis ar bhás duine nó daoine,

agus maidir le haon chonradh le haghaidh deontais den sórt sin arna dhéanamh tar éis thosach feidhme na Coda seo, beidh sé ar neamhní de réir dlí agus de réir cothromais araon.

CUID 3

LEASANNA TODHCHAÍ

Leasanna todhchaí i dtalamh a oibriú.

15.—(1) Faoi réir *fo-alt* (2), maidir le gach leas todhchaí i dtalamh, cibé dílsithe nó teagmhasach, ní ann dó ach amháin de réir cothromais.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1)—

- (a) maidir le féidearthacht frithdhílse, ná
- (b) maidir le ceart chun dul isteach nó ceart athiontrála atá ag gabháil le heastát dlíthiúil.

Deireadh a chur le rialacha éagsúla.

16.—Faoi réir *alt 17*, cuirtear deireadh leis na rialacha seo a leanas:

- (a) na rialacha ar a dtugtar rialacha fuill theagmhasaigh an dlí choitinn;
- (b) an riail ar a dtugtar an Riail in *Purefoy v. Rogers*;
- (c) an riail ar a dtugtar an Riail in *Whitby v. Mitchell* (ar a dtugtar, freisin, an tseanriail i gcoinne suthaineachtaí agus an riail i gcoinne féidearthachtaí dúbailte);
- (d) an riail i gcoinne suthaineachtaí;
- (e) an riail i gcoinne carnán.

Raon *alt 16*.

17.—Tá feidhm ag *alt 16* maidir le haon leas i maoin cibé tráth a cruthaíodh é ach ní bheidh feidhm aige más rud é, roimh thosach feidhme na Coda seo, ar iontaoibh leas den sórt sin a bheith neamhbhailí de bhua fheidhm aon cheann de na rialacha a gcuirtear deireadh leo leis an alt sin—

- (a) gur dáileadh an mhaoin nó gur déileáladh léi ar shlí eile, nó
- (b) go bhfuil aon ní déanta nó fágtha gan déanamh ag aon duine, is ní a fhágann staid an duine sin nó aon duine eile athraithe go hábhartha chun aimhleas an duine sin i ndiaidh thosach feidhme na Coda seo.

CUID 4

IONTAOBHAI TALÚN

18.—(1) Faoi réir na Coda seo, maidir le talamh—

Iontaobhais talún.

- (a) atá arna teorannú de thuras na huaire le hionstraim, cibé tráth a forghníomhaíodh í, do dhaoine ar mhodh comharbais gan iontaobhas (dá ngairtear “socraíocht dhian” sa Chuid seo) a idirshuíomh, nó
- (b) atá á sealbhú, cibé acu i dteannta maoinne eile nó d’éagmais maoinne eile, ar iontaobhas cibé tráth a éireoidh sé agus d’aon chineál ar bith, nó
- (c) a dhílsítear, cibé acu roimh thosach feidhme na Coda seo nó ina dhiaidh sin, do dhuine mionaoiseach,

[SLA 1882, ailt .2, 59, 60]

tá iontaobhas talún ann chun críocha na Coda seo.

(2) Chun críocha—

- (a) fho-alt (1)(a), tá socraíocht dhian ann i gcás nach ndéantar eastát nó leas i bhfrithdhílse nó i bhfuíoll a dhiúscairt agus go bhfillteann an céanna ar an socraitheoir nó ar chomharbaí i dteideal an tiomnóra, ach níl socraíocht dhian ann i gcás gur úinéir ar fheo simplí seilbhe duine,
- (b) fho-alt (1)(b), folaíonn iontaobhas iontaobhas sainráite, intuigthe, fillteach, inchiallaithe agus ainmniúil agus iontaobhas díola.

(3) Faoi réir na Coda seo, rialaítear iontaobhas talún de réir an dlí ghinearálta i dtaobh iontaobhas.

(4) Ní dhéanann comhshó eastáit saoil ina leas cothromais, agus ann sin amháin, difear do dhliteanas úinéara saoil i leith diomailte.

(5) Más rud é, mar gheall ar dhuine a bheith as láthair ón Stát nó eile, nach cinnte go ceann tréimhse 7 mbliana ar a laghad an bhfuil an duine beo a mbraitheann eastát nó leas ar a shaol nó ar a saol, leanfar de thiomhdiú go bhfuil an duine marbh. [LEA 1695]

(6) Más rud é go gcuirtear an toimhde sin i bhfeidhm maidir le duine ach go ndéantar í a fhrisnéis ina dhiaidh sin trína mhalairt a chruthú, féadfaidh an duine sin caingean a thionscnamh le haghaidh damáistí nó le haghaidh aon leighis eile mar gheall ar aon chaillteanas a bhain dó nó di.

(7) Le linn déileáil le caingean faoi *fho-alt (6)*, féadfaidh an chúirt cibé ordú a dhéanamh is dealraitheach di a bheith cóir agus cothromasach in imthosca an cháis.

(8) Toimhdeofar go bhfuil aois iomlán slánaithe ag aon pháirtí i dtíolacas, dáta an tíolacais, mura gcruthaítear a mhalairt.

(9) Níl feidhm ag an gCuid seo maidir le talamh a shealbhaítear go díreach chun críche carthanúla agus ní mar fhuíoll.

Iontaobhaithe talún. **19.**—(1) Is iad na daoine seo a leanas iontaobhaithe iontaobhais talún—
[SLA 1882, ailt 38, 39]

(a) i gcás socraíochta déine, más rud é—

- (i) go bhfuil sí ann i dtosach feidhme na Coda seo, an tionónta saoil de réir bhrí an *Settled Land Act* 1882 mar aon le haon iontaobhaithe ar an tsocraíocht chun críocha an Achta sin,
- (ii) go n-airbheartaítear gur cruthaíodh í tar éis thosach feidhme na Coda seo, na daoine a thiocfadh faoi réim *mhír* (b) dá ndéanfaí an ionstraim lena gruthaítear í a mheas mar ionstraim lena gruthaítear iontaobhas talún,

(b) i gcás iontaobhais talún arna chruthú go sainráite—

- (i) aon iontaobhaí arna ainmniú leis an ionstraim iontaobhais, ach, mura mbeidh aon duine den sórt sin ann, ansin,
- (ii) aon duine dá dtugtar leis an ionstraim iontaobhais cumhacht láithreach nó todhchaí chun an talamh a dhíol, nó cumhacht chun toiliú le feidhmiú cumhachta díola den sórt sin nó chun an céanna a cheadú, ach, mura mbeidh aon duine den sórt sin ann, ansin,
- (iii) aon duine a mbeidh cumhacht aige nó aici, faoin ionstraim iontaobhais nó faoin dlí ginearálta iontaobhas, chun iontaobhaí ar an talamh a cheapadh, ach, mura mbeidh aon duine den sórt sin ann, ansin,
- (iv) an socraitheoir nó, i gcás iontaobhais arna chruthú le huacht, ionadaí nó ionadaithe pearsanta an tiomnóra,

(c) i gcás talún atá dílsithe do mhionaoiseach roimh thosach feidhme na Coda seo nó a airbheartóidh a bheith dílsithe amhlaidh tar éis an tosach feidhme sin, na daoine a thiocfadh faoi réim *mhír* (b) dá ndéanfaí an ionstraim lena ndílsítear an talamh a mheas mar ionstraim lena gruthaítear iontaobhas talún,

(d) i gcás talún is ábhar d'iontaobhas intuigthe, fillteach, inchiallaithe nó ainmniúil, an duine dá bhfuil an teideal dlíthiúil chun na talún dílsithe.

(2) Chun críocha—

- (a) *fho-alt* (1)(a)(ii) agus (1)(c), folaíonn na tagairtí i *bhfo-alt*(1)(b) do “iontaobhaí” agus do “iontaobhaí ar an talamh” iontaobhaí ar an tsocraíocht,
- (b) *fho-alt* (1)(b)(iii) folaíonn cumhacht chun iontaobhaí a cheapadh cumhacht chun ceapachán a dhéanamh i gcás nach ndearnadh aon cheapachán roimhe sin.

(3) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do cheart aon duine ordú ón gcúirt a fháil lena gceaptar iontaobhaí talún nó lena ndílsítear talamh do dhuine mar iontaobhaí.

20.—(1) (a) Faoi réir dualgas iontaobhaí, agus

Cumhachtaí iontaobhaithe talún.

(b) faoi réir aon srianta a fhorchuirtear le haon fhoráil reachtúil (lena n-áirítear an tAcht seo) nó leis an dlí ginearálta iontaobhas nó le haon ionstraim nó ordú cúirte a bhaineann leis an talamh,

tá cumhacht iomlán úinéara ag iontaobhaí talún chun í a thíolacadh nó chun déileáil léi ar shlí eile.

(2) Folaíonn cumhacht iontaobhaí faoi *fho-alt (1)* an chumhacht—

(a) chun a cheadú do thairbhí an talamh a áitiú nó a úsáid ar shlí eile ar cibé téarmaí is cuí leis an iontaobhaí,

(b) chun an talamh a dhíol agus na fáltais a athinfheistiú, go hiomlán nó go páirteach, i gceannach talún, cibé acu an sa Stát atá sé suite nó nach ea, le haghaidh áitiú nó úsáid den sórt sin.

21.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, sroicheann tíolacas eastáit dhlíthiúil nó leasa dhlíthiúil i dtalamh chuig ceannaitheoir ag an duine nó na daoine a shonraítear i *bhfo-alt (2)* thar aon leas cothromais sa talamh ionas go scoirfidh sé de dhifear a dhéanamh don eastát nó don leas sin, cibé acu a fuair nó nach bhfuair an ceannaitheoir fógra i dtaobh an leasa cothromais.

Tarshroicheadh chun ceannaitheoirí a chosaint.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, maidir leis “an duine nó na daoine a shonraítear”—

(a) is é a bheidh sa duine nó sna daoine sin beirt iontaobhaí ar a laghad nó corparáid iontaobhais i gcás go gcuimsíonn talamh an iontaobhais—

(i) socraíocht dhian, nó

(ii) iontaobhas talún, lena n-áirítear iontaobhas i gcomhair díola, a shealbhaítear do dhaoine ar mhodh comharbais, nó

(iii) talamh a dhílsítear do mhionaoiseach nó a shealbhaítear ar iontaobhas do mhionaoiseach,

(b) féadfaidh gurb é a bheidh sa duine nó sna daoine sin iontaobhaí nó úinéir aonair ar an eastát nó an leas dlíthiúil i gcás aon iontaobhais talún eile.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)*—

(a) maidir le tíolacas a rinneadh chun críocha calaoiseacha a bhfuil eolas iarbhír ag an gceannaitheoir fúthu ar dháta an tíolacais nó ar páirtí iontu an ceannaitheoir, ná

(b) maidir le haon leas cothromais—

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

- (i) a ndéantar an tíolacas a chur go sainráite faoina réir, nó
- (ii) a chosnaítear trí dhoiciméid teidil a bhaineann leis an eastát dlíthiúil nó leis an leas dlíthiúil a thaisceadh, nó
- (iii) i gcás iontaobhais a thagann faoi réim *fho-alt (2)(b)*, a chosnaítear trí chlárú roimh dháta an tíolacais nó a thagann in éifeacht mar ualach a thagann faoi réim alt 72(1)(j) d'Acht 1964 (nó, i gcás talún neamhchláraithe, a thiocfadh in éifeacht mar ualach den sórt sin dá mba thalamh cláraithe an talamh).

(4) I *bhfo-alt (3)(b)(iii)*, ciallaíonn “clárú” clárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

(5) I gcás go sroichtear thar leas cothromais faoin alt seo rachaidh sé in astú sna fáltais a eascróidh as an tíolacas agus tabharfar éifeacht dó dá réir sin.

(6) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'oibriú Acht 1976.

Díospóidí a réiteach.

22.—(1) Aon duine ag a bhfuil leas in iontaobhas talún, nó duine a bheidh ag gníomhú thar ceann duine den sórt sin, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar mhodh achomair ar ordú chun díospóid a réiteach is díospóid—

- (a) idir na hiontaobhaithe iad féin, nó
- (b) idir na tairbhithe iad féin, nó
- (c) idir na hiontaobhaithe agus na tairbhithe, nó
- (d) idir na hiontaobhaithe nó na tairbhithe agus na daoine eile a mbeidh leas acu,

i ndáil le haon ní a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (i) na hiontaobhaithe do chomhlíonadh a gcuid feidhmeanna, nó
- (ii) cineál nó méid aon leasa thairbhiúil nó aon leasa eile sa talamh, nó
- (iii) oibríocht eile de chuid an iontaobhais.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, le linn iarratas faoi *fho-alt (1)* a chinneadh, féadfaidh an chúirt cibé ordú a dhéanamh agus cibé fiosrúcháin a ordú is cuí léi in imthosca an cháis.

(3) Le linn di iarratas faoi *fho-alt (1)(i)* agus *(iii)* a bhreithniú, beidh aird ag an gcúirt ar leasanna na dtairbhithe ina n-iomláine agus, faoina réir seo, ar na nithe seo a leanas—

- (a) na cuspóirí a bheartaítear a bhaint amach leis an iontaobhas talún,
- (b) leasanna aon mhionaoisigh nó tairbhí eile a bheidh faoi aon éagumas,

- (c) leasanna aon chreidiúnaí urraithe de chuid aon tairbhí,
- (d) aon ní eile is iomchuí leis an gcúirt.

(4) I *bhfo-alt (1)*, folaíonn “duine ag a bhfuil leas” morgáistí nó creidiúnaí urraithe eile, morgáistí breithiúnais nó iontaobhaí.

(5) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do dhlínse na cúirte faoi alt 36 d’Acht 1995.

CUID 5

IONTABHAIS A ATHRÚ

23.—Sa Chuid seo—

Léiriú ar *Chuid 5.*

ciallaíonn “duine cuí”, i ndáil le hiontaobhas iomchuí—

- (a) iontaobhaí de chuid an iontaobhais nó tairbhí faoin iontaobhas, nó
- (b) aon duine eile is cuí leis an gcúirt chun a mbeidh an t-iarratas lena mbaineann faoi *alt 24* déanta;

ciallaíonn “socrú”, i ndáil le hiontaobhas iomchuí, socrú lena ndéantar—

- (a) an t-iontaobhas a athrú, a chúlghairm, nó a athshocrú, nó
- (b) cumhachtaí na n-iontaobhaithe faoin iontaobhas a athrú, a mhéadú, nó cur leo nó iad a shrianadh, ar cumhachtaí iad chun an mhaoin is ábhar don iontaobhas a bhainistiú nó a riaradh;

ciallaíonn “duine iomchuí”, i ndáil le hiontaobhas iomchuí—

- (a) duine ag a bhfuil leas dílsithe nó teagmhasach faoin iontaobhas ach atá éagumasach ar aontú le socrú de bhíthin easpa cumais (cibé acu de bhíthin mionaíse nó easpa cumais mheabhrach),
- (b) duine nár saolaíodh fós,
- (c) duine nach bhféadtar, trí bhearta réasúnacha a dhéanamh, a chéannacht nó a céannacht a fhionnadh, nó nach bhféadtar a fhionnadh an maireann sé nó sí nó cá bhfuil sé nó sí, nó
- (d) duine ag a bhfuil leas teagmhasach faoin iontaobhas ach nach dtagann faoi réim *mhír (a)*;

maidir le “iontaobhas iomchuí”—

- (a) faoi réir *mhír (b)*, ciallaíonn sé iontaobhas a eascraíonn, cibé acu roimh thosach feidhme an ailt seo nó ar an tosach feidhme sin nó dá éis, faoi uacht, faoi shocraíocht nó faoi dhiúscairt eile,
- (b) ní fholaíonn sé—

- (i) iontaobhas a cruthaíodh chun críche carthanúla de réir bhrí na nAchtanna Carthanas 1961 agus 1973 agus an Achta Carthanas 2009,
- (ii) scéim pinsean ceirde de réir bhrí Acht na bPinsean 1990, arna bunú faoi iontaobhas,
- (iii) iontaobhas a cruthaíodh le reacht Briotanach,
- (iv) iontaobhas a cruthaíodh le reacht de chuid Shaorstát Éireann, nó
- (v) iontaobhas a cruthaíodh le hAcht den Oireachtas, cibé acu arna rith roimh, ar nó tar éis thosach feidhme an ailt seo.

Dlínse na cúirte chun iontaobhais a athrú, etc.

24.—(1) Féadfaidh duine cúí iarratas a dhéanamh chun na cúirte, maidir le hiontaobhas iomchuí, ar ordú chun socrú a bheidh sonraithe san iarratas chun sochair do dhuine iomchuí a bheidh sonraithe san iarratas a cheadú más rud é go mbeidh an socrú aontaithe i scríbhinn ag gach duine eile (más ann)—

- (a) nach duine iomchuí,
- (b) a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici san iontaobhas, agus
- (c) a bhfuil ar a chumas nó ar a cumas aontú leis an socrú.

(2) Ní éistfidh an chúirt iarratas a dhéanfar chuici faoi *fho-alt (1)* maidir le hiontaobhas iomchuí murar deimhin léi go bhfuil fógra i scríbhinn tugtha ag an iarratasóir i dtaobh an iarratais—

- (a) do na Coimisinéirí Ioncaim, agus
- (b) do cibé daoine a fhorordófar le rialacha cúirte,

2 sheachtain ar a laghad roimh an iarratas a éisteacht.

(3) Féadfaidh an chúirt iarratas arna dhéanamh chuici faoi *fho-alt (1)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí más dóigh léi gur cúí déanamh amhlaidh.

(4) Déanfaidh an chúirt iarratas arna dhéanamh chuici faoi *fho-alt (1)* maidir le hiontaobhas iomchuí a chinneadh—

- (a) faoi réir *mhír (b)*, trí ordú a dhéanamh lena gceadófar an socrú a shonraítear san iarratas más deimhin léi, dá ndéanfaí an socrú a chomhall, go mbeadh sé sin chun sochair—
 - (i) don duine iomchuí a shonraítear san iarratas, agus
 - (i) d'aon duine iomchuí eile,
- (b) trí dhiúltú ordú den sórt sin a dhéanamh in aon chás—
 - (i) nach deimhin leis an gcúirt amhail dá dtagraítear i *mír (a)*, nó
 - (ii) go mbeidh deimhnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim don chúirt gurb í mian chun cáin a sheachaint nó

chun titim cánach a laghdú a spreag an t-iarratas go substaintiúil.

(5) Féadfaidh an chúirt, le linn di cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (4)* i dtaobh an rachadh socrú chun sochair do dhuine iomchuí, aird a thabhairt ar aon sochar nó dochar, ó thaobh airgid nó eile de, a d'fhéadfadh a fhabhrú don duine sin go díreach nó go neamhdhíreach de dhroim an tsocraithe.

(6) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a bhaineann ó oibriú, nó a dhéanann difear d'oibriú, na nithe seo a leanas—

(a) na hAchtanna Carthanas 1961 agus 1973 agus an tAcht Carthanas 2009,

(b) aon chumhacht de chuid cúirte, cibé acu faoi achtachán nó faoi riail dlí—

(i) chun iontaobhas (lena n-áirítear iontaobhas iomchuí) a athrú, a chúlghairm nó a athshocrú, nó

(ii) chun cumhachtaí na n-iontaobhaithe faoi iontaobhas (lena n-áirítear iontaobhas iomchuí) a athrú, a mhéadú, nó cur leo nó iad a shrianadh, ar cumhachtaí iad chun an mhaoin is ábhar don iontaobhas a bhainistiú nó a riaradh,

nó

(c) aon riail dlí a bhaineann le hiontaobhas (lena n-áirítear iontaobhas iomchuí) a fhoirceannadh nó a chúlghairm.

CUID 6

CUMHACHTAÍ

25.—Ach amháin mar a luaitear a mhalairt, baineann an Chuid seo le cumhachtaí a chruthaítear nó a dtagann ann dóibh roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis sin. Feidhm *Chuid 6*.

26.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le ceapachán a dhéanfar trí ghníomhas faoi chumhacht ceapacháin tar éis thosach feidhme na Coda seo, beidh sé bailí ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an ionstraim lena ndéantar an ceapachán *alt 64*. Cumhachtaí ceapacháin neamhthiomnacha a fhorghníomhú.

[LPA 1859, a. 12]

(2) Ní dhéantar le *fo-alt (1)*—

(a) deontaí cumhachta ceapacháin a chosc ar ceapachán bailí a dhéanamh ar shlí éigin eile a údaraítear go sainráite leis an ionstraim lenar cruthaíodh an chumhacht, ná

(b) deontaí den sórt sin a shaoradh ó chomhlíonadh aon ordacháin san ionstraim lenar cruthaíodh an chumhacht—

(i) go bhfuil toiliú aon duine riachtanach le haghaidh ceapacháin bhailí, nó

- (ii) go bhfuil gníomh le déanamh, nach bhfuil aon bhaint aige le modh forghníomhaithe agus fianaithe an ghníomhais ceapacháin, d'fhonn bailíocht a thabhairt d'aon cheapachán.

Cumhachtaí a
scaoileadh.
[CA 1881, a. 52]

27.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh duine dá dtugtar aon chumhacht, cibé acu atá nó nach bhfuil an chumhacht sin i dteannta leasa, an chumhacht a scaoileadh nó conradh a dhéanamh, trí ghníomhas nó in aon slí eile ina bhféadfaí an chumhacht a chruthú, gan an chumhacht a fheidhmiú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le cumhacht de chineál iontaobhais ná de chineál cumhachta muiníní eile.

Cumhachtaí a
shéanadh.
[CA 1882, a. 6]

28.—(1) Féadfaidh duine dá dtugtar aon chumhacht, cibé acu atá nó nach bhfuil an chumhacht sin i dteannta leasa, an chumhacht a shéanadh trí ghníomhas agus, tar éis a séanta, ní ceadmhach dó nó dí an chumhacht a fheidhmiú ná uamadh i bhfeidhmiú na cumhachta.

(2) Ar an séanadh sin, féadfaidh aon duine nó daoine eile nó marthanóir nó marthanóirí aon daoine eile, dá dtugtar an chumhacht, an chumhacht a fheidhmiú, faoi réir théarmaí na hionstraim lenar cruthaíodh an chumhacht.

Ceapacháin a
dhéanamh bailí.
[IAA 1830]
[PAA 1874]

29.—(1) Níl aon cheapachán a dhéantar le linn aon chumhacht a fheidhmiú chun aon mhaoin a cheapadh idir beirt duine nó níos mó neamhbhailí ar an bhforas—

- (a) nach ndéantar ach scair neamhshubstaintiúil, meabhlach nó ainmniúil amháin a cheapadh nó a fhágáil gan cheapadh chun cineachadh chun aon duine amháin nó níos mó de na daoine sin, nó
- (b) go ndéantar aon duine den sórt sin a eisiadh go hiomlán, cibé acu trí gan ceapachán a dhéanamh nó ar shlí eile.

(2) Ní dhéanann an t-alt seo difear d'aon fhoráil san ionstraim lena gcruthaítear an chumhacht, ar ionstraim í lena sonraítear an méid sin d'aon scair nach bhfuil aon duine den sórt sin le bheith eisiata uaidh.

CUID 7

COMHÚINÉIREACTH

Téarbhadh
aontaobhach
naschthionóntachta.

30.—(1) Ó thosach feidhme na Coda seo—

- (a) maidir le haon tíolacas, nó conradh le haghaidh tíolacais, talún atá ar teachtadh i naschthionóntacht, nó
- (b) maidir le haon fháil ar leas eile sa talamh sin,

ag naschthionónta gan an toiliú dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2), tá sé ar neamhní de réir dlí agus de réir cothromais, mura rud é go ligfear an toiliú sin thar ceal faoi *alt* 31(2)(e).

(2) I *bhfo-alt (1)* ciallaíonn “toiliú” toiliú roimh ré i scríbhinn ón nascthionónta eile nó, i gcás níos mó ná duine amháin eile a bheith ann, ó na nascthionóntaí eile go léir.

(3) Ó thosach feidhme na Coda seo, ní dhéanann clárú morgáiste breithiúnais i gcoinne eastáit nó leasa i dtalamh nascthionónta an nascthionóntacht a théarbhadh agus má fhanann an nascthionóntacht gan téarbhadh, múchtar an morgáiste breithiúnais ar bhás an fhéichiúnaí breithiúnais.

(4) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do dhlínse na cúirte chun a fhionnadh go mbeidh na nascthionóntaí uile tar éis an nascthionóntacht a théarbhadh de réir cothromais trí chomhaontú nó trína n-iompar.

31.—(1) Féadfaidh aon duine ag a bhfuil eastát nó leas i dtalamh atá ar comhúinéireacht cibé acu de ré dlí nó de réir cothromais iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú faoin alt seo. Orduithe cúirte.

(2) Folaíonn ordú faoin alt seo—

- (a) ordú chun an talamh a idir-roinnt i measc na gcomhúinéirí, [PA 1868]
- (b) ordú chun cuntas a thógáil ar eirí a dhéanann difear don talamh, más ann, agus chun fiosrúcháin a dhéanamh i dtaobh tosaíochtaí faoi seach aon eirí den sórt sin, [PA 1876]
- (c) ordú chun an talamh a dhíol agus na fáltais ón díol a dháileadh de réir mar a ordóidh an chúirt,
- (d) ordú á ordú go ndéanfar coigeartuithe cuntasáochta amhail idir na comhúinéirí, [AJA 1707, a. 23]
- (e) ordú ag ligean thar ceal toiliú le téarbhadh nascthionóntachta mar a cheanglaítear le *halt 30* i gcás go bhfuil an toiliú sin á choimeád siar go míréasúnach.
- (f) cibé ordú eile a bhaineann leis an talamh is dealraitheach don chúirt a bheith cóir agus cothromasach in imthosca an cháis.

(3) Le linn a bheith ag plé le hiarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)* féadfaidh an chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh agus coinníollacha nó ceanglais eile, nó gan choinníollacha nó ceanglais eile, ag gabháil leis, nó
- (b) an t-iarratas a dhíbhe gan aon ordú a dhéanamh, nó
- (c) níos mó ná ordú amháin faoin alt seo a dhéanamh le chéile.

(4) San alt seo—

- (a) folaíonn “duine ag a bhfuil eastát nó leas i dtalamh” morgáistí nó creidiúnaí urraithe eile, morgáistí breithiúnais nó iontaobhaí,
- (b) folaíonn “coigeartuithe cuntasáochta”—

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

- (i) comhúinéir d'íoc cíosa áitithe, ar comhúinéir é nó í a theacht áitiú na talún, nó a leanann d'áitiú na talún a theachtadh, d'eisiamh aon chomhúineára eile,
- (ii) comhúinéir d'íoc cúitimh le haon chomhúinéir eile a thabhaigh caiteachas neamhréireach i leith na talún (lena n-áirítear é a dheisiú nó a fheabhsú),
- (iii) ranníocaí ó chomhúinéir le híocaíochtaí neamhréireacha arna ndéanamh ag aon chomhúinéir eile i leith na talún (lena n-áirítear íocaíochtaí i leith muirear, rátaí, cíosanna, cánacha agus eisíocaíochtaí eile is iníochta ina leith),
- (iv) athdháileadh cíosanna agus brabús arna bhfáil ag comhúinéir agus atá ar neamhréir lena leas sa talamh,
- (v) aon choigeartú eile is gá chun cothroime a bhaint amach idir na comhúinéirí.

(5) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear do dhlínse na cúirte faoi Acht 1976, Acht 1995 agus Acht 1996.

(6) Cuirtear deireadh le dlínse chothromais na cúirte ordú a dhéanamh chun talamh atá faoi chomhúinéireacht, cibé acu de réir dlí nó de réir cothromais, a idir-roinnt.

Comhlachtaí
corpraithe.
[BC(JT) A 1899]

32.—(1) Féadfaidh comhlacht corpraithe aon mhaoín a fháil agus a shealbhú i nascthionóntacht sa tslí chéanna is dá mba phearsa aonair é.

(2) Más rud é go dtagann comhlacht corpraithe agus pearsa aonair nó dhá chomhlacht chorpraithe nó níos mó chun teideal a bheith acu ar aon mhaoín in imthosca, nó de bhua aon ionstraime, a chruthódh nascthionóntacht dá mba phearsa aonair nó pearsana aonair an comhlacht nó na comhlachtaí corpraithe, beidh teideal acu ar an maoín mar nascthionóntaí.

(3) Ar chomhlacht corpraithe is nascthionónta aon mhaoine a dhíscaoileadh, cineachann an mhaoín chun an nascthionónta mharthanaigh eile nó chun na nascthionóntaí marthanacha eile

CUID 8

CEARTA COMHGhabhálacha

CAIBIDIL 1

Éasúintí agus profits á prendre

Léiriú ar *Chaibidil*
1.

33.—Sa Chaibidil seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—
ciallaíonn “príomhthalamh” talamh arna thairbhiú le héasúint nó *profit à prendre* a bhfuil talamh eile faoina réir, nó ar ina leith a thosaigh tréimhse úsáide iomchuí; agus léifear “príomhúinéir” dá réir sin agus folaíonn sé réamhtheachtaithe agus comharbaí i dteideal an úinéara sin;

tá le “urthrá” an bhrí a thugtar dó le halt 2(1) d’Acht 1957;

ciallaíonn “briseadh” cur isteach ar éasúint nó *profit à prendre* a úsáid nó a theachtadh nó scor d’éasúint nó *profit à prendre* a úsáid nó a theachtadh ar feadh tréimhse leanúnaí bliana amháin ar a laghad, ach ní fholaíonn sé briseadh faoi *alt 37(1)*;

ciallaíonn “tréimhse neamhúsáide” tréimhse ar lena linn a scoireann an príomhúinéir den éasúint nó den *profit à prendre* a úsáid nó a theachtadh;

ciallaíonn “tréimhse úsáide iomchuí” tréimhse úsáide ó cheart gan briseadh ón duine a éilíonn gurb é nó í an príomhúinéir nó an t-úinéir *profit à prendre* i gcomhlán—

- (a) i gcás nach údarás Stáit an fo-úinéir, ar feadh tréimhse íosta 12 bhliain, nó
- (b) i gcás gur údarás Stáit an fo-úinéir—
 - (i) ar feadh tréimhse íosta 30 bliain, nó
 - (ii) i gcás gur urthrá an fothalamh, ar feadh tréimhse íosta 60 bliain;

ciallaíonn “fothalamh” talamh atá faoi réir éasúna nó *profit à prendre*, nó ar ina leith a thosaigh tréimhse úsáide iomchuí; agus déanfar “fo-úinéir” a léamh dá réir sin agus folaíonn sé réamhtheachtaithe agus comharbaí i dteideal an úinéara sin;

ciallaíonn “údarás Stáit” Aire den Rialtas nó Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;

ciallaíonn “úsáid ó cheart” úsáid nó teachtadh gan forneart, gan rúndacht agus gan toiliú ó bhéal nó i scríbhinn ón bhfo-úinéir.

34.—Faoi réir *alt 38*, cuirtear deireadh le héasúint nó *profit à prendre* a fháil le forordú faoin dlí coiteann agus faoi theoiric an deontais nua-aimseartha chaillte agus tar éis thosach feidhme na Caibidle seo is de réir *alt 35* a bheidh fáil le forordú. Deireadh a chur le modhanna áirithe forordaithe.

35.—(1) Is le forordú amháin a dhéanfar éasúint nó *profit à prendre* a fháil leis an dlí ar ordú cúirte a chlárú faoin *alt* seo. Éasúintí agus *profits à prendre* a fháil le forordú.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcaingean chun fáil éasúna nó *profit à prendre* le forordú a bhunú nó a dhíospóid, déanfaidh an chúirt ordú lena ndearbhaítear éasúint nó *profit à prendre* a bheith ann más deimhin léi go raibh tréimhse úsáide iomchuí ann díreach roimh thosach na caingne. [PA 1832]
[PA 1858]

(3) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)*, i gcás nach díreach roimh thosach na caingne a bhí tréimhse úsáide iomchuí ann más deimhin léi go bhfuil sé cóir agus cothromasach déanamh amhlaidh in imthosca uile an cháis.

(4) Déanfar ordú faoi *fho-alt (2)* a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

36.—(1) I gcás go mbeidh an príomhúinéir a mbeidh éasúint nó *profit à prendre* á fáil nó á fháil aige nó aici faoi *alt 35* ina úinéir nó Tionóntachtaí.
[PA 1832, a. 8]

ina húinéir ar thionóntacht sa phríomhthalamh amháin, rachaidh an éasúint nó an *profit à prendre* in astú sa talamh sin agus, tráth a chríochnóidh an tionóntacht, aistreoidh sí nó sé chuig an tiarna talún.

(2) I gcás go mbeidh éasúint nó *profit à prendre* á fáil nó á fháil faoi *alt 35* i gcoinne fo-úinéara a bheidh ina úinéir nó ina húinéir ar an bhfothalamh amháin, críochnóidh sí nó sé tráth a chríochnóidh an tionóntacht sin, ach más rud é go ndéanann an fo-úinéir—

(a) uasleas a fháil sa talamh, rachaidh an éasúint nó an *profit à prendre* in astú san uasleas, nó

(b) síneadh nó athnuachan a fháil ar an tionóntacht, leanfaidh an éasúint nó an *profit à prendre* de bheith in astú sa talamh go ceann tréimhse an tsínidh sin nó na hathnuachana sin.

(3) Ní choisceann aon ní i *bhfo-alt (2)* éasúint nó *profit à prendre* a fháil ina dhiaidh sin faoi *alt 35* ar bhonn tréimhse úsáide iomchuí nua i gcoinne tiarna talún a ghlacann seilbh ar an bhfothalamh tráth a chríochnaíonn an tionóntacht.

Éagumas.

[PA 1832, a.7]

37.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go bhfuil an fo-úinéir éagumasach, cibé acu i dtosach na tréimhse úsáide iomchuí nó lena linn, ar a ghnóthaí nó a gnóthaí a bhainistiú de dheasca éagumais meabhrach, déanfar rith na tréimhse sin a fhionraí go dtí go scoirfidh an t-éagumas.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é—

(a) go measfaidh an chúirt gur réasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil go ngníomhódh duine éigin eile, cibé acu mar iontaobhaí, mar chúramaí ar choimircí cúirte, mar atur nae faoi chumhacht mharthanach atur nae nó ar shlí eile, thar ceann an fho-úinéara le linn na tréimhse úsáide iomchuí, nó

(b) go mbeidh 30 bliain ar a laghad caite ó thosaigh an tréimhse úsáide iomchuí.

Feidhm *ailt 34* go 37.

38.—I ndáil le haon éileamh ar éasúint nó ar *profit à prendre* a dhéantar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, maidir le *hailt 34* go 37—

(a) tá feidhm acu maidir le haon éileamh arna bhunú ar thréimhse úsáide iomchuí d’ainneoin go líomhnaítear gur tharla tréimhse úsáide bhreise roimh an tosach feidhme sin,

(b) níl feidhm acu maidir le haon éileamh arna bhunú ar thréimhse úsáide faoin dlí ab infheidhme roimh thosach feidhme na Caibidle seo agus a líomhnaítear a thosaigh roimh an tosach feidhme sin i gcás go dtionscnaítear an chaingean ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe laistigh de 3 bliana ón tosach feidhme sin.

Múchadh.

39.—(1) Ar éag do thréimhse neamhúsáide leanúnach 12 bhliain éasúna nó *profit à prendre* a fuarthas—

- (a) trí fhorordú, nó
- (b) trí dheontas nó forchoimeádas intuigthe,

múchtar an éasúint nó an *profit à prendre* ach amháin i gcás go bhfuil sí nó sé faoi chosaint clárúcháin i gClár na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le héasúint nó *profit à prendre* a mhúchadh d'ainneoin go bhfuarthas í nó é roimh thosach feidhme na Caibidle seo, ar choinníoll go dtarlaíonn 3 bliana ar a laghad den tréimhse neamhúsáide tar éis an tosach feidhme sin.

(3) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do dhlínse na cúirte chun a dhearbhu go mbeidh éasúint nó *profit à prendre*, cibé slí a fuarthas í nó é, tréigthe nó múchta.

40.—(1) Cuirtear deireadh leis an riail ar a dtugtar an Riail in *Deontas intuigthe. Wheeldon v. Burrows* agus cuirtear *fo-alt (2)* ina hionad.

(2) I gcás go ndéanann úinéir talún cuid den talamh a dhiúscairt nó é go léir a dhiúscairt ina chodanna, cruthaítear leis an diúscairt, ar bhonn intuigthe, chun sochair na coda nó na gcodanna sin, aon éasúint thar an gcuid a choimeádtar, nó thar aon chuid nó codanna eile a dhiúscaítear go comhuaineach, is éasúint—

- (a) atá riachtanach do theachtadh réasúnach na coda a dhiúscaítear, agus
- (b) a raibh sé réasúnach do na páirtithe, nó a mbeadh sé réasúnach dóibh dá mba rud é gur thagair siad don ní, a mheas, an dáta a tháinig an diúscairt in éifeacht, go raibh sí ar áireamh sa diúscairt.

(3) Ní dhéanann an t-alt seo difear ar aon slí eile—

- (a) d'éasúintí a eascraíonn ar bhonn intuigthe mar éasúintí riachtanais nó d'fhonn éifeacht a thabhairt do chomhintinn na bpáirtithe sa diúscairt,
- (b) d'oibriú na teoirice i dtaobh gan maolú a dhéanamh ar dheontas.

CAIBIDIL 2

Cíosmhuirir

41.—(1) Faoi réir *fo-alt (2)*, toirmisctear cíosmhuirear a chruthú de réir dlí nó de réir cothromais. Cíosmhuirir áirithe a thoirmeasc.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le cíosmhuirear a chruthú—

- (a) faoi chonradh arna dhéanamh roimh thosach feidhme na Caibidle seo,
- (b) faoi ordú de chuid na cúirte, ná
- (c) faoi aon fhoráil reachtúil.

Cíosmhuirir a
fhorfheidhmiú.
[CA 1881, a. 44]

42.—Faoi réir aon fhorála reachtúla eile, ó thosach feidhme na Caibidle seo, níl cíosmhuirear infhorfheidhmithe ach amháin mar fhiach conartha shimplí.

CAIBIDIL 3

Idirdhéanmhais

Léiriú ar *Chaibidil*
3.

43.—Sa Chaibidil seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—
folaíonn “tadhloch” comharsanach;

ciallaíonn “úinéir tadhloch” úinéir aon eastáit nó leasa i bhfoirgneamh nó i dtalamh nár tógadh uirthi atá tadhloch le talamh an úinéara foirgnimh;

folaíonn “foirgneamh” cuid d’fhoirgneamh;

ciallaíonn “úinéir foirgnimh” an t-úinéir de thuras na huaire ar aon eastát nó leas i bhfoirgneamh nó i dtalamh nár tógadh uirthi ar mian leis nó léi oibreacha a dhéanamh ar idirdhéanmhas;

ciallaíonn “an chúirt” an Chúirt Dúiche;

ciallaíonn “idirdhéanmhas” aon stua, síleáil, díog, claí, urlár, fál, fochra, tor, crann, balla nó déanmhas eile—

- (a) a scarann, go hingearach, go cothrománach nó ar aon slí eile, foirgnimh thadhlaacha atá ar úinéireacht ar leithligh, nó
- (b) atá suite, go hingearach, go cothrománach nó ar aon slí eile, ag an líne teorann nó ar an líne teorann nó chomh gar sin don líne teorann idir foirgnimh thadhlaacha atá ar úinéireacht ar leithligh nó idir foirgnimh den sórt sin agus tailte nár tógadh orthu go bhfuil sé dodhéanta nó gan a bheith indéanta le réasún oibreacha a dhéanamh ar an déanmhas gan rochtain ar an bhfoirgneamh tadhloch nó ar an talamh nár tógadh uirthi,

agus folaíonn sé aon déanmhas den sórt sin—

- (i) atá suite go hiomlán i gceann nó ar cheann de na foirgnimh thadhlaacha nó de na tailte nár tógadh orthu, nó
- (ii) atá ar an líne teorann idir foirgnimh thadhlaacha nó idir foirgnimh den sórt sin agus tailte nár tógadh orthu agus atá ar comhúinéireacht ag a n-úinéirí faoi seach nó faoi réir roinnte éigin úinéireachta eatarthu;

folaíonn “oibreacha”—

- (a) oibreacha a dhéanamh arb éard iad coigeartú, athrú, bearradh nó baint, maisiú, scartáil, feabhsú, ísliú, cothabháil, ardú, athnuachan, deisiú, athsholáthar, neartú nó tógáil anuas,
- (b) aon fhál, crann nó tor a ghearradh, a chóireáil nó a athsholáthar,
- (c) díoga a ghlanadh nó a líonadh,

- (d) cúrsa cáblaí, draenacha, píopaí, séarach, sreang nó seoladán eile a fháil amach agus iad a ghlanadh, a athnuachan, a dheisiú nó a athsholáthar,
- (e) iniúchtaí a dhéanamh, pleananna a tharraingt suas agus aon chúraimí eile a chomhlíonadh, is gá le haghaidh aon oibreacha a thagann faoi réim *mhíreanna* (a) go (d) nó atá teagmhasach nó iarmhartach maidir leo;

ciallaíonn “ordú oibreacha” ordú faoi *alt 45(1)*.

44.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh úinéir foirgnimh oibreacha a dhéanamh ar idirdhéanamhas d’fhonn— Cearta úinéara foirgnimh.

- (a) aon fhoráil reachtúil nó aon fhógra nó ordú faoi fhoráil den sórt sin a chomhlíonadh, nó
- (b) forbairt a dhéanamh, ar forbairt dhíolmhaithe í nó ar forbairt í a bhfuil cead pleanála faighte ina leith, nó d’fhonn aon choinníoll a ghabhann leis an gcead sin a chomhlíonadh, nó
- (c) an t-idirdhéanamhas nó aon fhoirgneamh nó talamh nár tógadh uirthi, ar cuid de nó di an t-idirdhéanamhas, a shlánchoimeád, nó
- (d) aon oibreacha eile a dhéanamh, ar oibreacha iad—
 - (i) nach ndéanfaidh damáiste substaintiúil nó ceataí shubstaintiúil don úinéir tadhlaigh, nó
 - (ii) más rud go bhféadfaidh siad damáiste nó ciotaí den sórt sin a dhéanamh nó go ndéanfaidh siad an céanna, a bhfuil sé réasúnach ar a shon sin iad a chur i gcrích.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh an t-úinéir foirgnimh, le linn dó nó di aon cheart a fheidhmiú faoi *fho-alt (1)*—

- (a) an damáiste go léir a dhéantar don úinéir tadhlaigh de dheasca na n-oibreacha a shlánú, nó na costais agus na caiteachais réasúnacha a bhaineann leis an slánú sin a aisíoc leis an úinéir tadhlaigh, agus
- (b) na nithe seo a leanas a íoc leis an úinéir tadhlaigh—
 - (i) na costais réasúnacha a ghabhann le comhairle ghairmiúil a fháil maidir leis na hiarmhairtí is dócha a ghabhfaidh leis na hoibreacha, agus
 - (ii) cúiteamh réasúnach as aon cheataí arb iad na hoibreacha is cúis léi.

(3) Féadfaidh an t-úinéir foirgnimh—

- (a) cibé suim a éileamh ar an úinéir tadhlaigh mar ranníoc i leith an chostais agus na gcaiteachas a ghabhann le slánú a dhéanamh ar dhamáiste den sórt sin faoi *fho-alt (2)(a)*, nó an tsuim sin a bhaint as aon chúiteamh ar an gcostas sin agus ar na caiteachais sin, nó

(b) cibé suim a bhaint as cúiteamh faoi *fho-alt (2)(b)(ii)*,

is suim lena gcuirfear i gcuntas an úsáid chomhréireach nó an teachtadh comhréireach a bhaineann an t-úinéir tadhlaigh as an idirdhéanamhas nó is dócha, de réir toimhdithe réasúnaigh, a bhainfidh sé nó sí as.

(4) Más rud é—

(a) go mainníonn úinéir foirgnimh laistigh de thréimhse ama réasúnach—

(i) damáiste a shlánú faoi *fho-alt (2)(a)*, féadfaidh an t-úinéir tadhlaigh iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú á cheangal an damáiste a shlánú agus ar iarratas den sórt sin a dhéanamh féadfaidh an chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh, nó

(ii) costais agus caiteachais a aisíoc faoi *fho-alt (2)(a)* nó costais réasúnacha nó cúiteamh réasúnach a íoc faoi *fho-alt (2)(b)*, féadfaidh an t-úinéir tadhlaigh na costais agus na caiteachais sin nó an cúiteamh sin a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

(b) go mainníonn úinéir tadhlaigh freastal d'éileamh ar ranníoc faoi *fho-alt (3)(a)*, féadfaidh an t-úinéir foirgnimh an ranníoc sin a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

Orduithe oibreacha.

45.—(1) Aon úinéir foirgnimh a bhfuil díospóid idir é nó í agus úinéir tadhlaigh maidir le cearta a fheidhmiú faoi *alt 44* féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú lena n-údarófar oibreacha sonraithe a dhéanamh (“ordú oibreacha”).

(2) Le linn don chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh ordú oibreacha a dhéanamh agus, má tá ceann le déanamh, i dtaobh cad iad na téarmaí agus na coinníollacha ba chóir a chur ag gabháil leis, beidh aird ag an gcúirt ar *alt 44* agus féadfaidh sí aon imthosca eile is dóigh léi is iomchuí a chur i gcuntas.

Téarmaí agus coinníollacha orduithe oibreacha.

46.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, údarófar le hordú oibreacha na hoibreacha a bheidh sonraithe a dhéanamh, ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha is gá chun *alt 44* a chomhlíonadh) is cuí leis an gcúirt in imthosca an cháis.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le hordú oibreacha—

(a) a údarú don úinéir foirgnimh, agus do ghníomhairí, fostaithe nó seirbhísigh an úinéara sin, dul isteach ar fhoirgneamh úinéara thadhlaigh nó ar thalamh úinéara thadhlaigh nár tógadh air chun aon chríche a bhaineann leis na hoibreacha,

(b) a cheangal ar an úinéir foirgnimh an t-úinéir tadhlaigh a shlánú ar aon damáiste, costais agus caiteachais arb iad na hoibreacha is cúis leis nó leo, nó a éireoidh as na hoibreacha, nó is dóigh gurb iad na hoibreacha is cúis leis

nó leo, nó is dóigh a éireoidh astu nó urrús a thabhairt don úinéir tadhlaigh i leith an chéanna.

(3) Ní údarófar le hordú oibreacha aon chur isteach buan ar aon éasúint solais, nó aon éasúint nó ceart eile a bhaineann le hidirdhéanamhas, ná an céanna a chailleadh.

47.—Ar iarratas ó aon duine a ndéanann ordú oibreacha difear dó nó di, féadfaidh an chúirt an t-ordú a urscaoileadh nó a mhodhnú, ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi.

Orduithe oibreacha a urscaoileadh nó a mhodhnú.

CAIBIDIL 4

Cúnaint ruilse

48.—Sa Chaibidil seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— ciallaíonn “forbróir” an duine a chruthaíonn scéim forbartha agus comharbaí i dteideal an duine sin;

Léiríú ar *Chaibidil 4.*

ciallaíonn “príomhthalamh” talamh ruilse le sochar cúnaint a bhfuil talamh ruilse eile faoina réir, agus déanfar “príomhúinéir” a léamh dá réir sin agus folaíonn sé daoine a fhaigheann teideal ón úinéir sin nó faoin úinéir sin;

ciallaíonn “cúnant ruilse” cúnant atá in astú i bpríomhthalamh agus i bhfothalamh, is cúnant a dhéanfar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo;

foláíonn “daoine a fhaigheann teideal”—

- (a) duine a bhfuil teideal chun na talún faighte aige nó aici de dhroim seilbhe faoi Acht 1957;
- (b) morgáistí, nó glacadóir a cheapfaidh morgáistí, atá i seilbh na talún;

ciallaíonn “scéim forbartha” forbairt talún—

- (a) faoina ndéantar, nó faoina mbeartaítear, an talamh a fhoroinnt ina dhá chuid nó níos mó lena thíolacadh i bhfeo simplí do gach úinéir ar chuid;
- (b) go bhfuil intinn ann amhail idir an forbróir agus na húinéirí ar chodanna cómhálartaíocht a chruthú i ndáil le cúnaint de réir *alt 49(3)*;
- (c) go mbeidh an intinn sin sainráite i ngach tíolacas do na húinéirí ar chodanna, nó intuigthe ó na cúnaint atá i gceist, mar a bhaineann siad leis na codanna agus le cóngarachtaí an chomhbhainteachais idir úinéirí na gcodanna;

ciallaíonn “fothalamh” talamh ruilse atá faoi réir cúnaint a théann chun sochair do thalamh eile; agus déanfar “fo-úinéir” a léamh dá réir sin agus folaíonn sé—

- (a) daoine a fhaigheann teideal ón úinéir sin nó faoin úinéir sin, ach ní fholáíonn sé tionónta ar feadh tréimhse is giorra ná 5 bliana,
- (b) i gcás cúnaint atá sriantach go substaintiúil, ceadúnaí nó duine eile atá ag áitiú na talún le toiliú nó gan toiliú an úinéara sin.

Cúnaint ruílse a
bheith
infhorfheidhmithe.

[CA 1881, ailt 58
agus 59]

49.—(1) Faoi réir *fho-alt (6)*, cuirtear deireadh leis na rialacha dlí choitinn agus cothromais (lena n-áirítear an riail ar a dtugtar an riail in *Tulk v Moxhay*) a mhéid a bhaineann siad le cúnant ruílse a bheith infhorfheidhmithe.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* go *(6)*, aon chúnant ruílse lena bhforchuirtear, maidir le fothalamh, oibleagáid aon ghníomh nó aon ní a dhéanamh, nó staonadh ó aon ghníomh nó aon ní a dhéanamh, beidh sé infhorfheidhmithe—

(a) ag na daoine seo a leanas—

- (i) an duine is príomhúinéir de thuras na huaire, nó
- (ii) duine a scoir de bheith ina phríomhúinéir nó ina príomhúinéir, ach sin amháin i leith aon sárú cúnaint a tharla le linn na tréimhse inarbh é nó í an duine sin an príomhúinéir sin,

(b) i gcoinne na ndaoine seo a leanas—

- (i) an duine is fo-úinéir de thuras na huaire, i leith aon sárú cúnaint ag an úinéir sin nó a tharla roimhe sin agus a lean gan leigheas tar éis don duine sin teacht chun bheith ina fho-úinéir nó ina fo-úinéir, nó
- (ii) duine a scoir de bheith ina fho-úinéir nó ina fo-úinéir, ach sin amháin i leith aon sárú cúnaint a tharla le linn na tréimhse inarbh é nó í an duine sin an fo-úinéir sin.

(3) I gcás scéim forbartha a bheith ann, tá feidhm ag *fo-alt (2)* ionas go mbeidh cúnaint lena bhféadfar, go cómhálartach, sochar a thabhairt do na codanna talún laistigh den scéim agus ualach a chur orthu, infhorfheidhmithe ag úinéirí agus i gcoinne úinéirí na gcodanna sin de thuras na huaire, nó ag daoine nó i gcoinne daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)(ii)* agus *(2)(b)(ii)*.

(4) I gcás ina mbeidh an fothalamh foroinnte, maidir le haon oibleagáidí, cibé acu chun aon ghníomh nó ní a dhéanamh nó chun staonadh ó aon ghníomh nó ní a dhéanamh, a bhaineann leis an talamh sin—

(a) déantar iad a chionroinnt, de réir mar is cuí i leith na gcodanna foroinnte den talamh, idir na codanna sin,

(b) tá siad infhorfheidhmithe dá réir sin ag na daoine nó i gcoinne na ndaoine dá ndílsítear na codanna foroinnte,

amhail is dá mba nach ndeachthas faoi na hoibleagáidí ar leithligh sin i dtosach ach amháin i leith gach coda den sórt sin.

(5) Aon díospóid maidir le feidhm *fho-alt (4)* maidir le cás áirithe, féadfar í a tharchur chun na cúirte lena cinneadh agus, ar iarratas den sórt sin a fháil, féadfaidh an chúirt cibé cionroinnt is cuí léi a ordú.

(6) Maidir leis an alt seo—

(a) ní dhéanann sé difear—

- (i) d'infhorfheidhmitheacht cúnaint faoi theoiric na hionpháirteachta i gconradh nó faoi chúnant i leith teidil faoi *alt 80*, nó
 - (ii) d'fheidhm Acht 1957 maidir le cúnant ruilse,
- (b) beidh éifeacht leis faoi réir théarmaí an chúnant nó na hionstraime ina mbeidh sé.

50.—(1) Féadfaidh fo-úinéir iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú ag urscaoileadh cúnant ruilse (cibé acu a cruthaítear é roimh thosach feidhme na Caibidle seo nó dá éis), go hiomlán nó go páirteach, nó ag modhnú cúnant ruilse ar an bhforas gur chur isteach míreasúnach ar úsáid agus teachtadh na fothalún a bheadh ann leanúint den chúnant ruilse a chomhlíonadh. Urscaoileadh agus modhnú.

(2) Le linn don chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* agus, má tá ceann le déanamh, i dtaobh cad iad na téarmaí agus coinníollacha ba chóir a chur ag gabháil leis, beidh aird de réir mar is cúí ag an gcúirt ar na nithe seo a leanas—

- (a) na himthosca ina ndearnadh an cúnant i dtosach agus na críocha chun a ndearnadh é agus an tréimhse ama atá caite ó shin i leith,
- (b) aon athrú ar shainghné na príomhthalún agus na fothalún nó ar a gcomharsanacht,
- (c) an plean forbartha don limistéar faoi Acht 2000,
- (d) ceadanna pleanála arna ndeonú faoin Acht sin i leith talún i gcomharsanacht na príomhthalún agus na fothalún nó diúltuithe ceadanna den sórt sin a dheonú,
- (e) an ndéantar aon sochar praiticiúil a áirithiú don phríomhúinéir leis an gcúnant agus, má dhéantar, cineál agus méid an tsochair sin,
- (f) i gcás ina gcruthófar leis an gcúnant oibleagáid ar an bhfo-úinéir aon oibreacha a chur i gcrích nó aon ní a dhéanamh, nó íoc as an gcostas, nó ranníoc a dhéanamh i leith an chostais, a bhainfidh le haon oibreacha a chur i gcrích nó le haon ní a dhéanamh, an bhfuil comhlíonadh na hoibleagáide sin tagtha chun bheith ródhochtach i gcomparáid leis an sochar a bhaintear as an gcomhlíonadh sin,
- (g) ar chomhaontaigh an príomhúinéir, go sainráite nó go hintuigthe, go ndéanfar an cúnant a urscaoileadh nó a athrú,
- (h) aon uiríll a bheidh déanta ag aon duine a mbeidh leas aige nó aici i gcomhlíonadh an chúnant,
- (i) aon ní eile a mheasfaidh an chúirt a bheith iomchuí.

(3) I gcás inar deimhin leis an gcúirt gurb é an toradh a bheidh ar ordú faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh go mbainfidh cailteanas inchainníochtaithe don phríomhúinéir, nó do dhuine eile a ndéanann an t-ordú dochar dó nó di, féadfaidh sí ceanglas a áireamh mar

choinníoll san ordú go n-íocfaidh an fo-úinéir cibé cúiteamh leis an bpríomhúinéir a mheasfaidh an chúirt is cuí.

(4) Déanfar ordú faoi *fho-alt (1)* a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

CUID 9

CONARTHAÍ AGUS TÍOLACAIS

CAIBIDIL 1

Conarthaí a bhaineann le talamh

Fianaise i scríbhinn.
[SF 1695, a. 2]

51.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ní thionscnófar aon chaingean chun aon chonradh le haghaidh díol talún nó diúscairt eile talún a fhorfheidhmiú mura mbeidh an comhaontú ar a mbeidh an chaingean sin tionscanta, nó meabhrán nó nóta éigin ina thaobh, i scríbhinn agus é sínithe ag an duine a dtionscnófar an chaingean ina choinne nó ina coinne nó ag gníomhaire údaraithe an duine sin.

(2) Ní dhéanann *fo-alt (1)* difear don dlí a bhaineann le páirtchomhlíonadh nó teoiricí cothromasacha eile.

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, ach faoi réir forála sainráite sa chonradh dá mhalairt, ní gá éarlais a íoc in airgead nó i luach airgid le haghaidh conartha infhorfheidhmithe.

Leas tairbhiúil a aistriú.

52.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aistrítear an leas tairbhiúil go léir chuig an gceannaitheoir ar chonradh infhorfheidhmithe a dhéanamh, tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, le haghaidh díol talún nó diúscairt eile talún.

(2) Ní dhéanann *fo-alt (1)* difear—

- (a) d'oibleagáid an díoltóra an talamh a chothabháil fad a choinneofar seilbh ar an talamh, nó
- (b) do dhliteanas an díoltóra i leith cailiteanais nó damáiste faoi aon fhoráil chonartha a dhéileáil leis an bpríacal sin, nó
- (c) do cheart an díoltóra an conradh a chealú mar gheall ar an gceannaitheoir do mhainniú an conradh a chríochnú nó ar shárú eile ar an gconradh, nó
- (d) d'aon fhoráil eile dá mhalairt sa chonradh.

An Riail in *Bain v. Fothergill* a chealú.

53.—(1) Cuirtear deireadh leis an riail dlí lena gcuirtear srian le damáistí is inghnóthaithe i leith sárúithe conartha a tharlaíonn mar gheall ar éalanga i dteideal chun talún (ar a dtugtar an Riail in *Bain v. Fothergill*).

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* ach amháin maidir le conarthaí arna ndéanamh tar éis thosach feidhme na Caibidle seo.

54.—I gcás ina ndiúltóidh an chúirt sainchomhlíonadh a dheonú i leith conartha le haghaidh díol talún nó diúscairt eile talún, nó in aon chaineán chun earlais a fháil ar ais, féadfaidh an chúirt, i gcás ina bhfuil sé cóir agus cothromasach déanamh amhlaidh, a ordú go n-aisíofar an earlais go léir nó aon chuid d’aon earlais, i dteannta nó d’éagmais úis.

Ordú chun earlais a thabhairt ar ais.

55.—(1) Féadfaidh aon pháirtí i gconradh le haghaidh díol talún nó diúscairt eile talún iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar mhodh achomair ar ordú ag cinneadh ceiste a bhaineann leis an gconradh.

Toghairm díoltóra agus ceannaitheora. [VPA 1874, a. 9]

(2) Ar iarratas den sórt sin, féadfaidh an chúirt an t-ordú sin a dhéanamh, lena n-áirítear ordú i dtaobh costas, de réir mar is cuí léi.

(3) Maidir le ceist ar ina leith a fhéadfar iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, folaíonn sí ceist a bhaineann le haon cheanglas, agóid, éileamh ar chúiteamh nó ceist eile a éiríonn as an gconradh nó i dtaca leis, ach ní fholaíonn sí ceist a fhearann ar an gconradh a bheith ann nó ar bhailíocht an chonartha.

CAIBIDIL 2

Teideal

56.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus (3), tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, is í an tréimhse i gcomhair cruthúnais ar theideal a fhéadfaidh an ceannaitheoir a éileamh tréimhse 15 bliana ar a laghad dar tosach fréamh bhailí theidil.

Fréamh theidil. [VPA 1874, a. 1]

(2) I gcás ina dtionscnóidh an teideal le deontas nó léas feofheirme, ní choisceann *fo-alt (1)* ar an gceannaitheoir a éileamh go dtabharfar an deontas nó an léas feofheirme ar aird.

(3) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* faoi réir théarmaí an chonartha le haghaidh dhíol na talún nó dhiúscairt eile na talún.

57.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus (5), faoi chonradh chun tionóntacht nó fothionóntacht talún a dheonú nó a shannadh, ní bheidh teideal ag an deontáí nó an sannaí beartaithe teideal chun na nithe seo a leanas a iarraidh—

Tionóntachtaí. [VPA 1874, a. 2] [CA 1881, ailt 3 agus 13] [CA 1882, a. 4]

(a) an feo simplí, nó

(b) aon tionóntacht is uasta ná an tionóntacht as a bhfaightear, nó as a bhfaighfear, an fhothionóntacht go díreach.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, faoi chonradh a dhéanfar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo chun tionóntacht nó fothionóntacht a dheonú go ceann téarma is faide ná 5 bliana, féadfaidh an deontáí beartaithe na nithe seo a leanas a iarraidh—

(a) i gcás tionóntachta a gheofar go díreach as an bhfeo simplí, cóip de thíolacas an eastáit sin don deontóir, nó

(b) i gcás fothionóntachta, cóip den uasléas as a bhfaighfear í go díreach agus, más ann, de shannadh díreach an uasléasa don deontóir,

agus, i gcás ina ndeonófar an tionóntacht nó an fhothionóntacht ar an margadhchíos iomlán, agus aon phréimh á tabhairt i gcuntas a íocann an deontáí beartaithe freisin, ach gan aon lamhátais nó aslaigh arna dtabhairt dó nó di a áireamh, féadfaidh an deontáí sin teideal 15 bliana a iarraidh freisin mar cheannaitheoir faoi *alt 56(1)*.

(3) Chun teideal a rianú chuig sannaí beartaithe, ní cuid den teideal, ná ní fianaise ar an teideal, chun na tionóntachta aon réamhchonradh le haghaidh na tionóntachta nó maidir leis an tionóntacht.

(4) Más rud é, mar gheall ar *fho-alt (1)*, nach mbeidh teideal ag deontáí nó sannaí beartaithe teideal chun an fheo shimplí nó chun uastionóntachta a iarraidh, ní dhéantar difear don duine sin, i gcás ina ndéanfar an conradh tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, le fógra i dtaobh aon ní nó ruda a bhféadfadh an duine sin fógra a bheith aige nó aici ina thaobh, dá sonrú sa chonradh gur chóir an teideal sin a thabhairt.

(5) Beidh éifeacht le *fo-ailt (1)* agus (2) faoi réir théarmaí an chonartha le haghaidh dheonú nó shannadh na tionóntachta nó na fothionóntachta.

Coinníollacha eile teidil.

[VPA 1874, a. 2]
[CA 1881, a. 3]

58.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, níl teideal ag ceannaitheoir talún—

- (a) a éileamh go ndéanfar aon ionstraim a thabhairt ar aird is ionstraim arna dátú nó arna déanamh roimh an tréimhse dá dtagraítear in *alt 56*, nó a bheidh sonraithe sa chonradh le haghaidh díola, i gcomhair thosach an teidil, fiú má chruthaíonn an ionstraim cumhacht a fheidhmeofar ina dhiaidh sin le hionstraim a thabharfar ar aird don cheannaitheoir, nó
- (b) aon fhaisnéis a éileamh, nó aon cheanglas, agóid nó fiosrúchán a dhéanamh maidir le haon ionstraim dá dtagraítear i *mír (a)* nó maidir leis an teideal roimh an tréimhse sin, d'ainneoin go ndéantar aon ionstraim, nó an teideal sin roimhe sin, a réamhaithris, go gcomhaontaítear í nó é a thabhairt ar aird, nó go dtugtar aird uirthi nó air,

agus toimhdeoidh an ceannaitheoir, mura léir a mhalairt—

- (i) maidir leis na réamhaithrisí sna hionstraimí a tugadh ar aird agus a bhaineann le haon ionstraim is cuid den teideal sin roimhe sin gur réamhaithrisí cruinne iad, agus go dtugann siad an t-ábhar go léir atá ábhartha san ionstraim arna réamhaithris amhlaidh, agus
- (ii) maidir le gach ionstraim arna réamhaithris amhlaidh go ndearna na páirtithe go léir is gá í a fhorghníomhú go cuí, agus go ndearnadh í a chríochnú, má ba ghá agus de réir mar ba ghá, le haon ghníomh a cheanglaítear nó a cheadaítear de réir dlí.

(2) Ní bhaineann *fo-alt (1)* de cheannaitheoir an ceart chun a éileamh go ndéanfar aon cheann de na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird—

- (a) aon chumhacht aturnae faoina ndéantar aon ionstraim a thugtar ar aird a fhorghníomhú, nó

- (b) aon ionstraim lena gcruthaítear nó lena ndiúscaítear leas, cumhacht nó oibleagáid nár suíodh gur leas, cumhacht nó oibleagáid é nó í atá scortha nó éagtha, agus a ndéantar faoina réir aon chuid den talamh a dhiúscairt le hionstraim a thabharfar ar aird, nó a dtabharfar cóip di ar aird, nó
- (c) ionstraim lena gcruthaítear aon teorainn nó iontaobhas a ndéantar faoina treoir nó faoina threoir aon chuid den talamh a dhiúscairt le hionstraim a thabharfar ar aird.

(3) Ar thalamh a dhíol, déanfaidh an ceannaitheoir, i gcás ina gceanglaíonn an ceannaitheoir ar an díoltóir na nithe sin a dhéanamh, na caiteachais maidir leis na nithe seo a leanas a iompar (ach amháin i gcás inar chóir don díoltóir na caiteachais sin a iompar i gcomhlíonadh na hoibleagáide chun teideal a rianú)—

- (a) na hionstraimí, na litreacha riaracháin, na probháidí, na himeachtaí i gcúirteanna, na taifid, na forálacha reachtúla agus na doiciméid eile nach bhfuil i seilbh an díoltóra, nó mhorgáistí nó iontaobhaí an díoltóra, a thabhairt ar aird agus a iniúchadh,
- (b) na deimhnithe, na dearbhuithe, an fhianaise agus an fhaisnéis go léir agus na cóipeanna fianaithe, oifige, stampáilte nó cóipeanna eile go léir d'aon fhorálacha reachtúla nó doiciméid eile nach bhfuil i seilbh an díoltóra nó mhorgáistí nó iontaobhaí an díoltóra, nó achomaireachtaí orthu nó sleachta astu, a dhéanamh, a fháil, a thabhairt ar aird, a chuardach agus a fhíorú,
- (c) aon chóip a dhéanamh, cibé acu atá sí fianaithe nó neamhfhianaithe, d'aon doiciméad arna choimeád ag an díoltóir nó ag morgáistí nó iontaobhaí an díoltóra, agus a cheanglaíonn an ceannaitheoir a sheachadadh.

(4) Ar thalamh a dhíol ina míreanna, ní bheidh teideal ag ceannaitheoir dhá mhír nó níos mó a shealbhaítear go hiomlán nó go páirteach faoin teideal céanna, chuig níos mó ná achomaireacht amháin den chomhtheideal, ná chuig níos mó ná cóip amháin d'aon doiciméad is cuid den chomhtheideal, ach amháin ar chostas an cheannaitheora féin.

(5) Maidir le neamhábaltacht díoltóra admháil a thabhairt don cheannaitheoir ar an gceart chun cóipeanna de dhoiciméid teidil a thabhairt ar aird agus a sheachadadh, ní hagóid é i gcoinne teidil i gcás ina mbeidh ceart cothromasach ag an gceannaitheoir, ar an gconradh a chríochnú, chun na doiciméid sin a thabhairt ar aird.

(6) Maidir le cibé admhálacha agus gealltanais i leith doiciméid a choimeád slán a éileoidh an ceannaitheoir, tabharfar iad ar chostas an cheannaitheora, agus iompróidh an díoltóir costas breithnithe agus forghníomhaithe thar ceann an díoltóra nó ag an díoltóir agus thar ceann páirtithe riachtanacha eile seachas an ceannaitheoir agus acu.

(7) Féadfaidh díoltóir doiciméad teidil a choimeád más rud é—

- (a) go gcoimeádfaidh an díoltóir aon chuid den talamh lena mbaineann an doiciméad, nó
- (b) go gcuimsítear sa doiciméad ionstraim—

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

- (i) lena gcruthaítear iontaobhas atá ann fós, nó
- (ii) a bhaineann le hiontaobhaí de chuid iontaobhais atá ann cheana a cheapadh nó a urscaoileadh.

(8) Beidh éifeacht leis an alt seo faoi réir théarmaí an chonartha le haghaidh dhíol nó dhiúscairt eile na talún.

(9) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear ar ceannaitheoir an ceannach a chríochnú in aon chás nach ndéanadh an chúirt, ar chonradh arna dhéanamh gan tagairt don alt seo ach ina mbeidh coinníollacha a bheidh cosúil le haon cheann dá fhorálacha, sainchomhlíonadh a dheonú i gcoinne an ceannaitheora.

(10) San alt seo—

- (a) foláíonn “ionstraim” cóip nó achomaireacht,
- (b) foláíonn “a thabhairt ar aird” cóip nó achomaireacht a thabhairt agus léifear focail ghaolmhara dá réir sin.

Ceannaitheoirí a chosaint.

[VPA 1874, a. 2]
[CA 1881, a. 3]

59.—(1) Beidh réamhathrisí, ráitis agus tuairiscí fíoras, nithe agus páirtithe in ionstraimí, i bhforálacha reachtúla nó i ndearbhuithe reachtúla atá 15 bliana d’aois ar dháta an chonartha ina bhfianaise leordhóthanach ar fhírinne na bhfíoras sin, na nithe sin agus na bpáirtithe sin, mura rud é go gcruthófar, agus ach amháin sa mhéid go gcruthófar, go bhfuil siad míchruinn.

(2) Más rud é go mbeidh talamh a dhíolfar arna sealbhú faoi thionóntacht (seachas fothionóntacht), toimhdeoidh an ceannaitheoir, mura léir a mhalairt, gur deonaíodh an tionóntacht go cuí; agus, ar an admháil a thabhairt ar aird ar an íocaíocht dheireanach a bhí dlite i gcomhair cíosa faoin tionóntacht roimh an dáta a rinneadh an ceannach a chríochnú iarbhrí, toimhdeoidh an ceannaitheoir, mura léir a mhalairt, gur comhlíonadh agus gur urramaíodh go cuí cúnaint uile agus forálacha uile na tionóntachta anuas go dtí an dáta a rinneadh an ceannach a chríochnú iarbhrí.

(3) Más rud é go mbeidh talamh a dhíolfar arna sealbhú faoi fhothionóntacht, toimhdeoidh an ceannaitheoir, mura léir a mhalairt, gur deonaíodh an fhothionóntacht agus gach uastionóntacht go cuí, agus, ar an admháil a thabhairt ar aird ar an íocaíocht dheireanach a bhí dlite i gcomhair cíosa faoin bhfothionóntacht roimh an dáta a rinneadh an ceannach a chríochnú iarbhrí, toimhdeoidh an ceannaitheoir, mura léir a mhalairt, gur comhlíonadh agus gur urramaíodh go cuí cúnaint agus forálacha uile na fothionóntachta anuas go dtí an dáta a rinneadh an ceannach a chríochnú iarbhrí, agus freisin gur íocadh an cíos go léir atá dlite faoi gach uastionóntacht, agus gur comhlíonadh agus gur urramaíodh go cuí cúnaint agus forálacha uile gach uastionóntachta, anuas go dtí an dáta sin.

Ceilt chalaioiseach agus falsú.

[LPAA 1859, a. 24]
[LPAA 1860, a. 8]

60.—(1) Aon duine atá ag diúscairt talún chuig ceannaitheoir, nó chuig aturnae nó gníomhaire eile an duine sin, agus a dhéanfaidh, le hintinn calaois a dhéanamh—

- (a) aon ionstraim nó eire a bhaineann leis an teideal a cheilt ar an gceannaitheoir, nó

- (b) aon fhaisnéis nó ní ar a bhféadfadh an teideal a bheith ag brath a fhalsú d'fhonn a thabhairt ar an gceannaitheoir glacadh leis an teideal arna thairiscint nó arna thabhairt ar aird,

beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin Acht seo.

(2) Beidh aon duine den sórt sin nó atur nae nó gníomhaire an duine sin faoi dhliteanas freisin i leith caingne le haghaidh damáistí ag an gceannaitheoir nó daoine a fhaigheann teideal faoin gceannaitheoir i leith aon chaillteanais a bhain dó nó di nó dóibh—

- (a) mar gheall ar an ionstraim nó an eire a cheilt, nó

- (b) mar gheall ar aon éileamh arna dhéanamh ag duine ar ceileadh a theideal nó a teideal chun na talún tríd an bhfalsú sin.

(3) Le linn damáistí a mheasúnú, i gcás ina ndéanfar an talamh a ghnóthú ón gceannaitheoir nó ó dhaoine a fhaigheann teideal faoin gceannaitheoir, tabharfar aird ar aon chaiteachas acu ar fheabhsú na talún.

(4) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

61.—(1) I gcás ina ndéanfar talamh ag a bhfuil comhtheideal le talamh eile a thíolacadh do ceannaitheoir (seachas tionónta nó morgáistí) nach bhfuil seilbh aige nó aici, nó nach bhfaigheann seilbh, ar na doiciméid dá bhfuil an comhtheideal comhdhéanta, féadfaidh an ceannaitheoir, d'ainneoin coinníll dá mhalairt sa chonradh nó sa tíolacas, a cheangal go ndéanfar meabhrán ina dtabharfar fógra maidir le haon fhorálacha sa tíolacas lena sriantar úsáid aon talún eile, nó lena mbronntar cearta thar aon talamh eile, is talamh a chuimsítear sa chomhtheideal a fhorghníomhú ar dhoiciméad éigin nó a chur ag gabháil go buan le doiciméad éigin a roghnóidh an ceannaitheoir ach a choimeádfar i seilbh nó faoi rialú an díoltóra agus is cuid den chomhtheideal nó a chomhdhéanfaidh cuid den chomhtheideal.

Fógra maidir le cearta ar chomhtheideal.

[CA 1911, a. 11]

(2) Maidir le teideal duine a mhainníonn a cheangal go ndéanfar formhuiniú nó cur ag gabháil faoin alt seo, ní dhéantar difear nó dochar dó mar gheall ar an mainneachtain sin amháin.

- (3) Níl feidhm ag an alt seo maidir le talamh cláraithe.

CAIBIDIL 3

Gníomhais agus a n-oibriú

62.—(1) Faoi réir *alt 63*, ní fhéadfar eastát dlíthiúil nó leas i dtalamh a chruthú nó a thíolacadh ach amháin trí ghníomhas.

Ní dhéanfar tíolacais ach amháin trí ghníomhas.

(2) Aon ghníomhas a fhorghníomhófar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo beidh éifeacht iomlán leis chun na gcríoch sin gan gá le haon tíolacas i leith úsáidí agus aistreoidh sé seilbh nó an ceart seilbhe ar an talamh, gan dul isteach iarbhair, mura mbeidh sé faoi réir réamhchirt seilbhe éigin.

[SU 1634]
[RPA 1845, ailt 2 agus 3]

(3) I gcás tíolacais dheonaigh arna fhorghníomhú tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, níl úsáid fhillteach don deontóir intuigthe díreach toisc nach bhfuil sé sainráite go bhfuil an talamh á tíolacadh chun úsáid nó sochair an deontáí.

(4) Níl éifeacht a thuilleadh le margán agus díol, cúnant feo-úinéireachta, tíolacadh feoid fara seachadadh seilbhe nó le haon teaghlaim díobh seo chun eastát dlíthiúil nó leas dlíthiúil i dtalamh a chruthú nó a thíolacadh.

Eisceachtaí ó ghníomhais.

63.—Níl feidhm ag *alt* 62(1) maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) aontú ag ionadaí pearsanta,
- (b) géilleadh nó tíolacas eile a thiocfaidh in éifeacht trí fheidhmiú dlí,
- (c) séanadh nach gceanglaítear é a dhéanamh trí ghníomhas,
- (d) deonú nó sannadh tionóntachta nach gceanglaítear é a dhéanamh trí ghníomhas,
- (e) fáil nach gceanglaítear í a dhéanamh trí ghníomhas,
- (f) ordú dílseacháin ón gcúirt nó ó údarás inniúil eile, nó
- (g) aon tíolacas eile a fhorordófar.

Foirmiúlachtaí le haghaidh gníomhas.

64.—(1) Aon riail dlí lena gceanglaítear—

- (a) séala le haghaidh forghníomhú bailí gníomhais ag pearsa aonair, nó
- (b) gur trí ghníomhas a thabharfar údarás chun gníomhas a sheachadadh,

cuirtear deireadh léi.

(2) Aon ionstraim a fhorghníomhófar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo is gníomhas í más rud é—

- (a) go ndéantar í a thuairisciú ag a barr le focail amhail “Sannadh”, “Tíolacas”, “Muirear”, “Gníomhas”, “Dintiúr”, “Léas”, “Morgáiste”, “Géilleadh” nó ceanteideal eile atá cuí don ghníomhas atá i gceist, nó go soiléirítear ar shlí eile ar a héadan go mbeartaíonn an duine atá á déanamh, nó na páirtithe inti, gur gníomhas í, trína chur in iúl go ndearnadh í a fhorghníomhú nó a shíniú mar ghníomhas,
- (b) go bhforghníomhófar í sa tslí seo a leanas:
 - (i) más pearsa aonair a dhéanfaidh í—
 - (I) go mbeidh sí sínithe ag an bpearsa aonair i láthair finné a fhianóidh an síniú, nó
 - (II) go mbeidh sí sínithe ag duine ar ordú na pearsan aonair arna tabhairt i láthair finné a fhianóidh an síniú, nó

(III) go mbeidh síniú na pearsan aonair admhaithe aige nó aici i láthair finné a fhianóidh an síniú;

(ii) más cuideachta atá cláraithe sa Stát a dhéanfaidh í, go bhforghníomhaítear í faoi shéala na cuideachta de réir a hAirteagal Comhlachais;

(iii) más comhlacht corpraithe atá cláraithe sa Stát seachas cuideachta a dhéanfaidh í, go bhforghníomhaítear í de réir na gceanglas dlíthiúil lena rialaítear forghníomhú gníomhas ag comhlacht corpraithe den sórt sin;

(iv) más comhlacht corpraithe coigríche a dhéanfaidh í, go bhforghníomhaítear í de réir na gceanglas dlíthiúil lena rialaítear forghníomhú na hionstraime atá i gceist ag comhlacht corpraithe den sórt sin sa dlínse ina bhfuil sé corpraithe,

agus

(c) go ndéanfaidh an duine a fhorghníomhóidh í, nó duine a bheidh údaraithe chun déanamh amhlaidh thar ceann an duine sin, í a sheachadadh mar ghníomhas.

(3) Aon ghníomhas a fhorghníomhófar faoin alt seo, tá éifeacht leis amhail is gur doiciméad é arna fhorghníomhú faoi shéala.

(4) Beidh éifeacht dintiúir le gníomhas, cibé tráth a chruthaítear é, fiú mura ndéantar dintiúir de nó mura bhfuil sé sainráite ann gur dintiúir é.

65.—(1) Aon riail dlí lena ndearbhaítear go ndéantar seachadadh ionstraime ag gcomhlacht corpraithe a chur i gcrích trína shéala corparáide a ghreamú don ionstraim, cuirtear deireadh léi.

Eascrónna ag comhlachtaí corpraithe.

(2) Aon ionstraim a fhorghníomhóidh comhlacht corpraithe de réir *alt 64(2)(b)*, féadfar í a oibriú mar eascró sna himthosca céanna ina n-oibrítear ionstraim arna forghníomhú ag pearsa aonair agus beidh na hiarmhairtí céanna léi.

66.—(1) Féadfaidh duine aon mhaoin a thíolacadh don duine sin i gcomhpháirt le duine eile ar an gcaoi chéanna a bhféadfadh an duine sin í a thíolacadh do dhuine eile.

Tíolacadh don duine féin.

[LPA 1859, a. 21]
[CA 1881, a. 50]

(2) Faoi réir *fo-alt (3)*—

(a) féadfaidh duine maoin a thíolacadh, ach gan í a léasú, don duine céanna sin i gcáil eile,

(b) féadfaidh beirt duine nó níos mó, agus b'fhéidir leo riamh, aon mhaoin a dhílsítear dóibh a thíolacadh d'aon duine amháin nó níos mó díobh féin ar an gcaoi chéanna a bhféadfaidís í a thíolacadh do thríú duine.

(3) Ní dhéantar tíolacas arna dhéanamh de shárú ar iontaoibh nó ar oibleagáid mhuinéach eile a bhailíochtú le *fo-alt (2)*.

(4) Gan dochar *d'alt 80*, ní dhéanann an t-alt seo difear d'aon riail dlí faoina bhfuil cúnant arna dhéanamh leis an duine féin neamh-infheidhmithe.

Focail chinnteachta.
[CA 1881, a. 51]

67.—(1) Aon tíolacas talún neamhchláraithe i dteannta nó d'éagmais focal cinnteachta, nó aon abairte comhionainne, aistríonn sé an feo simplí nó an t-eastát nó an leas iomlán eile a raibh cumhacht ag an deontóir é a chruthú nó a thíolacadh, mura léir a mhalairt d'intinn a bheith sa tíolacas.

(2) Aon tíolacas talún neamhchláraithe chuig corparáid aonair faoi theideal corpraithe an duine sin gan an focal “comharbaí”, aistríonn sé an feo simplí nó an t-eastát nó an leas iomlán eile, a raibh cumhacht ag an deontóir é a chruthú nó a thíolacadh, chuig an gcorparáid, mura léir a mhalairt d'intinn sa tíolacas

(3) I gcás ina bhfuil sé sainráite go bhfuil leas i dtalamh á thabhairt—

- (a) d'oidhre nó d'oidhrí aon duine, nó
- (b) d'aon oidhre áirithe de chuid aon duine, nó
- (c) d'aon aicme oidhrí de chuid aon duine, nó
- (d) do shliocht aon duine,

i bhfocail a d'oibreodh, faoin riail ar a dtugtar an Riail i *gCás Shelley*, chun feo simplí a thabhairt don duine sin, oibreoidh na focail sin mar fhocail cheannaigh agus ní mar fhocail chinnteachta agus beidh éifeacht leo de réir cothromais dá réir sin.

(4) Faoi réir *alt 68*, tá feidhm ag *fo-ailt (1)* go (3) maidir le tíolacais arna bhforghníomhú roimh thosach feidhme na Caibidle seo, ach sin gan dochar d'aon ghníomh nó ní arna dhéanamh nó aon leas arna dhiúscairt nó arna fháil roimh an tosach feidhme sin de dhroim na mainneachtana focail chinnteachta a úsáid i dtíolacas den sórt sin nó an Riail i *gCás Shelley* a chur i bhfeidhm.

Leasanna áirithe a mhúchadh.

68.—(1) Aon leas—

- (a) a raibh teideal ag duine chuige, nó
- (b) a fuair duine,

roimh thosach feidhme na Caibidle seo de dhroim na mainneachtana focail chinnteachta a úsáid i dtíolacas arna fhorghníomhú roimh an tosach feidhme sin nó an Riail i *gCás Shelley* a chur i bhfeidhm, múchtar é mura rud é go ndéanfaidh an duine a éilíonn go bhfuil sé nó sí i dteideal an leasa nó go bhfuair sé nó sí é—

- (i) iarratas chun na cúirte, laistigh de 12 bhliain ó thosach feidhme na Caibidle seo, ar ordú faoin alt seo, agus
- (ii) aon ordú a dhéanfar faoin alt seo a chlárú de réir *fo-alt (3)*.

(2) Ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh á dhearbhu go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an leasa nó go bhfuair sé nó sí é,
- (b) diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh más deimhin léi nach ndéanfar aon éagóir shubstaintiúil ar aon pháirtí, nó
- (c) in ionad dearbhú i bhfabhar an iarratasóra, a ordú go ndéanfaidh páirtí eile cibé cúiteamh a íoc leis an iarratasóir is dóigh leis an gcúirt is cuí.

(3) Déanfar ordú faoin alt seo a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

69.—(1) Oibríonn forchoimeádas eastáit dhlíthiúil nó leasa i dtíolacas talún, gan an tíolacas nó aon athdheonú a bheith forghníomhaithe, ag an deontaí— Forchoimeádais. [CA 1881, a. 62]

- (a) chun an t-eastát nó an leas sin a dhísiú don deontóir nó do dhuine eile ar ar mhaithe leis nó léi a dhéanfar é, agus
- (b) chun é a chur i gceangal leis an talamh, más ann, ar ar mhaithe leis a dhéanfar é.

(2) Maidir le tíolacas talún a bhfuil sé sainráite ann go bhfuil sé faoi réir eastáit dhlíthiúil nó leasa nach bhfuil ar marthain díreach roimh dháta an tíolacais, oibríonn sé mar fhorchoimeádas de réir bhrí *fho-alt (1)*, mura mbeidh a mhalairt d'intinn sainráite sa tíolacas.

(3) D'fhonn éifeacht tíolacais talún a fhorléiriú, ní mheasfar go mbeidh éifeacht le forchoimeádas mar athdheonú.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo ach amháin maidir le forchoimeádais a dhéanfar tar éis thosach feidhme na Coda seo.

70.—(1) I gcás ina bhfuil sé sainráite go ndéantar le gníomhas eastát nó leas i dtalamh, nó sochar cúnaint nó cirt a bhaineann le talamh, a thabhairt do dhuine, féadfaidh an duine sin an gníomhas a fhorfheidmiú cibé acu atá sé nó sí ainmnithe mar pháirtí ann nó nach bhfuil. Sochar gníomhas. [RPA 1845, a. 5]

(2) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear thairis sin do theoiric na hionpháirteachta i gconradh.

71.—(1) Folaíonn tíolacas talún, agus tíolacann sé i dteannta na talún— Airíonna agus cearta a thíolactar i dteannta talún.

- (a) na foirgnimh, na coimíní, na díoga, na draenacha, na tógálacha, na fáлта, na daingneáin, na hairbheadha, an t-uisce, na sruthchúrsaí agus na hairíonna eile go léir is cuid den talamh, [CA 1881, a. 6]
- (b) na buntáistí, na héasúintí, na saoirsí, na pribhléidí, na *profits à prendre* agus na cearta go léir a bhaineann leis an talamh nó atá i gceangal léi.

(2) Folaíonn aon tíolacas talún ar a bhfuil tithe agus foirgnimh eile, agus tíolacann sé i dteannta na talún, na dtithe nó na bhfoirgneamh eile—

- (a) na limistéir, na siléir, na sistéil, na cúirteanna, na clóis, na draeinphíopaí, na draenacha, na tógálacha, na daingneáin, na gairdíní, na soilse, na fothithe, na pasáistí, na séaraigh, na sruthchúrsaí, na garraithe agus na gnéithe eile go léir is cuid den talamh, de na tithe nó de na foirgnimh eile,
 - (b) na buntáistí, na héasúintí, na saoirsí, na pribhléidí, na *profits à prendre* agus na cearta go léir a bhaineann leis an talamh, leis na tithe nó leis na foirgnimh eile nó atá i gceangal léi nó leo.
- (3) Maidir leis an alt seo—
- (a) ní dhéantar leis, ar aon talamh (cibé acu atá tithe nó foirgnimh eile uirthi nó nach bhfuil) a thíolacadh—
 - (i) aon leas nó ceart nua a chruthú nó aon chuasai-leas nó cuasai-cheart a bhí ann roimh an tíolacas a chomhshó ina leas nó ina cheart iomlán, nó
 - (ii) raon aon cheadúnais, pribhléide nó leasa nó cirt eile a bhí ann roimh an tíolacas a leathnú nó é nó í a chomhshó ina leas nó ina cheart nó ina ceart nua,
 - (b) ní dhéantar leis—
 - (i) teideal a thabhairt d'aon duine is teideal níos fearr chun aon talún, cirt nó leasa dá dtagraítear san alt seo ná an teideal a thugtar leis an tíolacas chun na talún a bhfuil sé sainráite ina taobh go dtíolactar í, nó
 - (ii) aon talamh, leas nó ceart a thíolacadh d'aon duine, thar mar a d'fhéadfadh, nó seachas mar a d'fhéadfadh, an deontóir a thíolacadh don duine sin,
 - (c) beidh éifeacht leis faoi réir théarmaí an tíolacais.

Ionstraimí
forlíontacha.
[CA 1881, a. 53]

72.—(1) Aon ionstraim a bhfuil sé sainráite inti gur ionstraim fhorlíontach ar ionstraim roimhe sin í, nó a n-ordaítear í a léamh mar iarscríbhinn a ghabhann le hionstraim den sórt sin, déanfar, a mhéid is cuí, í a léamh agus beidh éifeacht léi amhail is dá mba rud é, maidir leis an ionstraim a bhfuil sé sainráite nó ordaithe ina taobh amhlaidh—

- (a) go ndéanfaí í trí fhormhuiniú ar an ionstraim roimhe sin, nó
- (b) go mbeadh réamhaithris iomlán ar an ionstraim roimhe sin inti.

(2) Ní thugtar leis an alt seo aon cheart do cheannaitheoir chun achomaireacht d'aon ionstraim roimhe sin den sórt sin nó cóip di a fháil nó chun í a thabhairt ar aird agus féadfaidh ceannaitheoir an fhianaise chéanna a ghlacadh nach ndéanann an ionstraim roimhe sin difear don teideal amhail is dá mba rud é nach ndearnadh ach é a lua san ionstraim fhorlíontach.

73.—(1) Ní dhéanann scaoileadh cuid de thalamh—

Scaoileadh páirteach.

(a) ó chósmhuirear, an cíosmhuirear a mhúchadh, ach is urchosc é ar an gceart chun aon chuid den chósmhuirear a ghnóthú as an talamh a bheidh scaoilte agus air sin amháin,

[LPAA 1859, ailt 10 agus 11]

(b) ó bhreithiúnas arna mhuirearú ar an talamh, difear do bhailíocht an bhreithiúnais maidir le haon chuid den talamh nach mbeidh scaoilte go sonrath.

(2) Ní dhéantar le *fo-alt (1)*—

(a) dochar do chearta aon duine a bhfuil leas aige nó aici sa talamh nár scaoileadh agus nach gcomhthoílíonn leis an scaoileadh nó nach ndaingníonn an scaoileadh, nó

(b) gnóthú an chósmhuirir iomláin nó forghníomhú an bhreithiúnais iomláin i gcoinne na talún nár scaoileadh a chosc, mura gcomhaontóidh na daoine leasmhara ar a mhalairt.

74.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aon diúscairt shaorálach talún a dhéantar le hintinn an talamh a bhaint go calaoiseach de cheannaitheoir dá éis sin, tá sí in-neamhnithe ag an gceannaitheoir sin.

Diúscairtí calaoiseacha.

[CA 1634, ailt 1 go 5, 10, 11 agus 14]
[VCA 1893]

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, ní léifear diúscairt shaorálach mar ní atá beartaithe chun calaois a dhéanamh de bhíthin amháin go ndearnadh an talamh chéanna a dhiúscairt dá éis sin ar chomaoin luachmhar.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, aon tíolacas maoin a dhéantar le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaí nó ar dhuine eile, tá sé in-neamhnithe ag aon duine a ndéantar dochar dó nó di leis sin.

(4) Maidir le *fo-alt (3)*—

(a) níl feidhm aige maidir le haon eastát nó leas i maoin a thíolactar ar chomaoin luachmhar d'aon duine de mheon macánta nach mbeidh fógra faighte aige nó aici tráth an tíolacais i dtaobh na hintinne calaoisí, nó

(b) ní dhéanann sé difear d'aon dlí eile a bhaineann le féimheacht pearsan aonair nó le dócmhainneacht chorparáideach.

CAIBIDIL 4

Ábhair ghníomhas

75.—Maidir le focail agus abairtí áirithe a úsáidfeadh in aon ionstraim a bhainfidh le talamh arna forghníomhú nó arna déanamh tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

Forléiriú ionstraimí.

(a) beidh siad faoi réir na rialacha ginearálta forléirithe céanna is infheidhme, maidir leis na focail agus na habairtí sin a úsáidtear in Achtanna an Oireachtais, faoi Chuid 4 d'Acht 2005,

- (b) beidh leo an bhrí áirithe chéanna, an forléiriú áirithe céanna nó an éifeacht áirithe chéanna a shanntar do na focail agus do na habairtí sin a úsáidtear in Achtanna an Oireachtais, le Cuid 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht sin nó le *halt* 3 den Acht seo, cibé acu is oiriúnaí.

Clásal maidir leis an eastát uile.

[CA 1881, a. 63]

76.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), le tíolacas talún aistrítear an t-éileamh, an iarraidh, an t-eastát, an leas, an ceart agus an teideal uile atá ag an deontóir, nó a bhfuil cumhacht ag an deontóir a thíolacadh sa talamh, chuig an talamh nó ar an talamh a thíolactar nó a bheartaítear a thíolacadh nó a ndeirtear ina leith go bhfuil sé á thíolacadh.

- (2) Tiocfaidh an t-alt seo in éifeacht faoi réir théarmaí an tíolacais.

Admhálacha i ngníomhais.

[CA 1881, a. 54 go 56]

77.—(1) Is leor admháil ar chomaoin i gcorp gníomhais mar urscaoileadh ar an gcomaoin don duine a bheidh á tabhairt, gan aon admháil bhreise a bheith formhuinithe ar an ngníomhas.

(2) Fianaise dhochloíte gur tugadh an chomaoin iomlán is ea admháil ar chomaoin i gcorp gníomhais, i bhfabhar ceannaitheora ina dhiaidh sin (gan fógra a bheith aige nó aici nach ndearnadh iarbhír an chomaoin, a admhaítear amhlaidh a bheith faighte, a thabhairt go hiomlán nó go páirteach).

- (3) I gcás go ndéanfaidh aturnae gníomhas a thabhairt ar aird—

(a) a bhfuil admháil ar chomaoin ina chorp, agus

(b) a ndearna an duine a bhí i dteideal admháil ar an gcomaoin a thabhairt é a fhorghníomhú,

is údarás dochloíte an gníomhas don duine a bheidh faoi dhliteanas an chomaoin a thabhairt í a thabhairt don aturnae, gan an t-aturnae do thabhairt ar aird aon údarás nó ordachán ar leithligh nó údarás nó ordachán eile chuige sin ón duine a rinne an gníomhas nó an admháil a fhorghníomhú nó a shíniú.

(4) I *bhfo-alt* (3) foláionn “aturnae” aon fhostaí de chuid aturnae, agus aon chomhalta nó aon fhostaí de chuid gnólachta ar páirtí ann an t-aturnae, agus aon fhostaí nó aon chomhalta den sórt sin de chuid gnólachta eile atá ag gníomhú mar ghníomhaire an aturnae nó an ghnólachta.

Coinníollacha agus cúnaint nach intuigthe.

[RPA 1845, a. 4]

78.—(1) Ní bheidh aon choinníoll dlí intuigthe ó mhalartú talún ná ó thíolacas eile talún.

(2) Faoi réir aon fhorála reachtúla, níl aon chúnant intuigthe ó úsáid an fhocail “tabhairt” nó “deonaigh” in aon tíolacas.

Raon *ailt* 80 agus 81.

79.—In *ailt* 80 agus 81—

(a) maidir le “tíolacas”—

(i) ní fholaíonn sé tionóntacht a dheonú,

(ii) ciallaíonn sé tíolacas arna dhéanamh tar éis thosach feidhme na Caibidle seo,

- (b) aon tagairt do dhuine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag “tíolacadh”, nó d’eastát nó do leas nó do thalamh a ndeirtear ina leith é a bheith “tíolactha”, ní chiallaíonn sé nach mór na focail “tíolacadh” nó “tíolactha” a úsáid sa tíolacas chun an cúnant a bheith intuigthe.

80.—(1) I dtíolacas d’aicme ar bith dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2), tá na cúnaint a shonraítear i ndáil leis an aicme sin i *gCuid 2* a ghabhann le *Sceideal 3* intuigthe, agus meastar na cúnaint sin a bheith déanta—

Cúnaint le haghaidh teidil.

[CA 1881, a. 7]

- (a) ag an duine nó ag gach duine a thíolacann, go feadh mhéid an eastáit nó an leasa nó na scaire den eastát nó den leas a ndeirtear ina leith go bhfuil sé á thíolacadh nó go bhfuil sí á tíolacadh ag an duine sin (“ábhar an tíolacais”),
- (b) leis an duine dá ndéantar an tíolacas, nó leis na daoine go comhpháirteach agus go leithleach, má tá níos mó ná duine amháin ann, dá ndéantar an tíolacas mar nascthionóntaí, nó le gach duine de na daoine, má tá níos mó ná duine amháin ann, dá ndéantar an tíolacas mar thionóntaí i gcoiteannas,

agus beidh an éifeacht leo a shonraítear i *gCodanna 1* agus *2* de *Sceideal 3*.

(2) Is iad na haicmí tíolacais dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)—

- Aicme 1: Tíolacas (seachas morgáiste) ar chomaoin luachmhar eastáit nó leasa i dtalamh (seachas tionóntacht) arna dhéanamh ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”;
- Aicme 2: Tíolacas (seachas morgáiste) ar chomaoin luachmhar talún a chuimsítear i léas arna dhéanamh ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”;
- Aicme 3: Tíolacas ina gcuimsítear talamh a chur faoi mhorgáiste (seachas talamh a chuimsítear i léas) arna dhéanamh ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”;
- Aicme 4: Tíolacas ina gcuimsítear talamh a chur faoi mhorgáiste a chuimsítear i léas arna dhéanamh ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”;
- Aicme 5: Tíolacas arna dhéanamh ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar iontaobhaí”, “mar mhorgáistí”, “mar ionadaí pearsanta” nó faoi ordú de chuid na cúirte.

(3) I gcás go ndéanann duine tíolacas ar duine é nó í a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh ar ordachán ó dhuine eile a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag ordú “mar úinéir tairbhiúil”, ansin, cibé acu a ndeirtear nó nach ndeirtear i leith an duine eile sin freisin go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”, is tíolacas arna dhéanamh ag an duine eile sin a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil” an tíolacas, chun críocha an ailt seo, go feadh mhéid ábhar an tíolacais arna dhéanamh ar ordachán an duine eile sin.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

(4) Gan dochar d’alt 52(6) d’Acht 1965, más rud é i dtíolacas nach ndeirtear i leith duine atá ag tíolacadh go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”, “mar iontaobhaí”, “mar mhorgáistí”, “mar ionadaí pearsanta”, faoi ordú de chuid na cúirte ná ar ordachán ó dhuine “mar úinéir tairbhiúil”, ní intuigthe sa tíolacas aon chúnant ar thaobh an duine atá ag tíolacadh.

(5) Maidir le sochar cúnaint atá intuigthe faoin alt seo—

(a) déantar é a chur i gceangal, agus aistrítear é, le heastát nó leas an chúnantaí intuigthe,

(b) tá sé infhorfheidhmithe ag gach duine, lena n-áirítear tionónta, morgáistí agus aon duine eile a fhaigheann teideal ón gcúnantaí intuigthe nó faoin gcúnantaí intuigthe, a ndéantar an t-eastát nó an leas sin, nó aon chuid de, nó eastát nó leas a fhaightear as an gcéanna, a dhílsiú dó nó di ó am go ham.

(6) Féadfar cúnant atá intuigthe faoin alt seo, de réir théarmaí an tíolacais—

(a) a eisiamh ach ní ceadmhach é a eisiamh a mhéid go ndéantar cúnant aonair nó na cúnaint go léir (ar leith ó chuid díobh amháin), atá intuigthe i ndáil le duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh mar a shonraítear i *bhfo-alt* (2), a eisiamh,

(b) a mhodhnú agus, má dhéantar é a mhodhnú amhlaidh, oibríonn sé amháil is dá mbeadh an modhnú ar áireamh san alt seo agus i *Sceideal* 3.

(7) Aon chúnant atá intuigthe faoin alt seo mar gheall ar é a bheith ráite i leith duine go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”, féadfar é a chorprú, faoi threoir shainráite an ailt seo, i dteannta nó d’éagmais modhnaithe, i dtíolacas, cibé acu is ar chomaoin luachmhar nó nach ea, ag duine a ndeirtear ina leith go bhfuil sé nó sí ag tíolacadh mar a shonraítear in *Aicme 5 d’fho-alt* (2).

Cúnaint bhreise le haghaidh talún a chuimsítear i léas.

81.—(1) I dtíolacas d’aon aicme dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2), tá na cúnaint a shonraítear i ndáil leis an aicme sin i *gCuid 3 de Sceideal 3* intuigthe, i dteannta na gcúnant dá dtagraítear in *alt 80(1)*, agus meastar na cúnaint sin a bheith á ndéanamh—

(a) ag an duine, nó ag na daoine i gcomhpháirt agus go leithleach, má tá níos mó ná duine amháin ann, a shonraítear amhlaidh i ndáil le haon aicme tíolacais,

(b) leis an duine arb é nó í an páirtí eile sa tíolacas é nó í, nó leis na daoine i gcomhpháirt agus go leithleach, má tá níos mó ná duine amháin ann, arb iad na páirtithe eile sa tíolacas iad,

agus beidh an éifeacht leo a shonraítear i *gCodanna 1* agus *3 de Sceideal 3*.

(2) Is iad seo a leanas na haicmí tíolacais dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)—

Aicme 6: Tíolacas (seachas morgáiste)—

- (a) na talún go léir atá i léas, nó
- (b) cuid den talamh atá i léas, faoi réir cuid den chíos atá ar forchoimeád leis an léas agus a rinneadh a chionroinnt, nó atá á cionroinnt leis an tíolacas, le toiliú an léasóra,

ar chomaoin luachmhar ar feadh a mbeidh fágtha den téarma nó den leas a chruthaítear leis an léas;

Aicme 7: Tíolacas (seachas morgáiste) cuid den talamh atá i léas, ar chomaoin luachmhar ar feadh a mbeidh fágtha den téarma nó den leas a chruthaítear leis an léas, faoi réir cuid den chíos atá ar forchoimeád leis an léas agus a rinneadh a chionroinnt, nó atá á cionroinnt leis an tíolacas, gan toiliú an léasóra.

(3) Más rud é, i gcás tíolacais (seachas morgáiste), go ndeirtear go bhfuil cuid de thalamh atá i léas á tíolacadh, gan toiliú an léasóra—

- (a) faoi réir an chíosa go léir, ansin tá éifeacht le *cúnant (1) i mír (2) de Chuid 3 de Sceideal 3* amhail is dá mba é an cíos cionroinnte an cíos go léir,
- (b) saortha ón gcíosa go léir, ansin tá éifeacht le *cúnant (2) i mír (2) de Chuid 3 de Sceideal 3* amhail is dá mba é iarmhéid an chíosa an cíos go léir, agus amhail is dá bhfágfaí “(seachas an cúnant chun an cíos go léir a íoc)” ar lár as an gcúnant.

(4) Maidir le sochar cúnaint atá intuigthe faoin alt seo—

- (a) tá sé i gceangal le heastát nó leas an chúnantaí intuigthe agus aistroidh sí le heastát nó leas an chúnantaí intuigthe,
- (b) tá sé infhorfheidhmithe ag gach duine, lena n-áirítear tionónta, morgáistí agus aon duine eile a fhaigheann teideal ón gcúnantaí intuigthe nó faoin gcúnantaí intuigthe, a ndéantar an t-eastát nó an leas sin, nó cuid de, nó eastát nó leas a fhaightear as an gcéanna, a dhílsiú dó nó di ó am go ham.

(5) Féadfar aon chúnant atá intuigthe faoin alt seo, de réir théarmaí an tíolacais—

- (a) a mhodhnú le forálacha sainráite an tíolacais agus, má mhodhnaítear amhlaidh é, oibreoidh sé amhail is dá mbeadh an modhnú ar áireamh san alt seo agus i *Sceideal 3*,
- (b) a leathnú trí fhoráil a dhéanamh go sainráite sa tíolacas—
 - (i) maidir leis an talamh a thíolactar, nó
 - (ii) maidir leis an gcuid den talamh atá dílsithe fós don chúnantóir,

go bhfuil sé nó sí faoi mhuirear an t-airgead go léir a íoc a thiocthadh chun bheith iníoctha ar shlí eile faoin gcúnant intuigthe.

Cúnant ag beirt duine nó níos mó, nó leo.

[CA 1881, a. 60]

82.—(1) Más rud é, faoi chúnant—

- (a) gur cúnantóirí iad daoine, beidh an cúnant ina cheangal orthu agus ar aon bheirt nó níos mó acu i gcomhpháirt agus ar gach duine acu go leithleach,
- (b) gur cúnantaithe iad daoine, forléireofar an cúnant mar chúnant atá déanta freisin le gach duine acu.

(2) Déantar, le cúnant a dhéantar le daoine i gcomhpháirt chun tíolacas a dhéanamh, chun airgead a íoc leo nó chun aon ghníomh eile a dhéanamh dóibh nó chun sochair dóibh, oibleagáid a thabhairt le tuiscint chun an gníomh a dhéanamh dóibh seo a leanas, nó chun sochair dóibh—

- (a) a marthanóir nó a marthanóirí, nó
- (b) aon duine eile ar chuige nó chuici a chineachann an ceart agartha ar an gcúnant.

(3) Tioctfaidh an t-alt seo in éifeacht faoi réir théarmaí an chúnant nó an tíolacais ina bhfuil sé nó ina bhfuil sé intuigthe nó faoi réir théarmaí aon fhorála reachtúla a thabharfaidh an cúnant le tuiscint.

(4) San alt seo foláionn “cúnant” cúnant sainráite nó intuigthe agus banna nó oibleagáid atá i ngníomhas.

Cúnant ag duine i gcomhpháirt le daoine eile.

83.—Déanfar cúnant, cibé acu is cúnant sainráite nó intuigthe é, a dhéanfaidh duine leis an duine sin i gcomhpháirt le duine eile nó daoine eile, a fhorléiriú agus beidh sé infhorfheidhmithe amhail is dá ndéanfaí é leis an duine eile sin nó leis na daoine eile sin amháin.

Doiciméid a thabhairt ar aird agus a choimeád slán.

[CA 1881, a. 9]

84.—(1) I gcás go gcoimeádann duine seilbh ar dhoiciméid agus go dtugann sé nó sí na nithe seo a leanas do dhuine eile i scríbhinn—

- (a) admháil ar cheart an duine eile sin go dtabharfar na doiciméid sin ar aird dó nó di agus go seachadfar cóipeanna díobh air nó uirthi (“an admháil”),
- (b) gealltanais go gcoimeádfar na doiciméid sin slán (“an gealltanais”),

beidh leis an admháil agus leis an ngealltanais an éifeacht a shonraítear san alt seo.

(2) Is iad seo a leanas na hoibleagáidí a fhorchuirtear le hadmháil—

- (a) na doiciméid nó aon cheann acu a thabhairt ar aird gach tráth réasúnach chun go ndéanfaidh an duine atá i dteideal a iarraidh go dtabharfar ar aird iad, nó aon duine atá údaraithe i scríbhinn ag an duine sin, iniúchadh orthu nó comparáid idir iad agus achomaireachtaí nó cóipeanna de na doiciméid,

- (b) na doiciméid nó aon cheann acu a thabhairt ar aird i gcúirt nó in aon áit eile a bhféadfar, nó ar aon ócáid ar a bhféadfar, a cheangal go cuí iad a thabhairt ar aird chun teideal nó éileamh an duine atá i dteideal a iarraidh go dtabharfar na doiciméid nó aon cheann acu ar aird a chruthú nó chun tacú le teideal nó le héileamh an duine sin, nó chun aon chríche eile a bhaineann leis an teideal sin nó leis an éileamh sin,
- (c) cibé cóipeanna nó achomaireachtaí, fianaithe nó neamhfhianaithe, de na doiciméid nó d'aon cheann acu nó as na doiciméid nó as aon cheann acu a sheachadadh ar an duine atá i dteideal iad a iarraidh.

(3) Is í an oibleagáid a fhorchuirtear le gealltanais na doiciméid a choimeád iomlán, sábháilte, neamhchealaithe agus neamhghloite.

(4) Comhlíonfar na hoibleagáidí ó am go ham—

- (a) i gcás na hadmhála, ar iarraidh i scríbhinn ón duine,
- (b) i gcás an ghealltanais, i bhfabhar an duine,

arb é nó í an duine dá dtugtar an admháil nó an gealltanais, nó ó aon duine nó i bhfabhar aon duine, nach tionónta é nó í, ag a bhfuil aon eastát, leas nó ceart tríd an duine sin nó faoin duine sin, nó a éileoidh an céanna, nó a thagann ar shlí eile tríd an duine sin nó faoin duine sin chun leas a bheith aige nó aici i dtéarmaí an doiciméid lena mbaineann an admháil nó an gealltanais nó an ndéanann téarmaí an doiciméid sin difear dó nó di.

(5) Beidh an admháil agus an gealltanais ina gceangal ar na doiciméid lena mbaineann siad a bheith i seilbh nó faoi rialú ag an duine a choimeádann iad agus gach duine eile a bhfuil siad ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina rialú aige nó aici ó am go ham ach ní bheidh siad ina gceangal ar gach sealbhóir aonair nó ar gach duine aonair den sórt sin ach amháin a fhad a bheidh seilbh nó rialú ag an duine sin orthu.

(6) Beidh gach duine a bhfuil doiciméid den sórt sin ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina rialú aige nó aici faoi cheangal go sonrach na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an alt seo a chomhlíonadh, mura gcoisctear air nó uirthi déanamh amhlaidh de dheasca dóiteáin nó tionóisce dosheachanta eile, ach íocfaidh an duine atá ag iarraidh go gcomhlíonfar an admháil na costais agus na caiteachais go léir a bhainfidh nó a ghabhfaidh le comhlíonadh sonrach na hadmhála.

(7) Ní thugann an admháil aon cheart chun damáistí mar gheall ar na doiciméid lena mbaineann sí a chailleadh nó a dhíothú, nó mar gheall ar dhíobháil dóibh, ar aon chúis ar bith.

(8) Aon duine a éilíonn go bhfuil sé nó sí i dteideal sochair gealltanais féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar dhamáistí mar gheall ar na doiciméid nó aon cheann díobh lena mbaineann sé a chailleadh nó a dhíothú, nó mar gheall ar dhíobháil don chéanna.

(9) Ar an iarratas sin a dhéanamh féadfaidh an chúirt cibé fiosrúcháin a ordú agus cibé ordú a dhéanamh i dtaobh costas agus nithe eile is cuí léi.

(10) Sásaíonn admháil nó gealltanais faoin alt seo aon dliteanas cúnant a thabhairt chun cóipeanna de dhoiciméid nó sleachta as doiciméid a thabhairt ar aird agus a sheachadadh nó chun doiciméid a choimeád slán.

(11) Maidir leis na cearta a thugtar le hadmháil nó gealltanais faoin alt seo is cearta iad i dteannta gach aon chirt eile den sórt sin a bhaineann le cóipeanna de dhoiciméid a thabhairt ar aird, a iniúchadh nó a fháil, ar cearta iad nach sásaítear tríd an admháil nó an gealltanais a thabhairt.

(12) Maidir leis an alt seo—

- (a) tá éifeacht leis i gcás go dtugann duine admháil nó gealltanais don duine céanna sin i gcáileanna éagsúla ar an gcaoi chéanna a mbeadh i gcás go dtabharfadh duine amháin do dhuine eile í nó é,
- (b) tá éifeacht leis faoi réir théarmaí na hadmhála nó an ghealltanais.

Fógraí.

85.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go ndéantar foráil le hionstraim chun fógra a thabhairt nó a sheirbheáil féadfar é a thabhairt nó a sheirbheáil amhail is dá n-údarófaí nó dá gceanglófaí é a thabhairt nó a sheirbheáil faoin Acht seo.

(2) Tá éifeacht le *fo-alt (1)* faoi réir théarmaí na hionstraime.

CAIBIDIL 5

Forálacha ginearálta

Srianta ar fhógra inchiallaithe.

[CA 1882, a. 3]

86.—(1) Ní dhéanann fógra maidir le haon fhíoras, ionstraim, ní nó rud difear do cheannaitheoir—

- (a) mura bhfuil sé ar eolas ag an gceannaitheoir féin nó mura rud é go dtiocfadh sé chun bheith ar eolas ag an gceannaitheoir dá ndéanfaí cibé fiosrúcháin nó iniúchtaí ba chóir le réasún a bheith déanta ag an gceannaitheoir, nó
- (b) san idirbheart céanna ar ina leith a éiríonn ceist maidir le fógra don cheannaitheoir, murar tháinig sé chun bheith ar eolas ag abhcóide an cheannaitheora, sa cháil sin, nó ag aturnae nó gníomhaire eile an cheannaitheora, sa cháil sin, nó mura dtiocfadh sé chun bheith ar eolas ag an aturnae nó ag an ngníomhaire eile dá ndéanfaí na fiosrúcháin agus na hiniúchtaí sin ba chóir le réasún a bheith déanta ag an aturnae nó ag an ngníomhaire.

(2) Gan dochar *d'alt 57(4)*, ní dhéanann *fo-alt (1)* ceannaitheoir a dhíolmhú ó aon dliteanas faoi aon chúnant, foráil nó srian atá in aon ionstraim faoina ndíorthaítear teideal an cheannaitheora, go neasach nó go meánach, ná ó aon oibleagáid an céanna a chomhlíonadh nó a urramú; agus féadfar an dliteanas sin nó an oibleagáid sin a fhorfheidhmiú ar an modh céanna agus a mhéid céanna amhail is nár aghaidh an t-alt seo.

(3) Ní dhéanann fógra, de dhroim aon ní san alt seo, difear do cheannaitheoir in aon chás nach ndéanfaí difear don cheannaitheoir amhlaidh dá mba rud é nár achtaíodh an t-alt seo.

87.—(1) Gan dochar d’aon fhoras achomhairc in aghaidh aon ordaithe, níl ordú de chuid na cúirte faoi aon dlínse reachtúil ná aon dlínse eile neamhbhailí amhail in aghaidh ceannaitheora mar gheall ar cheal i leith na nithe seo a leanas—

Orduithe cúirte.

[CA 1881, a. 70]

(a) dlínse, nó

(b) aon chomhthoilíú, toiliú, fógra nó seirbhís.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon léas, díol nó gníomh eile faoi údarás na cúirte agus a airbheartaíonn gur léas, díol nó gníomh eile é de bhun aon fhorála reachtúla, d’ainneoin aon eisceachta san fhoráil sin.

88.—D’fhonn tíolacadh leictreonach talún a éascú nó cosaint bhreise a sholáthar do leasanna díoltóirí agus ceannaitheoirí talún, féadfar na nithe seo a leanas a fhorordú:

Rialacháin do Chuid 9.

(a) na coinníollacha ginearálta díola is infheidhme maidir le conradh chun eastát nó leas i dtalamh a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile;

(b) aon ní eile dá dtagraítear sa Chuid seo.

CUID 10

MORGÁISTÍ

CAIBIDIL 1

Morgáistí a chruthú

89.—(1) Ní fhéadfar morgáiste dlíthiúil talún a chruthú ach amháin le muirear trí ghníomhas agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, gairtear “morgáiste” sa Chuid seo de mhuirear den sórt sin; agus léifear “morgáisteoir” agus “morgáistí” dá réir sin.

Morgáistí dlíthiúla.

(2) Faoi réir *fho-alt* (3), ó thosach feidhme na Caibidle seo—

(a) aon ionstraim a dhéanfadh, murach forálacha an ailt seo, eastát dlíthiúil nó leas i dtalamh a thíolacadh ar mhodh morgáiste, nó

(b) aon idirbheart eile a d’oibreodh faoi aon ionstraim eile, murach forálacha an ailt seo, mar mhorgáiste trí thíolacadh eastáit dhlíthiúil nó leasa i dtalamh,

ní chruthaíonn sé nó sí morgáiste dlíthiúil.

(3) Ó thosach feidhme na Caibidle seo, aon idirbheart a d’oibreodh faoi aon fhoráil reachtúil, murach forálacha an ailt seo, mar mhorgáiste trí thíolacadh eastáit dhlíthiúil nó leasa i dtalamh, oibríonn sé amhail is dá mba mhorgáiste faoin gCuid seo é.

(4) Ó thosach feidhme na Caibidle seo, aon chumhacht, cibé tráth a chruthaítear í, chun eastát dlíthiúil nó leas i dtalamh a mhorgáistiú nó chun airgead a thabhairt ar iasacht ar eastát dlíthiúil nó leas i dtalamh a mhorgáistiú, oibríonn sí mar chumhacht chun an t-eastát dlíthiúil nó an leas a mhorgáistiú trí mhorgáiste faoin gCuid seo nó chun airgead a thabhairt ar iasacht ar urrús morgáiste den sórt sin.

(5) Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le talamh neamhchláraithe agus le talamh cláraithe araon.

(6) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do mhorgáistí cothromasacha talún a chruthú.

(7) Ó thosach feidhme na Caibidle seo, ní féidir morgáiste Breatnach a chruthú agus aon chruthú airbheartaithe morgáiste den sórt sin, beidh sé ar neamhní.

(8) Chun críocha *fho-alt* (7), folaíonn “morgáiste Breatnach” aon idirbheart faoina bhfuil deontaí nó muirearaí talún i dteideal seilbh a bheith aige nó aici ar thalamh, agus cíosanna agus brabúis a bhaint in ionad úis ar iasacht, gan an deontóir nó an muirearóir a bheith faoi oibleagáid phearsanta an iasacht a aisíoc, ach a bheith i dteideal fuascailt a dhéanamh.

Staid an
mhorgáisteora agus
an mhorgáistí.

90.—(1) Faoi réir na Coda seo, i gcás ina gcruthaítear morgáiste tar éis thosach feidhme na Caibidle seo—

(a) tá ag an morgáisteoir na cumhachtaí agus na cearta céanna agus an chosaint chéanna de réir dlí agus de réir cothromais a mbeadh teideal ag an morgáisteoir chucu,

(b) tá na hoibleagáidí céanna ar an morgáistí a bheadh ar an morgáistí agus tá na cumhachtaí agus na cearta céanna ag an morgáistí a bheadh ag an morgáistí,

dá mba rud é gur cruthaíodh urrús an mhorgáistí le tíolacas roimh thosach sin an eastáit dhlíthiúil nó an leasa i dtalamh an mhorgáisteora.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1)(b) agus faoi réir *fho-alt* (3), tá ag céadmorgáistí an ceart seilbhe céanna ar dhoiciméid teidil a bheadh ag an morgáistí sin dá mba rud é gur cruthaíodh an t-urrús le tíolacas roimh thosach feidhme na Caibidle seo.

(3) D’ainneoin aon choinníll dá mhalairt, maidir le morgáistí a choimeádann seilbh nó rialú ar dhoiciméid teidil a bhaineann leis an talamh mhorgáistithe, tá sé nó sí, i dteannta a bheith faoi réir chearta an mhorgáisteora faoi *alt* 91, freagrach as a slánchoimeád amhail is dá dtabharfaí gealltanais ina leith seo faoi *alt* 84.

CAIBIDIL 2

Cumhachtaí agus cearta morgáisteora

Doiciméid teidil.
[CA 1881, a. 16]

91.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), fad a bheidh an ceart chun fuascailt a dhéanamh ann, féadfaidh morgáisteoir, ó am go ham, ag tráthanna réasúnacha, na doiciméid teidil a bhaineann leis an maoin mhorgáistithe agus atá i seilbh nó faoi chumhacht an mhorgáistí a iniúchadh agus cóipeanna nó achomaireachtaí díobh, nó sleachta astu, a dhéanamh.

(2) Beidh cearta faoi *fho-alt (1)* infheidhmithe—

(a) ar iarraidh an mhorgáisteora, agus

(b) ar an morgáisteoir d'íoc costais agus caiteachais réasúnacha an mhorgáistí i ndáil leis an bhfeidhmiú.

(3) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* d'ainneoin aon choinníll dá mhalairt.

92.—D'ainneoin aon choinníll dá mhalairt, tá morgáisteoir i dteideal aon mhorgáiste iasachta tithíochta a fhuascailt gan iallach a bheith air nó uirthi aon airgead atá dlite faoi aon mhorgáiste eile leis an morgáistí céanna a íoc, cibé acu is morgáiste ar an maoin chéanna nó ar mhaoin eile an morgáiste eile sin.

Srian le morgáistí áirithe a chomhdhlúthú.

[CA 1881, a. 17]

93.—(1) Aon mhorgáisteoir atá i dteideal fuascailt a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí, faoi réir na téarmaí a chomhlíonadh ar a mbeadh an morgáisteoir i dteideal a cheangal go ndéanfar urscaoileadh, a cheangal ar an morgáistí, in ionad an morgáiste a urscaoileadh, an fiach morgáiste a shannadh agus an morgáiste a aistriú chuig aon tríú duine, de réir mar a ordóidh na morgáisteoir, agus ar an morgáisteoir d'ordú amhlaidh, ceanglaítear ar an morgáistí sannadh agus aistriú a dhéanamh dá réir sin.

Aistriú in ionad urscaoileadh.

[CA 1881, a. 15]

[CA 1882, a. 12]

(2) Maidir leis na cearta a thugtar le *fo-alt (1)*, is le gach eireadóir nó is leis an morgáisteoir iad agus féadfaidh sé nó sí iad a chur i bhfeidhm d'ainneoin aon eire idirmheánaigh, ach beidh forlámhas ag ceanglas eireadóra ar cheanglas ón morgáisteoir agus, amhail idir eireadóirí, beidh forlámhas ag ceanglas eireadóra tosaíochta ar cheanglas eireadóra ina dhiaidh sin.

(3) Maidir leis an alt seo—

(a) níl feidhm aige i gcás morgáistí atá nó a bhí i seilbh,

(b) tá feidhm aige d'ainneoin aon choinníll dá mhalairt.

94.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon chaingean a thionscnóidh morgáisteoir mar gheall ar na nithe seo a leanas—

Ordú cúirte le haghaidh díola.

(a) fuascailt, nó

(b) díol, nó

(c) an fiach morgáiste a chruinniú agus a íoc ar aon mhodh, nó

(d) aon teaghlaim díobh seo mar mhalairt.

(2) In aon chaingean lena mbaineann an t-alt seo féadfaidh an chúirt, más cuí léi, a ordú go ndíolfar an mhaoin mhorgáistithe ar cibé téarmaí is cuí léi.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht rogha na cúirte faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh sí—

(a) tréimhse ama ar bith a cheadú chun an fiach morgáiste a fhuascailt nó a íoc,

- (b) a cheangal go dtaiscfear suim sa chúirt chun na caiteachais a bhaineann le díol a íoc agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar a téarmaí,
- (c) ordacháin a thabhairt maidir le costais agus a cheangal go dtabharfar urrús i leith costas,
- (d) díol a ordú gan tosaíochtaí eirí a chinneadh roimh ré,
- (e) seoladh an díola a thabhairt do pháirtí áirithe,
- (f) ordú dílsithe a dhéanamh lena dtíolacfar an mhaoin mhorgáistithe do cheannaitheoir nó duine a cheapadh chun tíolacas den sórt sin a dhéanamh.

(4) Ach amháin i gcás morgáiste iasachta tithíochta, tiocfaidh an t-alt seo in éifeacht faoi réir théarmaí an mhorgáiste.

Airleacain ar
chomhchuntas.

[CA 1881, a 61]

95.—(1) Más rud é—

- (a) go bhfuil sé sainráite maidir le hairgead, nó le haon chuid den airgead, a bheidh airleactha nó dlite faoi mhorgáiste, go bhfuil sé nó sí airleactha ag beirt nó níos mó, nó dlite do bheirt nó níos mó, as airgead, nó amhail airgead, ar leo é ar chomhchuntas, nó
- (b) go ndéanfar morgáiste den sórt sin do bheirt nó níos mó i gcomhpháirt agus gan é a bheith ina scaireanna,

maidir leis an bhfiach morgáiste nó leis an airgead eile nó leis an luach airgid eile a bheidh dlite de thuras na huairé do na daoine sin, measfar, amhail eatarthu agus an morgáisteoir, gur leo é ar chomhchuntas.

(2) Is urscaoileadh iomlán admháil i scríbhinn—

- (a) ó mharthanóirí na ndaoine sin nó ón mharthanóir deiridh díobh, nó
- (b) ó ionadaí pearsanta an mharthanóra deiridh,

i leith an airgid nó luach airgid go léir a bheidh dlite de thuras na huairé, d'ainneoin aon fhógra chuig an íocóir maidir leis an gcomhchuntas sin a dheighilt.

(3) Beidh éifeacht leis an alt seo faoi réir théarmaí an mhorgáiste.

(4) San alt seo foláionn “morgáiste” oibleagáid chun airgead a íoc agus aistriú morgáiste nó oibleagáide den sórt sin; agus léifear “morgáisteoir” dá réir sin.

CAIBIDIL 3

Oibleagáidí, cumhachtaí agus cearta morgáistí

Cumhachtaí agus
cearta i gcoitinne.

96.—(1) Faoi réir na Coda seo, maidir le cumhachtaí agus cearta morgáistí faoi ailt 97 go 111—

- (a) tá feidhm acu maidir le haon mhorgáiste arna chruthú trí ghníomhas tar éis thosach feidhme na Caibidle seo,

- (b) dílsítear iad, faoi réir alt 62 d'Acht 1964, a luaithe a chruthaítear an morgáiste,
- (c) ní thagann siad chun bheith infheidhmithe mura rud é go bhfeidhmítear iad chun an mhaoin mhorgáistithe a chosaint nó chun urrús an mhorgáistí a réadú,
- (d) i ndáil leis an maoin mhorgáistithe, tá feidhm acu maidir le haon chuid di.

(2) Cuirtear deireadh le ceart foriata morgáistí.

(3) Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann leis na cumhachtaí agus na cearta a thugtar leis an gCaibidil seo maidir le haon mhorgáiste iasachta tithíochta d'ainneoin aon choinníll dá mhalairt agus d'ainneoin aon chumhachtaí agus cearta a thugtar go sainráite faoi mhorgáiste den sórt sin, ach i ndáil le haon mhorgáiste eile, ach amháin i gcás ina bhforáiltear leis an gCuid seo dá mhalairt, beidh éifeacht leo faoi réir théarmaí an mhorgáiste.

97.—(1) Faoi réir *alt 98*, ní ghlacfaidh morgáistí seilbh ar an maoin mhorgáistithe gan ordú cúirte arna dheonú faoin alt seo, mura dtoilíonn an morgáisteoir i scríbhinn leis an nglacadh sin tráth nach faide ná 7 lá roimh an nglacadh sin. Seilbh a ghlacadh.

(2) Féadfaidh morgáistí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú seilbhe i leith na maoine morgáistithe agus ar an iarratas sin a dhéanamh féadfaidh an chúirt, más cuí léi, a ordú go ndeonófar seilbh don iarratasóir ar cibé téarmaí agus coinníollacha, más ann, is cuí léi.

98.—(1) I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag morgáistí chun a chreidiúint— Maoin thréigthe.

- (a) gur thréig an morgáisteoir an mhaoin mhorgáistithe, agus
- (b) gur gá bearta práinneacha chun meath ar an maoin, nó damáiste di, nó foghlaithe nó daoine neamhúdraithe eile do dhul isteach uirthi, a chosc,

féadfaidh an morgáistí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche, nó chuig aon chúirt a mbeidh aon iarratas nó imeachtaí a bhaineann leis an maoin mhorgáistithe os a comhair cheana féin, ar ordú lena n-údarófar don mhorgáistí seilbh a ghlacadh ar an maoin.

(2) Ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena n-údarófar don mhorgáistí seilbh a ghlacadh ar an maoin ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an gcúirt, d'ainneoin go n-esaontóidh nó nach láithreoidh an morgáisteoir.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfaidh ordú faoin alt seo na nithe seo a leanas a shonrú—

- (a) an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an morgáistí seilbh a choimeád ar an maoin mhorgáistithe,
- (b) oibreacha a fhéadfaidh an morgáistí a dhéanamh—
 - (i) chun an mhaoin mhorgáistithe a chosaint, nó

(ii) chun í a ullmhú lena díol i bhfeidhmiú chumhacht an mhorgáistí faoi *alt 100*,

(c) na costais agus caiteachais arna dtabhú ag an morgáistí a fhéadfar a chur leis an bhfiach morgáiste.

(4) Níl an morgáistí faoi dhliteanas dianchuntas a thabhairt don mhorgáisteoir i rith tréimhse seilbhe faoi ordú faoin alt seo.

Morgáistí i seilbh.

99.—(1) Faoi réir théarmaí aon ordaithe faoi *alt 97* nó *alt 98*, déanfaidh morgáistí a bheidh i seilbh (nó tar éis don mhorgáistí glacadóir a cheapadh agus fad a ghníomhaíonn an glacadóir, déanfaidh an glacadóir) bearta a ghlacadh laistigh de thréimhse ama réasúnach chun an chumhacht a fheidhmiú—

(a) chun an mhaoin mhorgáistithe a dhíol faoi *alt 100*, nó

(b) mura cuí í a dhíol, chun an mhaoin a léasú faoi *alt 112* agus an cíos agus aon ioncam eile a gheofar ón léasaí a úsáid chun an fiach morgáiste, lena n-áirítear ús arna fhabhrú nó a fhabhraíonn, a laghdú.

(2) Níl feidhm ag alt 34 d'Acht 1957 maidir le morgáistí a ghlacann seilbh ar thalamh faoi ordú cúirte faoi *alt 97* nó *alt 98*.

Cumhacht díola.

[CA 1881, ailt
19(1)(i), 20, 21(4),
21(6) agus (7)]
[CA 1911, a. 5(2)]

100.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)* agus *ailt 101 go 107*, féadfaidh morgáistí nó aon duine eile atá de thuras na huaire i dteideal an fiach morgáiste a fháil, agus urscaoileadh a thabhairt ina leith, an mhaoin mhorgáistithe a dhíol nó comhthoilíú le haon duine eile le linn dó nó di an mhaoin mhorgáistithe a dhíol ar choinníoll—

(a) tar éis fógra a sheirbheáil ar an morgáisteoir lena gceanglaítear an fiach morgáiste a íoc, gur mainníodh an fiach sin, nó cuid de, a íoc, ar feadh 3 mhí tar éis na seirbheála sin, nó

(b) go bhfuil ús éigin faoin morgáiste nó, i gcás féich morgáiste is infoctha i dtráthchodanna, tráthchuid éigin in ionannas úis nó úis go páirteach agus caipitil go páirteach, i riaráiste agus gan íoc ar feadh 2 mhí tar éis dó nó di teacht chun bheith dlite, nó

(c) go ndearna an morgáisteoir, nó duine éigin a chomhthoilíonn sa mhorgáiste, sárú ar fhoráil éigin eile atá sa mhorgáiste nó ar aon fhoráil reachtúil, lena n-áirítear an tAcht seo, seachas cúnant chun an fiach morgáiste nó an t-ús a íoc,

agus ar choinníoll i ngach cás den sórt sin go ndearnadh fógra 28 lá san fhoirm fhorordaithe a sheirbheáil ar an morgáisteoir inar tugadh rabhadh maidir leis an bhféidearthacht go ndíolfaí an mhaoin.

(2) Ní thiochfaidh an chumhacht díola chun bheith infheidhmithe gan ordú cúirte arna dheonú faoi *fho-alt (3)*, mura dtoileoidh an morgáisteoir i scríbhinn leis an bhfeidhmiú sin tráth nach faide ná 7 lá roimh an bhfeidhmiú sin.

(3) Aon tráth tar éis dheireadh an fhógra 28 lá arna thabhairt faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh morgáistí iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar ordú lena n-údarófar an chumhacht díola a fheidhmiú agus ar an

iarratas sin a dhéanamh, féadfaidh an chúirt, más cuí léi, an t-údarú sin a dheonú don iarratasóir ar cibé téarmaí agus coinníollacha, más ann, is cuí léi.

(4) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (3)* a dhéanamh i dteannta iarratais faoi *alt 97(2)* agus, sa chás sin, féadfar an dá iarratas a éisteacht le chéile.

(5) Níl morgáistí freagrach in aon chailteanas ainneonach a thiocfaidh as feidhmiú nó forghníomhú na cumhachta díola faoin gCaibidil seo, aon iontaobhais atá bainteach léi, nó aon chumhachta nó forála atá sa mhorgáiste.

(6) A luaithe a thagann an chumhacht díola chun bheith infheidhmithe, féadfaidh an duine atá i dteideal í a fheidhmiú gach gníomhas agus doiciméad a bhaineann leis an maoin nó lena teideal agus a mbeadh ceannaitheoir i dteideal é a éileamh agus a ghnóthú faoin gcumhacht díola, a éileamh agus a ghnóthú ó aon duine, seachas duine ag an bhfuil eastát nó leas sa mhaoin mhorgáistithe i dtosaíocht ar an morgáiste.

101.—(1) Ar iarratas a dhéanamh ar ordú faoi *ailt 97(2)* agus *Iarratais faoi ailt 97 agus 100.* agus gan dochar do ghinearáltacht an chéanna, i gcás gur dealraitheach don chúirt gur dóigh go mbeidh an morgáisteoir, laistigh de thréimhse réasúnach, in ann aon riaráistí, lena n-áirítear ús, a dhlitear faoin mhorgáiste a íoc, nó aon sárú eile ar oibleagáid a eascraíonn faoi a leigheas, féadfaidh an chúirt—

(a) na himeachtaí a chur ar atráth, nó

(b) ar ordú a dhéanamh, nó aon tráth roimh ordú den sórt sin a fhorfheidhmiú nó a chur i ngníomh—

(i) bac a chur ar an bhforfheidhmiú nó ar an gcur i ngníomh, nó

(ii) an dáta le haghaidh seachadadh seilbhe ar an morgáistí a iarchur, nó

(iii) an t-ordú a fhionraí,

ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a mheasann sí a bheith réasúnach agus, má fhionraítear ordú, féadfaidh an chúirt é a athbheochan dá éis sin.

(2) Féadfar aon atráth, bac, iarchur nó fionraí faoi *fho-alt (1)* a chur faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha maidir leis an morgáisteoir d'íoc aon suime arna hurrú leis an morgáiste nó do leigheas aon sárú oibleagáide is cuí leis an gcúirt.

(3) Féadfaidh an chúirt aon téarma nó coinníoll arna fhorchur faoi *fho-alt (2)* a chúlghairm nó a athrú.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfar iarratas faoi *alt 97(2)* nó *alt 100(3)* a dhéanamh chun na hArd-Chúirte.

(5) I gcás ina mbainfidh iarratas faoi *alt 97(2)* nó *alt 100(3)* le maoin atá faoi réir morgáiste iasachta tithíochta beidh dlínse eisiatlach ag an gCúirt Chuarda chun déileáil leis an iarratas agus ní dhéanfar an t-iarratas chun na hArd-Chúirte.

(6) Maidir le dlínse na Cúirte Cuarda chun iarratais faoi ailt 97(2) agus 100(3) a bhaineann le maoin atá faoi réir morgáiste iasachta tithíochta a éisteacht agus a chinneadh, is é nó is í an breitheamh den chuaird ina bhfuil an mhaoin nó aon chuid di suite a fheidhmeoidh í.

(7) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear do dhlínse na cúirte faoi ailt 7 agus 8 d'Acht 1976.

Cumhachtaí
teagmhasacha.

[CA 1881, a.
19(1)(i)]
[CA 1911, a. 4]

102.—Is cumhachtaí atá teagmhasach leis an gcumhacht díola na cumhachtaí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (a) an mhaoin mhorgáistithe a dhíol—
- (i) faoi réir réamh-mhuirear nó ar shlí eile,
 - (ii) le chéile nó ina míreanna,
 - (iii) ar cheant poiblí, trí thairiscint nó trí chonradh príobháideach,
 - (iv) faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an morgáistí nó an duine eile atá ag díol maidir le teideal, fianaise ar theideal, nó ní eile,
- (b) aon chonradh le haghaidh díola a chealú agus athdhíol a dhéanamh,
- (c) aon srian nó forchoimeádas a fhorchur nó a fhorchoimeád nó a chur ina cheangal le cúnant nó ar shlí eile, ar an gcuid dhíolta den talamh morgáistithe, nó ar an gcuid neamhdhíolta, ar srian nó forchoimeádas é maidir le tógáil ar thalamh nó le húsáid eile talún, nó maidir le mianaigh agus mianraí, chun gur tairbhiúla a n-oibriú, nó maidir le haon ní eile,
- (d) an talamh morgáistithe a dhíol, nó na mianaigh agus na mianraí go léir nó aon cheann díobh seachas an dromchla, i dteannta nó d'éagmais na nithe seo a leanas—
- (i) aon éasúint, ceart nó pribhléid a bhaineann le tógáil nó críocha eile ar an gcuid dhíolta den talamh morgáistithe nó ar an gcuid neamhdhíolta,
 - (ii) eisceacht nó forchoimeádas ar na mianaigh agus na mianraí go léir nó aon cheann díobh sa talamh morgáistithe agus i dteannta nó d'éagmais cumhachtaí oibríthe, ceadanna slí, cearta slí, cearta uisce agus siltin agus cumhachtaí, éasúintí, cearta agus pribhléidí eile chun críocha mianadóireachta nó i dtaca leo, i ndáil leis an gcuid dhíolta den talamh morgáistithe nó leis an gcuid neamhdhíolta nó orthu, a dheonú, a fhorchoimeád nó a fhorchur,
 - (iii) cúnaint ag an gceannaitheoir chun airgead a chaitheamh ar an talamh a díoladh.

Oibleagáidí ar
dhíol.

103.—(1) Le linn an chumhacht díola a thugtar leis an gCaibidil seo, nó aon chumhacht shainráite díola, a fheidhmiú, déanfaidh an morgáistí, nó aon ghlacadóir nó duine eile a bheidh ceaptha ag an

morgáistí, a chinntiú, d'ainneoin aon choinníll dá mhalairt sa mhorgáiste, a mhéid is indéanta le réasún go ndíolfar an mhaoin mhorgáistithe ar an bpraghas is fearr agus is infhaighte le réasún.

(2) Laistigh de 28 lá tar éis an díol a bheith críochnaithe, déanfaidh an morgáistí fógra a sheirbheáil san fhoirm fhorordaithe ar an morgáisteoir ar fógra é ina mbeidh faisnéis i ndáil leis an díol.

(3) Aon mhorgáistí a dhéanann, gan cúis réasúnach, an oibleagáid a fhorchuirtear le *fo-alt* (2) a shárú, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'oibriú aon rialach dlí a bhaineann le dualgas morgáistí cuntas a thabhairt do mhorgáisteoir.

(5) Níl feidhm ag an alt seo maidir le cumann foirgníochta de réir bhrí Acht 1989 nó le glacadóir a cheapfar faoi Achtanna na gCuideachtaí.

(6) I *bhfo-alt* (2), folaíonn “morgáisteoir” duine arb é nó í an morgáisteoir dar leis an eolas is déanaí atá ag an morgáistí, ach ní fholaíonn sé duine a bhfuil, i ngan fhios don mhorgáistí, aon cheann de chearta nó de dhliteanais an mhorgáisteora faoin morgáiste sannta dó nó di.

104.—(1) Aon mhorgáistí a fheidhmíonn an chumhacht díola a thugtar leis an gCaibidil seo, nó cumhacht shainráite díola, tá cumhacht aige nó aici an mhaoin a thíolacadh de réir *fho-alt* (2)— Tíolacas ar dhíol.
[CA 1881, a. 21(1)]

- (a) saortha ó gach eastát, leas agus ceart a bhfuil tosaíocht ag an morgáiste ina leith,
- (b) faoi réir gach eastáit, leasa agus cirt a bhfuil tosaíocht acu i leith an mhorgáiste.

(2) Faoi réir *fho-alt* (3)(b) agus (4), déantar leis an tíolacas—

- (a) an t-eastát nó an leas atá morgáistithe a dhílsiú don cheannaitheoir,
- (b) an morgáiste a mhúchadh, ach sin gan dochar d'aon dliteanas pearsanta de chuid an mhorgáisteora nach n-urscaoiltear as fáltais an díola,
- (c) aon daingneáin nó maoin phearsanta a áirítear sa mhorgáiste agus sa díol a dhílsiú don cheannaitheoir.

(3) Maidir leis an alt seo—

- (a) tá feidhm aige maidir le díol a dhéanann fomhorgáistí chun a chumasú don fhomhorgáistí maoin an phríomh-mhorgáisteora a thíolacadh ar an modh céanna ar a ndéanann an morgáistí é,
- (b) níl feidhm aige maidir le morgáiste nach bhfuil ach ar chuid de thionóntacht ach amháin má tá aon chíos atá forchoimeáda, agus aon chúnaínt de chuid aon tionónta, arna gcionroinnt maidir leis an maoin mhorgáistithe.

(4) I gcás go gcuimsíonn an mhaoin mhorgáistithe talamh cláraithe, tá an tíolacas faoi réir alt 51 d'Acht 1964.

Ceannaitheoirí a
chosaint.

[CA 1881, a. 21(2)]
[CA 1911, a. 5(1)]

105.—(1) I gcás go ndéantar tíolacas i bhfeidhmiú dearbhaithe na cumhachta díola a thugtar leis an gCaibidil seo, níl teideal an cheannaitheora intáinsithe ar an bhforas—

- (a) nár tharla aon chás chun an díol a údarú, nó
- (b) nár tugadh fógra cuí, nó
- (c) gur feidhmíodh an chumhacht go míchuí ar dhóigh eile,

agus níl de cheangal ar cheannaitheoir, roimh an tíolacas nó dá éis, féachaint ná fiosrú an bhfuil an chumhacht á feidhmiú go cuí.

(2) Aon duine a mbaineann cailteanas dó nó di de dhroim fheidhmiú neamhúdaraithe nó míchuí na cumhachta díola, tá leigheas aige nó aici i ndamáistí i gcoinne an duine a fheidhmíonn an chumhacht.

Admhálacha
morgáistí.

[CA 1881, a. 22]

106.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, tá admháil i scríbhinn ó mhorgáistí ina hurscaoileadh dochloíte i leith aon airgid a eascraíonn faoin gcumhacht díola a thugtar leis an gCaibidil seo, nó i leith aon airgid nó urrús a chuimsítear sa mhorgáiste nó a eascraíonn faoi, agus níl de cheangal ar aon duine atá ag íoc an chéanna leis an morgáistí nó ag aistriú an chéanna chuige nó chuici fiosrú a dhéanamh i dtaobh an bhfanann aon airgead dlite faoin morgáiste.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás go bhfuil eolas iarbhír ag an gceannaitheoir i dtaobh míchuibhis nó mírialtachta i bhfeidhmiú na cumhachta díola nó go bhfuil sé nó sí páirteach go feasach i bhfeidhmiú den sórt sin.

(3) Faoi réir *alt 107(5)*, aon airgead arna fháil ag morgáistí faoin morgáiste nó ó na fáltais ó urrúis atá cuimsithe ann, cuirfear chun feidhme é mar a cheanglaíonn *alt 107* maidir le hairgead a eascraíonn as díol faoin gcumhacht díola a thugtar leis an gCaibidil seo.

Fáltas ó dhíol a
chur chun feidhme.

[CA 1881, a. 21(3)]

107.—(1) Aon airgead arna fháil ag an morgáistí a eascraíonn as díol maoin morgáistithe, cuirfear chun feidhme é san ord seo a leanas—

- (a) chun eirí roimhe sin, más ann, a urscaoileadh, is eirí nár cuireadh an díol faoina réir, nó chun suim a íoc isteach sa chúirt chun aon eirí roimhe sin den sórt sin a ghlanadh,
- (b) chun na muirir, na costais agus na caiteachais uile, a thabhaigh an morgáistí go cuí agus a ghabh leis an díol nó le haon iarracht ar dhíol nó ar shlí eile, a íoc
- (c) chun fiach, ús agus costais an mhorgáiste, agus airgead eile, más ann, atá dlite faoin morgáiste a urscaoileadh.

(2) Aon iarmhar den airgead arna fháil amhlaidh, déanfaidh an morgáistí é a theachtadh ar iontaobhas agus beidh sé le híoc leis an duine arbh é nó í an morgáistí, murach an díol, a urraíodh ar an maoin a díoladh i dtánaiste tar éis don mhorgáistí díol, nó a údaraítear ar shlí eile chun admhálacha a thabhairt ar an airgead arna fháil amhlaidh, nó, mura bhfuil a leithéid de dhuine ann, an morgáisteoir.

(3) Más rud é, de réir *fho-alt (2)*, go dtugann an morgáistí éifeacht d'iontaobhas an iarmhair trína íoc le morgáistí dá éis sin, cuirfidh an morgáistí deiridh chun feidhme é de réir *fho-ailt (1)(c)* agus (2) agus rachaidh oibleagáidí dá samhail in astú i ngach morgáistí dá éis sin a fhaigheann aon chuid den iarmhar.

(4) Aon mhorgáistí a thugann éifeacht amhlaidh don iontaobhas, déanfar é nó í a urscaoileadh ó aon oibleagáid bhreise maidir leis an iarmhar.

(5) Chun *fo-alt (1)(b)* a chur chun feidhme maidir le hairgead a fhaightear faoi *alt 106(3)*, foláionn muirir, costais agus caiteachais is iníochta na muirir, na costais agus na caiteachais sin a thabhaítear go cúí le linn an t-airgead nó na hurrúis a ghnóthú agus a fháil, agus le linn urrúis a chomhshó in airgead, in ionad na muirear, na gcostas agus na gcaiteachas sin a ghabhann leis an díol.

108.—(1) Más rud é—

Glacadóir a
cheapadh.

(a) tar éis fógra a sheirbheáil ar an morgáisteoir lena gceanglaítear an fiach morgáiste a íoc, gur mainníodh an fiach sin, nó cuid de, a íoc, ar feadh 3 mhí tar éis na seirbheála sin, nó

[CA 1881, ailt 19
(i)(iii), 24 (1)—(7)]

(b) go bhfuil ús éigin faoin morgáiste nó, i gcás féich morgáiste is iníochta i dtráthchodanna, tráthchuid éigin in ionannas úis nó úis go páirteach agus caipitil go páirteach, i riaráiste agus gan íoc ar feadh 2 mhí tar éis dó nó di teacht chun bheith dlite, nó

(c) go ndearna an morgáisteoir, nó duine éigin a chomhthoilíonn sa mhorgáiste, sárú ar fhoráil éigin eile atá sa mhorgáiste nó ar aon fhoráil reachtúil, lena n-áirítear an tAcht seo, seachas cúnant chun an fiach morgáiste nó an t-ús a íoc,

féadfaidh an morgáistí nó aon duine eile atá de thuras na huaire i dteideal an fiach morgáiste a fháil, agus urscaoileadh a thabhairt ina leith, cibé duine a cheapadh i scríbhinn a mheasann an morgáistí nó an duine eile sin a bheith cúí chun bheith ina ghlacadóir nó ina glacadóir—

(i) ar ioncam na maoiné morgáistithe, nó

(ii) má tá leas in ioncam nó cíosmhuirear nó suim eile bhliantúil nó thréimhsiúil ar áireamh sa mhaoiné mhorgáistithe, ar an maoiné sin.

(2) Aon ghlacadóir a cheaptar faoi *fho-alt (1)*, is é nó is í gníomhaire an mhorgáisteora é nó í, agus is é nó is í amháin a bheidh freagrach as gníomhartha nó mainneachtainí an ghlacadóra, mura bhforáiltear a mhalairt leis an morgáiste.

(3) Féadfaidh an glacadóir—

(a) an t-ioncam go léir lena mbaineann an ceapachán a éileamh agus a ghnóthú, le caingeán nó ar shlí eile, in ainm an mhorgáisteora nó an mhorgáistí, go feadh mhéid iomlán an eastáit nó an leasa a d'fhéadfaidh an morgáisteoir a dhiúscairt,

(b) admhálacha éifeachtúla a thabhairt dá réir sin ar an ioncam sin,

(c) aon chumhachtaí a fheidhmiú arna dtarmligean ag an morgáistí nó ag an duine eile chuig an nglacadóir.

(4) Déanfar aon chumhacht a tharmligtear chuig an nglacadóir a fheidhmiú de réir na Caibidle seo.

(5) Ní cheanglaítear ar dhuine atá ag íoc airgid leis an nglacadóir a fhiafraí an bhfuil an glacadóir údaraithe chun gníomhú.

(6) Féadfaidh an morgáistí nó an duine eile, i scríbhinn, an glacadóir a chur as oifig, agus féadfaidh sé nó sí glacadóir nua a cheapadh.

(7) Féadfaidh an glacadóir coimisiún de réir an ráta fhorordaithe a choinneáil as aon airgead a fhaightear, le haghaidh luach saothair agus do shásamh na gcostas go léir a tabhaíodh mar ghlacadóir.

(8) Déanfaidh an glacadóir, má ordaíonn an morgáistí amhlaidh dó nó di i scríbhinn, aon mhaoín a chuimsítear sa mhorgáiste, cibé acu atá sí ag gabháil le talamh nó nach bhfuil, ar de chineál inárachaithe í, a árachú as an airgead a fhaightear a mhéid, más aon mhéid é, a dhéanfaidh an morgáistí an mhaoín sin a árachú agus an mhaoín sin a choinneáil faoi árachas i gcoinne cailteanais nó damáiste trí thine, trí thuile, trí stoirm, trí anfa nó trí ghuaiseanna eile a chumhdaítear le polasaí árachais chuimsithigh de ghnáth.

Airgead a fhaightear a chur chun feidhme.

[CA 1881, a. 24(8)]

109.—(1) Faoi réir *alt 110(4)*, déanfaidh an glacadóir an t-airgead go léir a fhaightear a chur chun feidhme san ord seo a leanas—

(a) chun na rátaí, na cíosanna agus na cánacha go léir agus na heisíocaíochtaí eile go léir a dhéanann dífeor don mhaoín mhorgáistithe a urscaoileadh,

(b) chun na suimeanna bliantúla nó na híocaíochtaí bliantúla eile go léir, agus an t-ús ar na príomhshuimeanna go léir, a bhfuil tosaíocht acu ar an morgáiste faoina gceaptar an glacadóir, a urscaoileadh,

(c) chun coimisiún an ghlacadóra a íoc,

(d) chun préimheanna ar árachas, más ann, is iníoctha faoin gCaibidil seo nó faoin morgáiste a íoc,

(e) chun costas deisiúchán a íoc de réir mar a ordóidh an morgáistí i scríbhinn,

(f) chun ús a íoc a fhabhraíonn chun bheith dlite i leith aon phríomhshuime atá dlite faoin morgáiste,

(g) chun an phríomhshuim a urscaoileadh nó faoi chomhair an phríomhshuim a urscaoileadh, má ordaíonn an morgáistí amhlaidh i scríbhinn.

(2) Maidir leis an iarmhar (más ann) d'aon airgead a fhaightear amhlaidh tar éis na híocaíochtaí a shonraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, íocfaidh an glacadóir é leis an duine a bheadh i dteideal, murach seilbh an ghlacadóra, an t-airgead sin a fháil nó a bhfuil teideal aige nó aici ar shlí eile chun na maoin mhorgáistithe.

110.—(1) Féadfaidh morgáistí aon fhoirgneamh, earraí nó maoin eile de chineál inárachaithe, cibé acu atá nó nach bhfuil siad ag gabháil leis an talamh, agus ar cuid den mhaoin mhorgáistithe iad, a árachú agus a choinneáil faoi árachas. Árachas.
[CA 1881, ailt
19(1)(ii), 23]

(2) Maidir leis an árachas, is árachas é i leith an chostais iomláin athshuímh a ghabhfaidh le haon chaillteanas nó damáiste a dheisiú is caillteanas nó damáiste de dheasca tine, tuile, stoirme, anfa nó guaiseanna eile a chumhdaítear de ghnáth le polasaí árachais chuimsithigh.

(3) Féadfaidh an morgáistí urscaoileadh maith a thabhairt i leith aon airgid is iníoctha faoi aon árachas den sórt sin, ach, faoi réir *fho-alt (4)*, déileálfaidh an morgáistí leis an oiread sin den airgead sin is mó ná an fiach morgáiste amhail is dá mba é na fáltais as díol na maoine morgáistithe é.

(4) Féadfaidh an morgáistí a cheangal go ndéanfar aon airgead a fhaightear faoin árachas sin nó faoi árachas eile ar an maoin mhorgáistithe a chur chun feidhme—

- (a) ag an morgáisteoir chun caillteanas nó damáiste a chumhdaítear leis an árachas a chur ina cheart, nó
- (b) chun an fiach morgáiste a urscaoileadh nó faoi chomhair an fiach morgáiste a urscaoileadh.

111.—(1) I gcás go mbeidh sé sainráite gur cruthaíodh morgáiste ar aon talamh chun airleacain todhchaí a urrú (i dteannta nó d'éagmais airleacan láithreach), beidh an morgáistí i dteideal, i dtosaíocht ar aon mhorgáiste iardain, go n-íocfar leis nó léi aon suim atá dlite i leith aon airleacan todhchaí den sórt sin, seachas aon airleacain a bheidh déanta tar éis dháta an mhorgáiste iardain agus le fógra sainráite i scríbhinn ina thaobh. Airleacain todhchaí.

(2) I *bhfo-alt (1)* foláionn “airleacain todhchaí” suimeanna a bheidh dlite ó am go ham ar chuntas reatha agus na suimeanna go léir a meastar, trí chomhaontú nó i gcúrsa gnó idir na páirtithe, gur airleacain ar urrús an mhorgáiste iad.

(3) Ach amháin maidir le hairleacain todhchaí den sórt sin a dhéanamh, cuirtear deireadh leis an gceart chun tacóide i bhfoirm ar bith, ach sin gan dochar d’aon tosaíocht a bheidh faighte trí thacóideacht roimh thosach feidhme na Caibidle seo.

(4) Maidir leis an alt seo—

- (a) baineann sé le morgáistí arna ndéanamh roimh thosach feidhme na Caibidle seo nó dá éis,
- (b) ní bhaineann sé le talamh cláraithe.

CAIBIDIL 4

Léasanna agus géilleadh léasanna

112.—(1) Féadfaidh morgáisteoir talún, le linn seilbh a bheith aige nó aici, amhail in aghaidh gach eireadóra eile, an talamh a léasú le toiliú i scríbhinn ón morgáistí, is toiliú nach ndéanfar a choimeád siar go míréasúnach. Cumhachtaí
léasaithe.
[CA 1881, a. 18]
[CA 1911, a. 3]

(2) Beidh léas a dhéantar gan an toiliú sin inchurtha ar neamhní ag morgáistí a shuíonn—

(a) go raibh eolas iarbhír ag an léasaí ar an morgáiste an tráth a deonaíodh an léas, agus

(b) go ndearna an deonú dochar don mhorgáistí.

(3) Féadfaidh morgáistí talún, le linn seilbh a bheith aige nó aici, nó, tar éis don mhorgáistí glacadóir a cheapadh agus fad a bheidh an glacadóir ag gníomhú, féadfaidh an glacadóir, amhail in aghaidh gach eireadóir roimhe sin, más ann, agus an mhorgáisteora, an talamh a léasú, ar choinníoll—

(a) gur chun críche de na críocha seo a leanas é—

(i) luach na talún a chaomhnú, nó

(ii) urrús an mhorgáistí a chosaint, nó

(iii) ioncam a chruinniú chun ús atá dlite faoin morgáiste a íoc nó chun an fiach a laghdú ar shlí eile,

nó

(b) gur úsáid iomchuí na talún é ar shlí eile go dtí go ndíolfar í, nó

(c) go dtoilíonn an morgáisteoir i scríbhinn, nó

(d) go ndéanann an chúirt, in aon chaingean a bhaineann leis an talamh morgáistithe, ordú lena gceadaítear an léas sin.

(4) San alt seo ní fholaíonn “morgáisteoir” eireadóir a fhaigheann teideal ón morgáisteoir bunaidh nó faoin morgáisteoir bunaidh.

(5) Níl feidhm ag an gcumhacht léasaithe a thugtar leis an alt seo ach amháin maidir le morgáistí a chruthófar tar éis thosach feidhme na Coda seo.

Cumhachtaí léasaithe a fheidhmiú.

113.—(1) Maidir le léas a dheonaítear faoi *alt 112*—

(a) forchoimeádfar leis an cíos is fearr is féidir a fháil go réasúnach, tar éis aon phréimh nó aon tsuim chaipitiúil eile arna híoc ag an léasaí agus imthosca iomchuí eile a chur i gcuntas, agus

(b) deonófar é thairis sin ar na téarmaí is fearr is féidir a fháil le réasún agus atá de réir dea-chleachtais tráchtála,

agus is fianaise leordhóthánach an léasóir d’fhorghníomhú an léasa ar fhorghníomhú agus ar sheachadadh an léasa.

(2) Aon léas airbheartaithe nach gcomhlíonann *fo-alt (1)*, tá sé ar neamhní.

(3) Déanfaidh an léasaí dúblach de léas arna dheonú de réir *fo-alt (1)* a fhorghníomhú agus a sheachadadh ar an léasóir.

(4) I gcás léasa ag an morgáisteoir, déanfaidh an morgáisteoir, laistigh de mhí amháin tar éis an léas a dhéanamh, cóip den léas arna

fhorghníomhú go cuí ag an léasaí a sheachadadh ar an morgáistí nó, i gcás go bhfuil níos mó ná morgáistí amháin ann, ar an morgáistí is túisce i dtosaíocht.

(5) Ní dhéanann mainneachtain ag an morgáisteoir *fo-alt* (4) a chomhlíonadh difear do bhailíocht an léasa.

(6) I gcás ina n-íocfaidh an léasaí préimh nó suim chaipitiúil eile agus go ndeonóidh—

- (a) an morgáisteoir an léas, cuirfear chun feidhme í, nó, i gcás inar mó í ná an fiach morgáiste, an oiread sin di is gá chun na críche, chun an fiach sin a ghlanadh nó faoi chomhair an fiach sin a ghlanadh, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh an dáta le haghaidh fuascailte ann,
- (b) an morgáistí an léas, cuirfear chun feidhme í de réir *alt 107* amhail is dá mba éard í fáltais díola.

114.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh morgáisteoir nó morgáistí i seilbh (nó tar éis don mhorgáistí glacadóir a cheapadh agus fad a ghníomhóidh an glacadóir, féadfaidh an glacadóir) glacadh le géilleadh léasa a deonaíodh roimhe sin faoi *alt 112* nó mar a údaraítear le téarmaí an mhorgáiste, cibé acu a bhaineann an géilleadh leis an talamh go léir a léasaíodh nó le cuid di amháin. Géilleadh.
[CA 1911, a. 3]

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) ach amháin i gcás gur d'fhonn léas nua a dheonú faoi *alt 112* nó mar a údaraítear le téarmaí an mhorgáiste a dhéantar an léas roimhe sin a ghéilleadh.

(3) Ar ghéilleadh den sórt sin a dhéanamh—

- (a) ní lú téarma an léasa nua ná an téarma neamhéagtha a bheadh ann faoin léas géillte dá mba rud é nár géilleadh é,
- (b) ní lú an cíos atá ar forchoimeád leis an léas nua ná an cíos a bheadh iníoctha faoin léas géillte dá mba rud é nár géilleadh é,
- (c) i gcás nár géilleadh ach cuid den talamh—
 - (i) ní lú an cíos atá ar forchoimeád leis an léas nua ná an méid is gá chun nach lú comhiomlán na gcíosanna is iníoctha faoin léas a bheidh fágtha agus an léas nua ná an cíos a bheadh iníoctha faoin léas géillte dá mba rud é nár glacadh le géilleadh páirteach, agus
 - (ii) comhlíonfaidh aon mhodhnuithe eile ar an léas bunaidh *alt 113*.

(4) Aon ghlacadh airbheartaithe le géilleadh nach gcomhlíonann *fo-alt* (3), tá sé ar neamhní.

(5) I gcás ina mbeidh íocaíocht préimhe nó comaoine i gceist le géilleadh, seachas an comhaontú glacadh le géilleadh, beidh an géilleadh ar neamhní mura rud é go ndéanfar—

- (a) i gcás géilleadh don mhorgáisteoir, toiliú na n-eireadóirí, nó

- (b) i gcás géilleadh don dara morgáistí nó do mhorgáistí dá éis sin, toiliú aon eireadóra roimhe sin, a fháil.

CUID 11

MORGÁISTÍ BREITHIÚNAIS

Léiriú ar *Chuid 11*.
[JMA 1858, ailt 3
agus 4]

115.—Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—
folaíonn “creidiúnaí”—

- (a) gníomhaire údaraithe agus aon duine a bheidh údaraithe ag an gcúirt chun morgáiste breithiúnais a chlárú thar ceann creidiúnaí breithiúnais,
- (b) duine amháin nó cuid agus gan ach cuid de chreidiúnaithe ar leithligh a mbeidh an breithiúnas céanna faighte acu;

folaíonn “breithiúnas” aon fhoraithe nó ordú ó aon chúirt taifid.

Morgáistí
breithiúnais a
chlárú.
[JMA 1850, a.6]

116.—(1) Aon chreidiúnaí a mbeidh breithiúnas faighte aige nó aici in aghaidh duine, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig an Údarás Clárúcháin Maoine chun morgáiste breithiúnais a chlárú in aghaidh eastát an duine sin nó leas an duine sin i dtalamh.

(2) Déanfar morgáiste breithiúnais a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

(3) D’fhonn amhras a sheachaint is é an cás é, agus ba é an cás riamh é—

- (a) nach bhfuil aon cheanglas ann morgáiste breithiúnais a athchlárú d’fhonn a bhailíocht nó a in-fhorfheidhmitheacht in aghaidh na talún nó in aghaidh cheannaitheoir na talún a chothabháil,
- (b) gur féidir morgáiste breithiúnais a chlárú—
- (i) d’ainneoin ordú ón gcúirt a bheith faighte ag an bhféichiúnaí breithiúnais lena ndeonaítear bac ar fhorghníomhú, mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt,
- (ii) in aghaidh leas tairbhí faoi iontaobhas chun talamh a dhíol.

Éifeacht cláraithe.
[JMA 1850, ailt 7
agus 8]
[JMA 1850, a. 8]

117.—(1) Oibríonn clárú morgáiste breithiúnais faoi alt 113 chun an fiach breithiúnais a mhuirearú ar eastát an fhéichiúnaí breithiúnais nó ar leas an fhéichiúnaí breithiúnais i dtalamh agus tugann sé teideal don mhorgáistí breithiúnais iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar ordú faoin alt seo nó faoi *alt 31*.

(2) Ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh chun cuntas a thógáil ar eirí eile a dhéanann difear don talamh, más ann, agus chun fiosrúcháin a dhéanamh i dtaobh tosaíochtaí faoi seach aon eirí den sórt sin,

(b) ordú a dhéanamh chun an talamh a dhíol, agus más cuí, chun fáiltais an díola a dháileadh,

(c) cibé ordú eile a dhéanamh chun an morgáiste breithiúnais a fhorghníomhú is cuí leis an gcúirt.

(3) Beidh an morgáiste breithiúnais faoi réir aon chirt nó eire a dhéanann difear do thalamh an fhéichiúnaí breithiúnais, cibé acu atá nó nach bhfuil sé cláraithe, tráth cláraithe an mhorgáiste breithiúnais.

(4) Chun críocha an ailt seo, ní fholáíonn ceart nó eire éileamh a dhéantar i gcaingean ar eastát féichiúnaí breithiúnais nó ar leas féichiúnaí breithiúnais i dtalamh (lena n-áirítear eastát nó leas den sórt sin a fhaigheann duine, cibé acu go hiomlán nó go páirteach, le hordú a dhéantar sa chaingean) cibé acu ar mhodh éilimh nó frithéilimh sa chaingean, mura lorgáítear ordú leis an éileamh—

(a) faoi Acht 1976, Acht 1995 nó Acht 1996, nó

(b) go sonrach in aghaidh an eastáit nó an leasa i dtalamh sin.

(5) Tá feidhm ag *alt 74* maidir le tíolacas saorálach talún arna dhéanamh ag féichiúnaí breithiúnais sula gcláraíonn an creidiúnaí morgáiste breithiúnais in aghaidh na talún sin faoi *alt 116* amhail is dá mba cheannaitheoir an creidiúnaí chun críocha *alt 74*.

118.—Maidir le deimhniú sásaimh breithiúnais a chlárú i gClárlann na nGníomhas, ar deimhniú é ar ina leith a cláraíodh morgáiste breithiúnais, múchann sé an morgáiste breithiúnais.

Morgáistí breithiúnais a mhúchadh.

[JMA 1850, a. 9]

119.—Leasaítear alt 32 d’Acht 1957 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

Leasú ar alt 32 d’Acht 1957.

“(3) I gcás morgáiste breithiúnais, fabhraíonn an ceart caingne ón dáta a thiofadh an breithiúnas chun bheith infheidhmithe agus ní an dáta a chlárófar é mar mhorgáiste.”

CUID 12

LIS PENDENS

120.—Sa Chuid seo—

Léiriú ar *Chuid 12*.

folaíonn “modh” foirm;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacha cúirte;

ciallaíonn “clár” an clár de *lis pendens* a chothabháiltear faoi *alt 121*.

121.—(1) Déanfar clár de *lis pendens* a dhéanann difear do thalamh a chothabháil ar an modh a fhorordaítear i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte.

Clár de *lis pendens*.

[JA 1844, a. 10]

(2) Féadfar na nithe seo a leanas a chlárú mar *lis pendens*:

(a) aon chaingean sa Chúirt Chuarda nó san Ard-Chúirt ina ndéantar éileamh ar eastát nó ar leas i dtalamh (lena n-áirítear eastát nó leas den sórt sin a fhaigheann duine,

cibé acu go hiomlán nó go páirteach, le hordú a dhéantar sa chaingean) cibé acu ar mhodh éilimh nó frithéilimh sa chaingean; agus

(b) aon imeachtaí chun go ndearbhófar tíolacas eastáit nó leasa i dtalamh a bheith ar neamhní.

(3) Déanfar cibé sonraí a fhorordófar a thaifeadh sa chlár.

(4) Aon *lis pendens* a cláraíodh faoi alt 10 den *Judgments (Ireland) Act* 1844 agus nár cuireadh ar neamhní roimh an alt sin a aisghairm, leanfaidh sé d'éifeacht a bheith leis amháil is nach ndearnadh an t-alt sin a aisghairm agus measfar an clárú sin a bheith ina chuid den chlár a bheidh le coimeád faoi *fho-alt* (1).

Taifead sa chlár a chealú.

122.—Déanfar taifead *lis pendens* sa chlár a chealú—

[*JRA* 1871, a. 21]

(a) le toiliú, arna thabhairt ar an modh forordaithe, an duine ar ar iarratas uaidh nó uaithi a cláraíodh é, nó

(b) ar fhógra, arna thabhairt ar an modh forordaithe, i dtaobh ordú faoi *alt 123* lena bhfuasclaítear an *lis pendens* a thaisceadh i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte.

Ordú cúirte chun *lis pendens* a dhíchur.

123.—Faoi réir *alt 124*, féadfaidh cúirt ordú a dhéanamh chun *lis pendens* a dhíchur ar iarratas—

[*LPA* 1867, a. 2]

(a) ón duine arbh ar a iarratas nó a hiarratas a cláraíodh é, nó

(b) ó aon duine a ndéanann sé difear dó nó di, ar fhógra a thabhairt don duine arbh ar a iarratas nó a hiarratas a cláraíodh é—

(i) i gcás gur scoireadh den chaingean lena mbaineann sé, nó gur cinneadh í, nó

(ii) i gcás inar deimhin leis an gcúirt go raibh moill mhírreasúnach ann maidir leis an chaingean a thabhairt ar aghaidh nó nach bhfuiltear á tabhairt ar aghaidh *bona fide*.

Idirthréimhseach.

124.—Ní dhéanfaidh cúirt *lis pendens* arna chlárú faoi alt 10 den *Judgments (Ireland) Act* 1844 roimh aisghairm an ailt sin, a dhíchur faoi *alt 123* ar fhoras seachas foras ar a bhféadfaí an *lis pendens* a dhíchur díreach roimh an aisghairm sin.

Ceannaitheoirí a chosaint.

[*JMA* 1850, a. 5]

125.—Ní bheidh *lis pendens* ina cheangal ar cheannaitheoir talún neamhchláraithe nach mbeidh eolas iarbhrí aige nó aici faoi mura mbeidh sé cláraithe i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte laistigh de 5 bliana sula ndéanfar an tíolacas don cheannaitheoir.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 1995.

126.—Leasaítear Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 1995, sa Dara Sceideal, i mír 1, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (xxiv):

“(xxiv) Ordú faoi *alt 123* den *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha* 2009.”

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún [Uimh. 27.] agus Tíolactha 2009.*

CUID 13

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHLÁRÚ TEIDIL 1964

127.—Leasaítear alt 3 (léiriú) d’Acht 1964 i bhfo-alt (1)— Leasú ar alt 3.

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

tá le ‘ionstraim’ an bhrí a shanntar dó le *halt 3 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009;*

folaíonn ‘úinéir’ lánúinéir;

(b) trí “ciallaíonn ‘talamh ruílse’ talamh arb éard í a úinéireacht eastát i bhfeo simplí seilbhe;” a chur in ionad an mhínithe ar “talamh ruílse”,

(c) trí “ ciallaíonn ‘morgáiste breithiúnais’ morgáiste arna chlárú ag creidiúnaí breithiúnais de bhun *alt 116 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009;*” a chur in ionad an mhínithe ar “morgáiste breithiúnais”,

(d) trí “ tá le ‘talamh’ an bhrí a shanntar dó le *halt 3 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009*” a chur in ionad an mhínithe ar “talamh”,

(e) trí “eastát” a chur in ionad “leas” sa chéad áit a bhfuil sé sa mhíniú ar “leas léasach”, agus

(f) trí na mínithe ar “na hAchtanna Féimheachta”, “Clárlann na nGníomhas”, “na hAchtanna um Thalamh Socraithe”, “socraíocht”, “talamh socraithe”, “tionónta saoil” agus “iontaobhaithe na socraíochta” a scriosadh.

128.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 25 (an éifeacht a bheidh le neamhchlárú nuair atá clárú éigeantach.) d’Acht 1964. Alt nua a chur in ionad alt 25.

“25.—Ní gheobhaidh duine eastát nó leas i dtalamh in aon chás ina bhfuil clárú úinéireachta na talún, nó ina dtiocfaidh sé chun bheith, éigeantach faoi alt 23 nó 24 mura mbeidh an duine cláraithe mar úinéir an eastáit nó an leasa laistigh de 6 mhí tar éis na fála airbheartaithe nó ag cibé tráth is déanaí ná sin a cheadóidh an tÚdarás (nó, i gcás diúltaithe, an chúirt) in aon chás áirithe, ach ar aon chlárú den sórt sin gabhfaidh teideal an duine siar go dtí dáta na fála airbheartaithe, agus beidh éifeacht dá réir sin ag aon déileálacha leis an talamh roimh an gclárú.”.

129.—Leasaítear alt 69 (ualaí a fhéadfar a chlárú mar ualaí a luíonn ar thalamh cláraithe) d’Acht 1964 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh mhír (k): Leasú ar alt 69.

“(kk) cúnant ruílse de réir bhrí *alt 48 den Acht um an Dlí Talún agus Tíolactha 2009;*”.

130.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 71 (clárú morgáistí breithiúnais) d’Acht 1964: Leasú ar alt 71.

“71.—(1) Beidh iarratas ar chlárú morgáiste breithiúnais faoi *alt 116 den Acht um an Dlí Talún agus Tíolactha 2009*, i gcás talún cláraithe, i cibé foirm agus i cibé slí a fhorordófar.

(2) Oibreoidh clárú faoi fho-alt (1) chun eastát nó leas an fhéichiúnaí breithiúnais a mhuirearú—

- (a) faoi réir na n-ualaí, más ann, a cláraíodh mar ualaí a luíonn ar an eastát nó ar an leas sin,
- (b) faoi réir na n-ualaí a bhfuil an t-eastát nó an leas sin faoina réir, cé nach bhfuil siad cláraithe amhlaidh, de bhua alt 72, agus
- (c) faoi réir gach cirt neamhchláraithe ar faoina réir a bhí an t-eastát nó an leas sin ar teachtadh ag an bhféichiúnaí breithiúnais tráth an chláraithe,

agus maille leis an éifeacht a luaitear in *alt 117 den Acht sin de 2009*.”.

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

Leiriú (*Cuid 14*)

131.—Sa Chuid seo, tá le “gnó” agus “léas” na bríonna céanna atá leo san Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú) 1980.

Athbhreithniú ar chíos i gcásanna áirithe

132.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le léasú talún atá le húsáid go hiomlán nó go páirteach chun gnó a sheoladh.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é—

- (a) maidir leis an léas lena mbaineann, nó
- (b) maidir le comhaontú le haghaidh léasa den sórt sin,

go mbeidh sé déanta roimh thosach feidhme an ailt seo.

(3) Déanfar foráil i léas lena mbaineann an t-alt seo lena bhforáiltear d’athbhreithniú ar an gcíos is iníoctha faoin léas a fhorléiriú mar ní lena bhforáiltear gur féidir an cíos is iníoctha tar éis an athbhreithnithe sin a shocrú de réir méid is lú nó is mó ná méid an chíosa, nó de réir méid is ionann agus méid an chíosa, ab iníoctha díreach roimh an dáta atá an cíos le hathbhreithniú.

(4) Maidir le *fo-alt (3)*—

- (a) beidh feidhm aige d’ainneoin aon fhorála dá mhalairt sa léas nó sa chomhaontú le haghaidh an léasa, agus
- (b) ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir leis an gcuid sin den talamh arna forléasadh leis an léas ina gceadaítear gnó a sheoladh faoi théarmaí an léasa.

133.—Cuirtear deireadh le cumhacht an tsirriam, nó le cumhacht daoine eile atá i dteideal cumhachtaí an tsirriam a fheidhmiú, tionóntacht a urghabháil faoi eascaire *feri facias* nó faoi phróiseas eile forghníomhaithe ach amháin i ndáil le tionóntacht talún a úsáidtear go hiomlán nó go páirteach chun gnó a sheoladh.

Deireadh a chur le cumhacht tionóntacht a urghabháil.

SCEIDEAL 1

Alt 8(1).

LEASUITHE

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
<i>Trustee Act 1893</i>	Alt 15	“sections 57 and 58 of the <i>Land and Conveyancing Law Reform Act 2009</i> ” a chur in ionad “section two of the <i>Vendor and Purchaser Act, 1874</i> ”.
Acht na dTithe (Gaeltacht) 1929	Alt 9	I bhfo-alt (2)— (a) “ina mhorgáiste dlí faoi <i>Chuid 10</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> ” a chur in ionad “ina mhorgáiste ar n-a dhéanamh tré dhintuir do réir bhrí na <i>Conveyancing Acts, 1881 to 1911</i> ”, (b) “an Acht sin” a chur in ionad “na nAcht san” agus “leis an Acht sin” a chur in ionad “leis na hAchtanna san”.
An tAcht Forbairte Minearál 1940	Alt 52	I bhfo-alt (1) na focail “gur mar ionadaí pearsanta do dhuine marbh a thugtar é don duine is ceadúnaí faoi” a chur in ionad “gur mar thionónta saoil do bheirtear é don duine is ceadúnaidhe fé no mar dhuine go gcomhacht tionónta shaoil fé shocrú no mar ionadaidhe pearsanta do dhuine mharbh” agus i bhfo-alt (2), na focail “gur mar ionadaí pearsanta do dhuine marbh a thugtar dó nó di iad” a chur in ionad “gur mar thionónta saoil do bheirtear dó iad no mar dhuine go gcomhacht tionónta shaoil fé shocrú no mar ionadaidhe pearsanta do dhuine mharbh”.
An tAcht Cuanta 1946	Alt 169	I bhfo-alt (5) na nithe seo a leanas a scríosadh— (a) “nó toisc gur mionaíseach é”, (b) “eastát lena shaol nó”.

[Uimh. 27.] An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún [2009.]
agus Tíolactha 2009.

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
Reacht na dTréimhsí 1957	<p>Alt 2</p> <p>Alt 25</p>	<p>I bhfo-alt (1), trí “ciallaíonn ‘morgáiste breithiúnais’ morgáiste arna chláru ag creidiúnaí morgáiste faoi alt 116 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009;” a chur in ionad an mhínithe ar “morgáiste breithiúnais”.</p> <p>I bhfo-alt (4), “aon talamh socraithe, do réir bhrí na <i>Settled Land Acts, 1882 to 1890, nó</i>” a scriosadh.</p>
An tAcht Carthanas 1961	<p>Alt 34</p> <p>Alt 37</p>	<p>I bhfo-alt (4), trí “, nó fuascailt nó atíolacadh talún a bheidh faoi réir an mhorgáiste nó an mhuirir” a scriosadh.</p> <p>I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) i mír (h), “talún,” a chur in ionad “talún.”,</p> <p>(b) an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):</p> <p>“(i) iarratas a dhéanamh ar ordú oibreacha faoi alt 45 den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009.</i>”.</p>
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961	An Trú Sceideal	<p>I gcolún (2) ag uimhir thagartha 19, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c)</p> <p>“(d) iarratais faoi <i>ailt 94, 97</i> (ach amháin i gcás ina mbeidh an mhaoín lena mbaineann faoi réir morgáiste iasachta tithíochta), <i>100</i> (ach amháin i gcás ina mbeidh an mhaoín lena mbaineann faoi réir morgáiste iasachta tithíochta) agus <i>117</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009.</i>”.</p> <p>I gcolún (2) ag uimhir thagartha 22, “agus faoi alt 55 den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur isteach i ndiaidh “Imeachtaí mar gheall ar shainchomhlíonadh conarthaí.</p> <p>I gcolún (2) ag uimhir thagartha 23, “Imeachtaí faoi <i>ailt 31, 35, 50, 68, agus 84</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “Imeachtaí chun talamh a idir-roinnt nó a dhíol”.</p> <p>I gcolún (2) ag uimhir thagartha 26, “<i>Chodanna 4</i> agus 5 den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha</i></p>

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
		2009 agus” a chur isteach i ndiaidh “Imeachtaí faoi”.
Acht na gCuideachtaí 1963	Alt 231	I bhfo-alt (2)(a), na nithe seo a leanas a scriosadh— (a) “dheontas feofheirme, fodheontas feofheirme,” (b) “aon chíos a dhíol a forcoimeádadh ar aon deontas den sórt sin nó”.
An tAcht um Chlárú Teidil 1964	Alt 24 Alt 37 Alt 38 Alt 39 Alt 44 Alt 45 Alt 46 Alt 47 Alt 51 Alt 60 Alt 61	I bhfo-alt (1), “lá a shonrófar agus dá éis sin” a chur in ionad “lá a shonrófar nó dá éis sin”. I bhfo-alt (3), “I gceachtar cás,” a scriosadh. I bhfo-alt (1), “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta.” “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta.” I bhfo-alt (3), “I gceachtar cás,” a scriosadh. “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta.” “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta.” “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta.” I bhfo-alt (1), “Féadfaidh” a chur in ionad “Faoi réir na nAchtanna um Thalamh Socraithe i gcás úinéara teoranta, féadfaidh”. I bhfo-alt (2), “nó i cibé foirm eile a bhfeicfead don Chlárúitheoir gur foirm leormhaith í chun an talamh a thíolacadh,” a scriosadh. I bhfo-alt (2), na nithe seo a leanas a scriosadh— (a) “más é an lán-úinéir é,” i ngach áit a bhfuil sé, (b) “agus murab é an lán-úinéir é, le comhthoilíú cibé daoine a bheidh forordaithe”, agus (c) “, agus murab é an lán-úinéir é, le comhthoilíú cibé daoine a bheidh forordaithe”. I bhfo-alt (3)(a)— (a) “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta”, (b) “, cibé acu é” a scriosadh.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
	Alt 62	<p>I bhfo-alt (4), “úinéir” a chur in ionad “lán-úinéir nó úinéir teoranta”.</p> <p>I bhfo-alt (2) “(nó ionstraim i cibé foirm eile a fheicfear don Údarás a bheith leordhóthanach chun an talamh a mhúirearú, ar choinníoll go muirearóidh nó go bhforcoimeádfaidh an ionstraim sin go sainráite as an talamh íoc an airgid a urrófar)” a scríosadh.</p> <p>I bhfo-alt (6)—</p> <p>(a) “mar mhorgáiste dlíthiúil faoi <i>Chuid 10</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “mar mhorgáiste trí ghníomhas de réir bhrí na nAchtanna Tíolactha”,</p> <p>(b) “faoi mhorgáiste den sórt sin” a chur in ionad “faoi mhorgáiste trí ghníomhas”.</p>
	Alt 64	<p>I bhfo-alt (2), “, nó i cibé foirm eile a fheicfear don Údarás a bheith leordhóthanach chun an muirear a aistriú” a scríosadh.</p>
	Alt 100	<p>I bhfo-alt (1), “aon ní” a chur in ionad “cén duine is ceart a chlárú faoin Acht seo, nó i dtaobh aon ní eile”.</p>
	Alt 103	<p>I bhfo-alt (2), “(lena n-áirítear úinéir teoranta ag feidhmiú cumhachtaí faoi na hAchtanna um Thalamh Socraithe nó faoin Acht seo)” a scríosadh.</p>
	Alt 123	<p>I bhfo-alt (4), “nó, i gcás talún socraithe, mar shannaithe an úinéara chláraithe” a scríosadh.</p>
An tAcht Comharbais 1965	Alt 60	<p>I bhfo-alt (6), “maidir le hionstraimí” a chur in ionad “maidir leis na hionstraimí aistrithe sin”</p> <p>I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) i mír (c), “foléas ar an talamh” a chur in ionad “fodheontas feofheirme i leith na talún, nó foléas air”,</p>

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
		<p>(b) i mír (c), “an fodheontas feofheirme nó” a scriosadh,</p> <p>(c) “a dheonú, nó” a scriosadh,</p> <p>(d) “aon chíos a forchoimeádh ar an deontas sin, nó” a scriosadh.</p>
Acht na dTithe 1966	Alt 71	<p>I bhfo-alt (4)—</p> <p>(a) “morgáiste dlíthiúil faoi <i>Chuid 10</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “morgáiste a rinneadh trí ghníomhas de réir brí na <i>Conveyancing Acts, 1881 to 1911</i>”,</p> <p>(b) “an Achta sin” a chur in ionad “na nAchtanna sin” agus “an tAcht sin” a chur in ionad “na hAchtanna sin”.</p>
An tAcht Carthanas 1973	Alt 4	I bhfo-alt (3), “nó fuascailt nó atíolacadh talún a bheidh faoi réir an mhorgáiste nó an mhuirir” a scriosadh.
An tAcht Féimheachta 1988	<p>Alt 50</p> <p>Alt 51</p> <p>Alt 61</p> <p>Alt 87</p>	<p>I bhfo-alt (1), “nó leas léasachta i dtalamh” a scriosadh.</p> <p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):</p> <p>“(1) Creidiúnaí breithiúnais a chláraíonn morgáiste breithiúnais faoi <i>alt 116</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>, ní bheidh sé nó sí, de bhíthin an chláraithe sin, i dteideal aon tosaíochta ar chreidiúnaithe conartha shimplí i gcás an duine ar ina choinne nó ina coinne a chláraítear an morgáiste breithiúnais sin a bhreithniú ina fhéimheach nó ina féimheach, mura mbeidh an morgáiste breithiúnais cláráithe trí mhí ar a laghad roimh dháta an bhreithnithe.”.</p> <p>I bhfo-alt (3)(a)—</p> <p>(a) “dheontas feofheirme, fodheontas feofheirme,” a scriosadh,</p> <p>(b) “aon chíos a dhíol a bheidh forchoimeáda ar aon deontas den sórt sin nó” a scriosadh.</p> <p>I bhfo-alt (4), “clárú morgáiste breithiúnais faoi <i>alt 116</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “clárú</p>

[Uimh. 27.] An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún [2009.]
agus Tíolactha 2009.

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
		<p>mionnscríbhíne i leith breithiúnais faoin <i>Judgment Mortgage (Ireland) Act, 1850</i>”.</p> <p>I bhfo-alt (5), “aon mhorgáiste breithiúnais” a chur in ionad “aon mhionnscríbhíne”.</p>
An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989	Alt 23	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):</p> <p>“(5) I gcás inar creidiúnaí Banc Taisce Iontaobhais faoi bhreithiúnas de réir bhrí <i>alt 115 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>, féadfaidh rúnaí an bhainc nó oifigeach eile de chuid an bhainc nó gníomhaire dlí an bhainc, arna údarú nó arna húdarú go cuí chuige sin ag an mbanc, morgáiste breithiúnais a chlárú faoi <i>alt 116 den Acht sin</i>.”.</p>
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992	Alt 5	<p>I bhfo-alt (6)—</p> <p>(a) “morgáiste dlíthiúil faoi <i>Chuid 10 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas de réir bhrí na <i>Conveyancing Acts, 1881 go 1911</i>”,</p> <p>(b) “an Achta sin” a chur in ionad “na nAchtanna sin” agus “leis an Acht sin” a chur in ionad “leis na hAchtanna sin”.</p>
Acht um an Dlí Teaghligh 1995	Alt 10	<p>I bhfo-alt (1)(e), “faoi <i>alt 31 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “chun maoin a idir-roinnt nó ordú faoin <i>Partition Act, 1868</i>, agus faoin <i>Partition Act, 1876</i>”.</p>
An tAcht um Chumhachtaí Aturnae 1996	Alt 16	<p>I bhfo-alt (2), “nó mar thionónta saoil de réir bhrí an <i>Settled Land Act, 1882</i>, nó mar iontaobhaí nó mar dhuine eile atá ag feidhmiú cumhacht tionónta saoil faoi alt 60 den Acht seo” a scriosadh.</p>
Acht um an Dlí Teaghligh (Colscaradh) 1996	Alt 15	<p>I bhfo-alt (1)(e), “faoi <i>alt 31 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i>” a chur in ionad “chun maoin a idir-roinnt nó ordú faoin <i>Partition Act, 1868</i>, agus faoin <i>Partition Act, 1876</i>”.</p>
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	Alt 574	<p>I bhfo-alt (3), “(agus go háirithe i gcás talamh socráithe de réir bhrí an <i>Settled Land Act, 1882</i>, a bheith dílsithe don tionónta saoil agus infheistíochtaí in ionannas</p>

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
	Alt 964	airgid chaipitiúil a bheith dílsithe d'iontaobhaithe na socraíochta)" a scriosadh. I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c): “(c) Aon mhorgáiste breithiúnais a bheidh le clárú ag Ard-Bhailitheoir faoi <i>alt 116</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> , féadfaidh comharba é a chlárú.”
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999	Alt 1	I bhfo-alt (1), “(lena n-áirítear foraithe nó ordú maidir le foriamh nó arb éifeacht di nó dó ordú maidir le foriamh)” a scriosadh sa mhíniú ar “tíolacas ar dhíol”.
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Alt 99	I bhfo-alt (3A)(c), “morgáiste dlíthiúil faoi <i>Chuid 10</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> ” a chur in ionad “morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas de réir bhrí na <i>Conveyancing Acts 1881 go 1911</i> ”.
Acht na dTíthe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002	Alt 9	I bhfo-alt (3A)(c), “morgáiste dlíthiúil faoi <i>Chuid 10</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> ” a chur in ionad “morgáiste arna dhéanamh trí ghníomhas de réir bhrí na <i>Conveyancing Acts 1881 go 1911</i> ”.
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003	Alt 2	I bhfo-alt (1), “nó is infheidhmithe ag tionónta saoil faoin <i>Settled Land Act 1882</i> ,” a scriosadh sa mhíniú ar “cumhacht cheapacháin ghinearálta”.
An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006	Alt 11 Alt 12 Alt 32	I bhfo-alt (6) “agus tá siad in-athcheaptha” a chur isteach i ndiaidh “ó dháta a gceaptha”. I bhfo-alt (3), “ar feadh téarma amháin eile” a scriosadh. I bhfo-alt (1)— (a) “(g) iarratas chun morgáiste breithiúnais a chlárú faoi <i>alt 116</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> ,” a chur in ionad mhír (g) den mhíniú ar “gníomhas”, (b) “tá le ‘talamh’ an bhrí a thugtar dó le <i>halt 3</i> den <i>Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009</i> ,” a chur

Sc.1

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus Tíolactha 2009.

Achtachán (1)	Foráil (2)	An cineál leasaithe (3)
	Alt 55	in ionad an mhínithe ar “talamh”. “d’Acht 1964” a chur isteach i ndiaidh “sa chlárú”).

[2009.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [Uimh. 27.]
agus *Tíolactha* 2009.

SCEIDEAL 2

Alt 8(3).

AISGHAIRM

CUID 1

REACHTANNA ÉIREANNACHA RÉAMH-ÁONTACHTA

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
10 Chas. 1 seis. 2 c. 1	<i>Statute of Uses</i> 1634	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 Chas. 1 seis. 2 c. 3	<i>Conveyancing Act</i> 1634	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 Chas. 1 seis. 3 c. 15	<i>Maintenance and Embracery Act</i> 1634	Ailt 2, 4 agus 6
10 & 11 Chas. 1 c. 3	<i>Ecclesiastical Lands Act</i> 1634	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
15 Chas. 1 c. 3	<i>Forfeiture Act</i> 1639	An tAcht iomlán
14 & 15 Chas. 2 seis. 4 c. 19	<i>Tenures Abolition Act</i> 1662	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
7 Will. 3 c. 8	<i>Life Estates Act</i> 1695	An tAcht iomlán
7 Will. 3 c. 12	<i>Statute of Frauds</i> 1695	In alt 2, na focail “or upon any contract or sale of lands, tenements, or hereditaments, or any interest in or concerning them,”.
9 Will. 3 c. 11	<i>Clandestine Mortgages Act</i> 1697	An tAcht iomlán
2 Anne c. 8	<i>Plus Lands Act</i> 1703	An tAcht iomlán
6 Anne c. 10	<i>Administration of Justice Act</i> 1707	Alt 23
8 Geo. 1 c. 5	<i>Boundaries Act</i> 1721	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 Geo. 1 c. 5	<i>Mining Leases Act</i> 1723	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
9 Geo. 2 c. 7	<i>Timber Act</i> 1735	An tAcht iomlán
15 Geo. 2 c. 10	<i>Mining Leases Act</i> 1741	An tAcht iomlán
23 Geo. 2 c. 9	<i>Mining Leases Act</i> 1749	An tAcht iomlán
1 Geo. 3 c. 8	<i>Hospitals Act</i> 1761	An tAcht iomlán
5 Geo. 3 c. 17	<i>Timber Act</i> 1765	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
5 Geo. 3 c. 20	<i>County Hospitals Act</i> 1765	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
7 Geo. 3 c. 8	<i>County Hospitals (Amendment) Act</i> 1767	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
7 Geo. 3 c. 20	<i>Timber Act</i> 1767	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
15 & 16 Geo. 3 c. 26	<i>Timber Act</i> 1775	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
17 & 18 Geo. 3 c. 15	<i>County Hospitals Act 1777</i>	An tAcht iomlán
17 & 18 Geo. 3 c. 35	<i>Timber Act 1777</i>	An tAcht iomlán
17 & 18 Geo. 3 c. 49	<i>Leases for Lives Act 1777</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
19 & 20 Geo. 3 c. 30	<i>Tenantry Act 1779</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
21 & 22 Geo. 3 c. 27	<i>Leases by Schools Act 1781</i>	An tAcht iomlán
23 & 24 Geo. 3 c. 39	<i>Timber Act 1783</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
25 Geo. 3 c. 55	<i>Leases by Schools Act 1785</i>	An tAcht iomlán
25 Geo. 3 c. 62	<i>Leases for Corn Mills Act 1785</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
29 Geo. 3 c. 30	<i>Commons Act 1789</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
31 Geo. 3 c. 38	<i>Commons Act 1791</i>	An tAcht iomlán
35 Geo. 3 c. 23	<i>Ecclesiastical Lands Act 1795</i>	An tAcht iomlán
40 Geo. 3 c. 90	<i>Leases for Cotton Manufacture Act 1800</i>	An tAcht iomlán

CUID 2

REACHTANNA SHASANA

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
13 Edw. 1 Stat. Westm. sec. c. 1	<i>Statute De Donis Conditionalibus</i> 1285	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
18 Edw. 1 Stat. d'ni R. de l'ris, & c.	<i>Statute Quia Emptores</i> 1290	An tAcht iomlán

CUID 3

REACHTANNA NA BREATAINE MÓIRE 1707 GO 1800

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
39 & 40 Geo. 3 c. 88	<i>Crown Private Estate Act 1800</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe

CUID 4

REACHTANNA RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS NA HÉIREANN 1801 GO 1922

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
46 Geo. 3 c. 71	<i>Mines (Ireland) Act 1806</i>	An tAcht iomlán
50 Geo. 3 c. 33	<i>School Sites (Ireland) Act 1810</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
59 Geo. 3 c. 94	<i>Crown Land Act 1819</i>	An tAcht iomlán
3 Geo. 4 c. 63	<i>Crown Lands (Ireland) Act 1822</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
4 Geo. 4 c. 18	<i>Crown Land Act 1823</i>	An tAcht iomlán
6 Geo. 4 c. 17	<i>Crown Lands Act 1825</i>	An tAcht iomlán
11 Geo. 4 & 1 Will. 4 c. 46	<i>Illusory Appointments Act 1830</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
2 & 3 Will. 4 c. 71	<i>Prescription Act 1832</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
3 & 4 Will. 4 c. 74	<i>Fines and Recoveries Act 1833</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
3 & 4 Will. 4 c. 106	<i>Inheritance Act 1833</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
4 & 5 Will. 4 c. 92	<i>Fines and Recoveries (Ireland) Act 1834</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
5 & 6 Will. 4 c. 74	<i>Tithes Act 1835</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
5 & 6 Will. 4 c. 75	<i>Tithing of Turnips Act 1835</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
6 & 7 Will. 4 c. 70	<i>Sites for Schoolrooms Act 1836</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
1 & 2 Vic. c. 62	<i>Renewal of Leases (Ireland) Act 1838</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
1 & 2 Vic. c. 109	<i>Tithe Rentcharge (Ireland) Act 1838</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
2 & 3 Vic. c. 3	<i>Tithe Arrears (Ireland) Act 1839</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
5 Vic. c. 1	<i>Crown Lands Act 1841</i>	An tAcht iomlán
5 & 6 Vic. c. 89	<i>Drainage (Ireland) Act 1842</i>	An tAcht iomlán
6 & 7 Vic. c. 23	<i>Copyhold Act 1843</i>	An tAcht iomlán
7 & 8 Vic. c. 55	<i>Copyhold Act 1844</i>	An tAcht iomlán
7 & 8 Vic. c. 90	<i>Judgments (Ireland) Act 1844</i>	Alt 10
8 & 9 Vic. c. 56	<i>Land Drainage Act 1845</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
8 & 9 Vic. c. 69	<i>Drainage (Ireland) Act 1845</i>	An tAcht iomlán

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
8 & 9 Vic. c. 99	<i>Crown Lands Act</i> 1845	An tAcht iomlán
8 & 9 Vic. c. 106	<i>Real Property Act</i> 1845	Ailt 2 go 6 agus 8
8 & 9 Vic. c. 112	<i>Satisfied Terms Act</i> 1845	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
9 & 10 Vic. c. 4	<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1846	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 & 11 Vic. c. 32	<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1847	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 & 11 Vic. c. 46	<i>Settled Land (Ireland) Act</i> 1847	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
10 & 11 Vic. c. 79	<i>Drainage (Ireland) Act</i> 1847	An tAcht iomlán
11 & 12 Vic. c. 13	<i>Mining Leases (Ireland) Act</i> 1848	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
11 & 12 Vic. c. 80	<i>Tithe Rentcharge (Ireland) Act</i> 1848	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
11 & 12 Vic. c. 102	<i>Crown Lands Act</i> 1848	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
12 & 13 Vic. c. 26	<i>Leases Act</i> 1849	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
12 & 13 Vic. c. 59	<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1849	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
12 & 13 Vic. c. 105	<i>Renewable Leasehold Conversion Act</i> 1849	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
13 & 14 Vic. c. 29	<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act</i> 1850	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
13 & 14 Vic. c. 31	<i>Public Money Drainage Act</i> 1850	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
14 & 15 Vic. c. 7	<i>Leases for Mills (Ireland) Act</i> 1851	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
14 & 15 Vic. c. 20	<i>Fee-Farm Rents (Ireland) Act</i> 1851	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
14 & 15 Vic. c. 42	<i>Crown Lands Act</i> 1851	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
15 & 16 Vic. c. 34	<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act</i> 1852	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
15 & 16 Vic. c. 51	<i>Copyhold Act</i> 1852	An tAcht iomlán
15 & 16 Vic. c. 62	<i>Crown Lands Act</i> 1852	An tAcht iomlán
16 & 17 Vic. c. 56	<i>Crown Lands Act</i> 1853	An tAcht iomlán
16 & 17 Vic. c. 130	<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1853	An tAcht iomlán
17 & 18 Vic. c. 68	<i>Crown Land Revenues Act</i> 1854	An tAcht iomlán
18 & 19 Vic. c. 39	<i>Leasing Powers for Religious Worship in Ireland Act</i> 1855	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
18 & 19 Vic. c. 110	<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act</i> 1855	An tAcht iomlán

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
19 & 20 Vic. c. 9	<i>Public Money Drainage Act 1856</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
19 & 20 Vic. c. 62	<i>Drainage (Ireland) Act 1856</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
21 & 22 Vic. c. 42	<i>Prescription (Ireland) Act 1858</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
21 & 22 Vic. c. 72	<i>Landed Estates Court (Ireland) Act 1858</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
21 & 22 Vic. c. 94	<i>Copyhold Act 1858</i>	An tAcht iomlán
21 & 22 Vic. c. 105	<i>Judgment Mortgage (Ireland) Act 1858</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
22 & 23 Vic. c. 35	<i>Law of Property Amendment Act 1859</i>	Ailt 10 go 13, 21, 23 agus 24
23 & 24 Vic. c. 38	<i>Law of Property Amendment Act 1860</i>	Ailt 7, 8 agus 10
23 & 24 Vic. c.153	<i>Landed Property (Ireland) Improvement Act 1860</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
24 & 25 Vic. c. 123	<i>Landed Estates Court (Ireland) Act 1861</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
25 & 26 Vic. c. 29	<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act 1862</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
25 & 26 Vic. c. 37	<i>Crown Private Estates Act 1862</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
26 & 27 Vic. c. 26	<i>Land Drainage Act (Ireland) 1863</i>	An tAcht iomlán
26 & 27 Vic. c. 88	<i>Drainage and Improvement of Lands Act (Ireland) 1863</i>	An tAcht iomlán
27 & 28 Vic. c. 38	<i>Chief Rents Redemption (Ireland) Act 1864</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
27 & 28 Vic. c. 72	<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act 1864</i>	An tAcht iomlán
27 & 28 Vic. c. 107	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act, Ireland 1864</i>	An tAcht iomlán
27 & 28 Vic. c. 114	<i>Improvement of Land Act 1864</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
28 & 29 Vic. c. 52	<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland) 1865</i>	An tAcht iomlán
28 & 29 Vic. c. 53	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (No. 2 Ireland) 1865</i>	An tAcht iomlán
28 & 29 Vic. c. 78	<i>Mortgage Debenture Act 1865</i>	An tAcht iomlán
28 & 29 Vic. c. 101	<i>Land Debentures (Ireland) Act 1865</i>	An tAcht iomlán
29 & 30 Vic. c. 26	<i>Landed Property Improvement (Ireland) Act 1866</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
29 & 30 Vic. c. 40	<i>Drainage and Improvement of Land (Ireland) Act 1866</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
29 & 30 Vic. c. 49	<i>Drainage Maintenance Act 1866</i>	An tAcht iomlán

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
29 & 30 Vic. c. 61	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland)</i> 1866	An tAcht iomlán
29 & 30 Vic. c. 62	<i>Crown Lands Act</i> 1866	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
29 & 30 Vic. c. 99	<i>Landed Estates Court Act</i> 1866	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
30 & 31 Vic. c. 43	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland)</i> 1867	An tAcht iomlán
30 & 31 Vic. c. 47	<i>Lis Pendens Act</i> 1867	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
30 & 31 Vic. c. 139	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland) (No. 2)</i> 1867	An tAcht iomlán
31 & 32 Vic. c. 3	<i>Drainage and Improvement of Lands Supplemental Act (Ireland) (No. 3)</i> 1867	An tAcht iomlán
31 & 32 Vic. c. 4	<i>Sales of Reversions Act</i> 1867	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
31 & 32 Vic. c. 40	<i>Partition Act</i> 1868	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
31 & 32 Vic. c. 62	<i>Renewable Leaseholds Conversion (Ireland) Act</i> 1868	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
32 & 33 Vic. c. 72	<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act, Ireland</i> 1869	An tAcht iomlán
34 & 35 Vic. c. 72	<i>Judgments Registry (Ireland) Act</i> 1871	Alt 21
35 & 36 Vic. c. 31	<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland)</i> 1872	An tAcht iomlán
36 & 37 Vic. c. 36	<i>Crown Lands Act</i> 1873	An tAcht iomlán
36 & 37 Vic. c. 61	<i>Crown Private Estates Act</i> 1873	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
37 & 38 Vic. c. 32	<i>Drainage and Improvement of Lands Amendment Act (Ireland)</i> 1874	An tAcht iomlán
37 & 38 Vic. c. 37	<i>Powers of Appointment Act</i> 1874	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
37 & 38 Vic. c. 78	<i>Vendor and Purchaser Act</i> 1874	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
38 & 39 Vic. c. 11	<i>Leasing Powers Amendment Act for Religious Purposes in Ireland</i> 1875	An tAcht iomlán
39 & 40 Vic. c. 17	<i>Partition Act</i> 1876	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
40 & 41 Vic. c. 18	<i>Settled Estates Act</i> 1877	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
40 & 41 Vic. c. 31	<i>Limited Owners Reservoirs and Water Supply Further Facilities Act</i> 1877	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
40 & 41 Vic. c. 33	<i>Contingent Remainders Act</i> 1877	An tAcht iomlán

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
41 & 42 Vic. c. 59	<i>Drainage and Improvement of Lands (Ireland) Act 1878</i>	An tAcht iomlán
44 & 45 Vic. c. 41	<i>Conveyancing Act 1881</i>	Ailt 2 go 9, 15 go 24, 26 go 29, 41, 44, 49 go 64, 66, 67, 69, 70, 72 agus 73 agus an tríd Sceideal agus an ceathrú Sceideal
44 & 45 Vic. c. 65	<i>Leases for Schools (Ireland) Act 1881</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
45 & 46 Vic. c. 38	<i>Settled Land Act 1882</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
45 & 46 Vic. c. 39	<i>Conveyancing Act 1882</i>	Ailt 3, 4, 6, 10 agus 12
47 & 48 Vic. c. 18	<i>Settled Land Act 1884</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
48 & 49 Vic. c. 79	<i>Crown Lands Act 1885</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
50 & 51 Vic. c. 30	<i>Settled Land Acts (Amendment) Act 1887</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
50 & 51 Vic. c. 73	<i>Copyhold Act 1887</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
51 & 52 Vic. c. 37	<i>Timber (Ireland) Act 1888</i>	An tAcht iomlán
52 & 53 Vic. c. 36	<i>Settled Land Act 1889</i>	An tAcht iomlán
53 & 54 Vic. c. 69	<i>Settled Land Act 1890</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
55 & 56 Vic. c. 58	<i>Accumulations Act 1892</i>	An tAcht iomlán
55 & 56 Vic. c. 65	<i>Drainage and Improvement of Land (Ireland) Act 1892</i>	An tAcht iomlán
56 & 57 Vic. c. 21	<i>Voluntary Conveyances Act 1893</i>	An tAcht iomlán
57 & 58 Vic. c. 43	<i>Crown Lands Act 1894</i>	An tAcht iomlán
58 & 59 Vic. c. 25	<i>Mortgagees Legal Costs Act 1895</i>	An tAcht iomlán
62 & 63 Vic. c. 20	<i>Bodies Corporate (Joint Tenancy) Act 1899</i>	An tAcht iomlán
62 & 63 Vic. c. 46	<i>Improvement of Land Act 1899</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
6 Edw. 7 c. 28	<i>Crown Lands Act 1906</i>	An tAcht iomlán a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
1 & 2 Geo. 5 c. 37	<i>Conveyancing Act 1911</i>	Ailt 1, 3 go 6, 9 go 11, 13 agus 15
3 & 4 Geo. 5 c. 8	<i>Crown Lands Act 1913</i>	An tAcht iomlán

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

CUID 5

ACHTANNA AN OIREACHTAIS

Uimhir agus Bliain (1)	Achtachán (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 22 de 1933	An tAcht Síor-Chistí (Clárú) 1933	An tAcht iomlán
Uimh. 3 de 1937	An tAcht Cúirte Cuarda (Breithiúntaisí do Chlárú) 1937	Alt 4
Uimh. 5 de 1957	An tAcht um Stádas Ban Pósta 1957	Ailt 2(4) agus 2(5)
Uimh. 16 de 1964	An tAcht um Chlárú Teidil 1964	Ailt 3(2), 27, 37(2), 44(2), 52(3), 55(3), 61(1), 61(3)(b), 62(3), 62(7), 62(8), 98(4)(a), 99 agus 101
Uimh. 27 de 1965	An tAcht Comharbais 1965	Ailt 50(3), 58(2), 95 agus 97
Uimh. 3 de 1967	An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 1967	Alt 24(2)
Uimh. 10 de 1980	An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú) 1980	Ailt 79 agus 80(2)
Uimh. 11 de 1981	Acht na gCúirteanna 1981	Alt 24
Uimh. 6 de 1982	Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) 1982	Alt 22
Uimh. 27 de 1988	An tAcht Féimheachta 1988	Alt 64
Uimh. 18 de 1992	Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992	Alt 2(2)
Uimh. 12 de 1996	An tAcht um Chumhachtaí Aturnae 1996	Alt 6(3)
Uimh. 31 de 1999	An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999	Alt 39

SCEIDEAL 3

Ailt 80 agus 81.

CÚNAINT IS INTUIGTHE I DTÍOLACAIS

CUID 1

MÉID UALAIGH CÚNANT

1. Sa Sceideal seo, mura gá a mhalairt de réir an chomhthéacs nó mura mbeidh a mhalairt sainráite, baineann dliteanas an chúnantóra i leith aon chúnaint leis na gníomhartha nó na neamhghníomhartha de chuid daoine a thagann faoi réim aon cheann de na haicmí seo a leanas, agus de chuid daoine den sórt sin amháin:

(1) an chúnantóir agus aon duine a bheidh ag tíolacadh trí ordachán an chúnantóra;

(2) aon duine óna ngabhann an chúnantóir teideal;

(3) aon duine (lena n-áirítear morgáistí) a shealbhaíonn nó a shealbhaigh teideal díorthaíoch ón gcúnantóir ar mhéid is lú ná an t-eastát nó an t-ús atá dílsithe don chúnantóir nó a shealbhaíonn nó a shealbhaigh teideal díorthaíoch den sórt sin ó aon réamhtheachtaí i dteideal de chuid an chúnantóra;

(4) aon duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ar iontaobhas thar ceann an chúnantóra.

2. Ní sárú ar chúnant sa Sceideal seo é i gcás ina ndearna an chúnantóir an tíolacas go sainráite faoi réir an ghnímh, an ní nó an ruda a dhéanfadh nó a fhéadfadh, murach an mhír seo, sárú den sórt sin a tharraingt.

3. Ní bheidh aon dliteanas ar an gcúnantóir mar gheall ar aon locht sa teideal a gruthófar go raibh eolas iarbhrí ag an gcúnantair air sula ndearnadh an Conradh chun tíolacadh a dhéanamh nó sula ndearnadh an tíolacas (cibé acu is luaithe).

CUID 2

CÚNAINT INTUIGTHE

Mír 1

Tíolacais Aicme 1

Cúnaint atá intuigthe i dtíolacas (seachas morgáiste) eastáit nó leasa i dtalamh (seachas tionóntacht) ar chomaoin luachmhar, arna dhéanamh ag duine a saindeirtear é nó í a bheith ag tíolacadh “mar úinéir tairbhúil”.

(1) Go bhfuil ceart ag an gcúnantóir ábhar an tíolacais a thíolacadh, ach amháin nach bhfuil dliteanas ar an gcúnantóir ach i leith aon ghníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid an chúnantóra nó daoine a thagann faoi réim aicme (ii) de mhír 1 de Chuid 1.

(2) Go sealbhóidh an duine dá ndéantar an tíolacas ábhar an tíolacais go síothach gan aon duine a thagann faoi réim aon aicme i mír 1 de Chuid 1 cur isteach air nó uirthi.

[Uimh. 27.] *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún* [2009.]
agus *Tíolactha* 2009.

- (3) Go bhfuil ábhar an tíolacais saor ó gach éileamh, eastát, eire agus leas.
- (4) Go ndéanfaidh an cúnantóir, ar chostas an chúnantóra féin, cibé gníomh is gá chun árachas níos fearr a fháil d'ábhar an tíolacais de réir mar a dhéanfaidh an duine dá ndéantar an tíolacas agus na daoine a fhaigheann teideal faoin duine sin a éileamh le réasún ó am go ham.

Mír 2

Tíolacais Aicme 2

Cúnaint atá intuigthe i dtíolacas (seachas morgáiste) talún ar chomaoin luachmhar, is talamh atá ar áireamh i léas, arna dhéanamh ag duine a saindeirtear é nó í a bheith ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”.

- (1) go (4) Cúnaint (1) go (4) i mír 1.
- (5) Gur léas bailí éifeachtúil tráth an tíolacais an léas lenar cruthaíodh ábhar an tíolacais.
- (6) Go bhfuil an cíos a fhorchoimeádtar leis an léas íoctha suas go dtí tráth an tíolacais agus go bhfuil na cúnaint atá sainráite nó intuigthe sa léas comhlíonta agus urramaithe ag an léasaí.

Ní bheidh an chúnantóir faoi dhliteanas i leith cúnaint (5) agus (6) ach amháin i dtaca leo seo a leanas—

- (a) aon ghníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid an chúnantóra nó daoine a thagann faoi réim aicme (ii) de mhír 1 i gCuid 1, agus
- (b) maidir leis na cúnaint a luaitear i gcúnant (6), sárúithe arb éard is cúis leo na gníomhartha agus na neamhghníomhartha sin nach bhféadfaí na hiarmhairtí a bhaineann leo a fhionnadh ar an talamh a tíolacadh a iniúchadh go réasúnach.

Mír 3

Tíolacais Aicme 3

Cúnaint atá intuigthe i dtíolacas arb éard é morgáiste talún (seachas talamh atá ar áireamh i léas), arna dhéanamh ag duine a saindeirtear é nó í a bheith ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”.

- (1) go (4) Cúnaint (1) go (4) i mír 1

Tá na cúnaint sin faoi réir na n-athruithe seo a leanas, is é sin le rá—

- (a) baineann dliteanas i leith aon sárúithe ar na cúnaint leis na gníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid aon duine, cibé acu a thagann nó nach dtagann an duine sin faoi réim na n-aicmí duine a leagtar amach i mír 1 de Chuid 1;
- (b) ní intuigthe i gcoinne aon mhorgáisteora cúnant (2) (i ndáil le sealúchas síothach) go dtí go mbeidh an morgáistí tar éis dul go dleathach i seilbh na talún a tíolacadh.

Mír 4

Tíolacais Aicme 4

Cúnaint atá intuigthe i dtíolacas arb éard é morgáiste talún atá ar áireamh i léas, arna dhéanamh ag duine a saindráitear é nó í a bheith ag tíolacadh “mar úinéir tairbhiúil”.

- (1) go (4) Cúnaint (1) go (4) i mír 1, faoi réir na n-athruithe a luaitear i mír 3.
- (5) Maidir leis an deontas nó an léas lenar cruthaíodh an t-eastát as ar cruthaíodh ábhar an tíolacais, gur deontas nó léas bailí éifeachtúil é tráth an tíolacais agus go bhfuil an cíos a fhorchoimeádtar leis an deontas nó an léas íoctha suas go dtí an tráth sin agus go bhfuil na cúnaint atá sainráite nó intuigthe sa deontas nó sa léas, comhlíonta agus urramaithe.
- (6) Go ndéanfaidh an cúnantóir ó am go ham, fad a bheidh aon airgead dlite ar urrús na talún a tíolacadh, an cíos a fhorchoimeádtar leis an deontas nó an léas a íoc agus na cúnaint ann a chomhlíonadh agus a urramú agus an duine dá ndéantar an tíolacas a shlánú i leith aon iarmhairtí a bhainfidh leis an gcúnant seo a shárú.

Mír 5

Tíolacais Aicme 5

Cúnant atá intuigthe i dtíolacas arna dhéanamh ag duine a saindeirtear é nó í a bheith ag tíolacadh “mar iontaobhaí”, “mar mhorgáistí”, “mar ionadaí pearsanta” nó faoi ordú ón gcúirt.

Nár chuir an cúnantóir faoi deara, de bhua aon ghnímh nó neamhghnímh de chuid an chúnantóra, go ndlítear an teideal chun an eastáit nó an leasa a tíolacadh a tháinseamh trí aon eire a bheith ar marthain ná nár fhág sé nó sí an cúnantóir neamhábalta an t-eastát nó an leas sin a thíolacadh sa tslí ina saindeirtear é a bheith tíolactha.

CUID 3

CÚNAINT INTUIGTHE BHREISE I NDÁIL LE TALAMH A ÁIRÍTEAR I LÉAS

Mír 1

Tíolacais Aicme 6

Cúnaint bhreise atá intuigthe i dtíolacas (seachas morgáiste), ar chomaoin luachmhar, aon cheann díobh seo a leanas—

- (a) *iomlán na talún a áirítear i léas, nó*
- (b) *cuid den talamh a áirítear i léas, faoi réir coda den chíos a fhorchoimeádtar leis an léas agus a cionroinneadh, nó atá á cionroinnt leis an tíolacas, le toiliú an léasóra,*

ar feadh a bhfuil fágtha den téarma, nó den leas, a chruthaítear leis an léas.

- (1) *Go ndéanfaidh an sannaí, nó an duine a fhaigheann teideal faoin sannaí, gach tráth, ó dháta an tíolacais nó ó dháta eile a luaitear ann, gach cíos a thiocfaidh chun bheith*

dlite faoin léas lena gcruthaítear an t-eastát dá dtíolactar an talamh, nó, de réir mar a bheidh, cibé cuid den chíos sin a cionroinneadh ar an talamh a tíolacadh, a íoc go cuí agus na cúnaint go léir, atá ann agus atá le hurramú agus le comhlíonadh ar pháirt an léasaí, a urramú agus a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann siad leis an talamh a tíolacadh.

- (2) Go ndéanfaidh an sannaí, gach tráth, ón dáta sin, an sannóir agus eastát an tsannóra agus a n-eastáit a shlánú ó gach éileamh, costas agus imeacht, agus ina gcoinne, mar gheall ar aon neamhghníomh i ndáil leis an gcíos, nó leis an gcuid den chíos a cionroinneadh amhlaidh, a íoc, nó mar gheall ar aon sárú ar aon cheann de na cúnaint, a mhéid a bhaineann siad leis an talamh a tíolacadh.

Mír 2

Tíolacais Aicme 7

Cúnaint bhreise atá intuigthe i dtíolacas (seachas morgáiste), ar chomaoin luachmhar, cuid den talamh a áirítear i léas, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma, nó den leas, a chruthaítear leis an léas, faoi réir cuid den chíos a fhorchoimeádtar leis an léas agus a cionroinneadh, nó atá á cionroinnt leis an tíolacas, gan toiliú an léasóra.

- (1) *I ngach cás* Go ndéanfaidh an sannaí gach tráth, ó dháta an tíolacais, nó ó dháta eile a luaitear ann, an cíos cionroinnte a íoc agus na cúnaint go léir (seachas an cúnant i ndáil leis an gcíos uile a íoc) atá sa léas lena gcruthaítear an t-eastát dá dtíolactar an talamh, agus atá le hurramú agus le comhlíonadh ar pháirt an léasaí, a urramú agus a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann an céanna leis an talamh a tíolacadh; agus freisin go ndéanfaidh sé nó sí gach tráth ón dáta sin an sannóir agus eastát an tsannóra a shlánú ó gach éileamh, costas agus imeacht, agus ina gcoinne, mar gheall ar aon neamhghníomh i ndáil leis an gcíos cionroinnte a íoc nó mar gheall ar aon sárú ar aon cheann de na cúnaint sin.
- (2) *I gcás ina saindeirtear an páirtí atá ag tíolacadh a bheith ag tíolacadh “mar úinéir tairbhíúil”* Go ndéanfaidh an sannóir, nó na daoine a ghabhann teidil faoin sannóir, gach tráth, ó dháta an tíolacais, nó ó dháta eile a luaitear ann, iarmhéid an chíosa (tar éis an cíos cionroinnte a dúradh agus aon chíosanna eile arna gcionroinnt ar a shamhail de chuma i leith talún nach gcoinnítear a asbhaint) a íoc agus na cúnaint go léir (seachas an cúnant i ndáil leis an gcíos uile a íoc) atá sa léas agus atá le hurramú agus le comhlíonadh ar pháirt an léasaí a mhéid a bhaineann siad leis an talamh a forléasadh (seachas an talamh a áirítear sa tíolacas) agus a leanann de bheith dlísiithe don sannóir, a urramú agus a chomhlíonadh; agus déanfaidh sé nó sí nó siad freisin, gach tráth, ón dáta sin, an sannaí, agus eastát an tsannaí, a shlánú ó gach éileamh, costas agus imeacht, agus ina gcoinne, mar gheall ar aon neamhghníomh i ndáil le hiarmhéid an chíosa a íoc nó mar gheall ar aon sárú ar aon cheann de na cúnaint sin.